An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0054/2019**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# SCÉIMEANNA SAOIRE DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE ATÁ FOSTAITHE I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA

De bhun na cumhachta atá in alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta atá luaite a chur chun feidhme do mhúinteoirí cláraithe incháilithe atá fostaithe i bpoist teagaisc cheadaithe a chistítear le hairgead ón Oireachtas. Tá feidhm ag na nósanna imeachta seo maidir le múinteoirí atá ag fáil tuarastal breisíoch faoi chonradh buan, faoi chonradh tréimhse éiginnte nó faoi chonradh téarma shocraithe (e.g. múinteoirí lánaimseartha sealadacha, múinteoirí páirtaimseartha rialta), mar a shainmhínítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003.

Ní mór do gach fostóir agus do gach múinteoir cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha comhaontaithe atá luaite, le héifeacht ó dháta an Chiorcláin seo.

Cuirtear an Ciorclán seo in ionad na gCaibidlí a bhaineann le scéimeanna saoire atá in Eagrán 2 den doiciméad "Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta". Cuirtear é in ionad na gciorclán, na meabhrán, na rialacha agus na rialachán uile a eisíodh roimhe seo sna réimsí lena mbaineann freisin.

Cinntigh go dtarraingeofar aird na mball uile den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead, ar a bhfuil sa Chiorclán seo.

Ba cheart gach ceist a chur ar dtús ar an bhfostóir, ar féidir go mbeidh sé ag iarraidh dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch ina leith. Féadfar aon cheisteanna eile a chur ar an Roinn ach ríomhphost a chur chuig an seoladh seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

| | |
|---|---|
| Alfie Barrett | Padraig Maloney |
| Príomhoifigeach | Príomhoifigeach |
| An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha – Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta | An Rannóg Párolla |

1 Meán Fómhair 2019

Clár Ábhar


FORÁLACHA GINEARÁLTA ....4

**CAIBIDIL 1 – AN SCÉIM SAOIRE BREOITEACHTA .... 9**

Aguisín A - An Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí....23

Aguisín B – Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta i leith Forálacha Tinnis Chriticiúil....39

Aguisín C - Ríomhanna Samplacha maidir le Tinneas a bhaineann le Toircheas....44

Aguisín D – Défhéachaint Siar....45

**CAIBIDIL 2 – AN SCÉIM SAOIRE MÁITHREACHAIS .... 47**

Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire Mháithreachais....59

Aguisín B - Nósanna Imeachta maidir le Saoire Mháithreachais a Thaifeadadh ....60

Aguisín C (i) - Bileog Oibre Ríofa Shamplach le haghaidh Saoire Mháithreachais....63

Aguisín C (ii) - Saoire Mháithreachais Fhadaithe Shamplach i gcás Breith Réamhaibí....64

Bileog Oibre Ríofa ....64

**CAIBIDIL 3 – AN SCÉIM SAOIRE UCHTAÍCHE .... 65**

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Uchtaíoch ....73

Aguisín B - Nósanna imeachta a bhaineann le Saoire Uchtaíoch a Thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne ....75

Aguisín C – Ríomh Samplach Saoire Uchtaíche....76

**CAIBIDIL 4 – AN SCÉIM SAOIRE ATHARTHACHTA .... 77**

Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire Atharthachta ....83

**CAIBIDIL 5 – AN SCÉIM SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ .... 85**

Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí ....93

Aguisín B – Doiciméad Deimhniúcháin le haghaidh Saoire do Thuismitheoirí ....95

**CAIBIDIL 6 – AN SCÉIM SAOIRE CÚRAMÓRA .... 97**

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Cúramóra ....103

Aguisín B – Doiciméad Deimhniúcháin le haghaidh Saoire Cúramóra ....104

**CAIBIDIL 7 – AN SCÉIM SOS GAIRME .... 106**

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shos Gairme ....113

**CAIBIDIL 8 – AN SCÉIM POSTROINNTE .... 115**

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Phostroinnt....123

**CAIBIDIL 9 – AN SCÉIM ATHSHANNACHÁIN SHEALADAIGH DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE 126**

Aguisín A – Foirm Iarratais ar Athshannachán Sealadach ....129

**CAIBIDIL 10 – SAOIRE BHLIANTÚIL REACHTÚIL/LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ REACHTÚLA.. 131**

Aguisín A – Ríomhanna Samplacha maidir le Saoire Bhliantúil a Fhabhrú .............................134

**CAIBIDIL 11 – SAOIRE NEAMHÍOCTHA ................................................................................ 135**

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Neamhíoctha................................................................137

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### 1. Beartas an Fhostóra maidir le Neamhláithreachtaí Múinteora

1.1 Ba cheart do gach fostóir beartas a fhorbairt agus a chothabháil maidir le neamhláithreachtaí múinteora, lena n-áirítear scéimeanna neamhreachtúla, e.g. Postroinnt, Sosanna Gairme agus Saoire Neamhíoctha. Is beartas é sin a bhainfidh go sonrach le riachtanais an údaráis scoile. Agus an beartas á dhréachtú, ní mór tús áite a thabhairt do leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí thar rud ar bith eile. Ní mór an beartas a bheith i gcomhréir le rialacha an Chiorcláin seo freisin.

1.2 Tabharfar aird chuí sa bheartas ar an gcumas atá ag an scoil na hoibleagáidí atá uirthi i leith a cuid daltaí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, féadfar teorainn a chur leis an líon ball foirne teagaisc a fhéadfaidh leas a bhaint as scéimeanna saoire neamhreachtúla ag aon am ar leith. Ní mór d'fhostóirí breithniú a dhéanamh ar iarratais i gcomhthéacs saoire reachtúla agus neamhreachtúla eile agus ní mór dóibh aird a thabhairt ar an bhfáil atá ar mhúinteoir ionaid atá cáilithe go cuí.

### 2. Saoire a Thaifeadadh

2.1 Ní mór gach saoire cheadaithe íoctha agus neamhíoctha, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil múinteoir ionaid fostaithe, a thaifeadadh ar bhealach tráthúil ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann nó, nuair is iomchuí, ar an bhfoirm bhliantúil um Athrú Foirne. Is féidir go dtiocfaidh ró-íocaíochtaí tuarastail as aon mhainneachtain déanamh amhlaidh.

2.2 I gcás go ndéanfar ró-íocaíocht tuarastail, aisghabhfar an ró-íocaíocht ina hiomláine ó íocaíochtaí tuarastail a gheobhaidh an múinteoir amach anseo ar aon dul le Ciorclán 84/2015 dar teideal "Beartas agus Nósanna Imeachta chun Ró-íocaíochtaí Tuarastail nó Pinsin a Aisghabháil" nó, i gcás múinteoirí atá fostaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna, ar aon dul le Ciorclán 32/2016 dar teideal "Beartas agus Nósanna Imeachta chun Ró-íocaíochtaí Tuarastail a Aisghabháil". Déanfar amhlaidh tar éis fógra a thabhairt don Phámháistir.

2.3 Is ar an múinteoir a bheidh an fhreagracht deiridh as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ina (h)iarratas cruinn. Mar an gcéanna, is ar an bhfostóir a bheidh an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil an tsaoire cheadaithe atá taifeadta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ag teacht leis an taifead saoire. Ní fhéadfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna aon saoire atá taifeadta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann a athrú ina dhiaidh sin, ach amháin sna himthosca is eisceachtúla.

## 3. Faireachán a Dhéanamh ar Shaoire

3.1 Ar aon dul leis an dea-chleachtas, ba cheart don fhostóir faireachán a dhéanamh ar neamhláithreachtaí chun patrúin a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní a shainaithint ar mhaithe le tacú le folláine an mhúinteora.

## 4. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarma Shocraithe/Chuspóra Shocraithe

4.1 Aon mhúinteoir atá ar chonradh fostaíochta téarma shocraithe/cuspóra shocraithe, beidh lánteidlíochtaí saoire aige/aici i leith saoirí reachtúla le linn théarma an chonartha. Is féidir go mbeidh sé/sí i dteideal cineálacha saoire eile freisin. I gcás go ndeonófar nó go dtógfar saoire den sórt sin, níor cheart aon difear a dhéanamh don cheapachán téarma shocraithe/cuspóra shocraithe ná do cheapachán den sórt sin a athnuachan.

4.2 Scoirfidh múinteoir de bheith i dteideal saoire ar dhul in éag an chonartha, i gcás nach ndéanfar an conradh sin a athnuachan. Ní scoirfidh múinteoir de bheith i dteideal saoire, áfach, i gcás go mbeidh conradh leantach i bpost teagaisc ceadaithe a chistítear le hairgead ón Oireachtas ag teacht go díreach sna sála ar an gconradh sin.

## 5. Teidlíochtaí Saoire ar Ath-imlonnú

5.1 Aon mhúinteoir atá le cur ar phainéal ath-imlonnaithe agus atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar scéim saoire a chumhdaítear faoin gCiorclán seo, ba cheart dó/di féachaint ar na foilseacháin ábhartha ón Roinn chun faisnéis a fháil faoi shocruithe ath-imlonnaithe.

## 6. Poist Cheannaireachta agus Bhainistíochta

6.1 Aon mhúinteoir atá as láthair ar aon cheann de na cineálacha saoire dá dtagraítear sa Chiorclán seo, ba cheart fógra a thabhairt dó/di faoi aon phost folamh Ceannaireachta agus Bainistíochta atá ann laistigh den scoil. Ba cheart don fhostóir cóip den fhógra faoin bpost a sheoladh chuig an múinteoir tríd an bpost cláraithe nó trí ríomhphost ach úsáid a bhaint as an seoladh ba dhéanaí a cuireadh in iúl.

## 7. Conradh le linn Saoire

7.1 Ar mhaithe le cultúr dearfach folláine a chothabháil sa scoil, meastar gur dea-chleachtas é teagmháil chuí a choinneáil idir an fostóir agus an múinteoir le linn tréimhsí saoire. Le linn na teagmhála sin, ba cheart díriú ar leas an mhúinteora agus ar a f(h)illeadh rathúil ar an obair a éascú.

**8. Comhlíonadh**

8.1 Is faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe a fhéadfar déileáil le haon mhainneachtain cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chiorclán seo agus is féidir go scoirfear de thuarastal a íoc le múinteoirí agus/nó go dtarraingeofar cumhdach ionaid siar do scoileanna dá bharr sin.

8.2 I gcás neamhláithreacht neamhcheadaithe, ba cheart fógra a thabhairt don mhúinteoir gurb é an toradh a bheidh ar aon neamhláithreacht den sórt sin go ndéarfaidh an fostóir leis an bPámháistir an neamhláithreacht a thaifeadadh mar Shaoire Neamhcheadaithe (neamhíoctha) ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

**9. Seoladh Comhfhreagrais**

9.1 Seolfaidh an fostóir an comhfhreagras riachtanach ar fad chuig an múinteoir ach úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist/an seoladh baile ba dhéanaí a cuireadh in iúl. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir i gcás nach bhfaighidh an múinteoir an comhfhreagras sin.

**10. Doiciméid a Choinneáil**

10.1 I dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann, ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le neamhláithreachtaí múinteora a choinneáil in áit shlán shábháilte agus ar aon dul leis an mbeartas cosanta sonraí agus na rialacháin chosanta sonraí atá i bhfeidhm ag an scoil. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne. I gcás Saoire do Thuismitheoirí, tá oibleagáid reachtúil ar an bhfostóir faoin Acht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2019, na taifid sin a choinneáil ar feadh 12 bhliain ar a laghad.

## SAINMHÍNITHE

Chun críche an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt:

**Cáilithe go Cuí** – ciallaíonn sé seo go sealbhaíonn an múinteoir cáilíochtaí atá oiriúnach don phost agus go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta don earnáil ina bhfuil sé/sí le fostú.

**Post teagaisc ceadaithe** – ciallaíonn sé seo post teagaisc, bíodh sé lánaimseartha nó páirtaimseartha, a leithdháileann an Roinn é agus a chistítear le hairgead ón Oireachtas.

**Conradh Leantach** – ciallaíonn sé seo conradh a thagann go díreach sna sála ar an gconradh roimhe, rud nach bhfuil aon bhriseadh i seirbhís i gceist leis: e.g. i gcás go dtiocfaidh conradh amháin chun deiridh an 31 Lúnasa agus go mbeidh feidhm ag an gconradh nua ón 1 Meán Fómhair an bhliain chéanna.

**Scoil Bhunáite** – ciallaíonn sé seo an scoil ina bhfuil an múinteoir fostaithe.

**CID** – ciallaíonn sé seo Conradh Tréimhse Éiginnte.

**DEASP** – ciallaíonn sé seo an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

**Fostóir** – i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna agus, i gcás bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as nithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo a tharmligean, de réir mar is cuí.

**ETB** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna.

**GDPR** – ciallaíonn sé seo an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679).

**Óstscoil** – ciallaíonn sé seo an scoil ina n-oibríonn an múinteoir le linn socrú postroinnte/athshannacháin shealadaigh idirscoile.

**An Bhliain Saoire** – ciallaíonn sé seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa gach bliain, agus an dá dháta sin san áireamh.

**An tSeirbhís Sláinte Ceirde** – ciallaíonn sé seo soláthraithe a chuireann comhairle leighis neamhspleách ar an bhfostóir maidir le sláinte cheirde.

**An Córas Éileamh ar Líne** – ciallaíonn sé seo an córas a úsáidtear chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus chun éilimh a chur isteach lena n-íoc le múinteoirí páirtaimseartha ionaid agus neamhrialta. Tá an córas i bhfeidhm i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha faoi láthair.

**Pámháistir** – ciallaíonn sé seo an duine/an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna an pámháistir do mhúinteoirí i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha agus is é an Bord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann an pámháistir do mhúinteoirí i ngairmscoileanna/i gcoláistí pobail.

**ÁSPC** – ciallaíonn sé seo Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa.

**Scoil Aitheanta** – ciallaíonn sé seo scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

**Scoilbhliain** – ciallaíonn sé seo an tréimhse a shaineoidh an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile. San am i láthair, tosaíonn sí an 1 Meán Fómhair agus críochnaíonn sí an 31 Lúnasa.

**Fear-Uchtaitheoir Aonair** – ciallaíonn sé seo múinteoir is fear ar cuireadh leanbh, nó a bhfuil leanbh le cur, faoina chúram aonair, faoi réir ceadú a fháil ó Údarás Uchtála na hÉireann.

**Múinteoir** – ciallaíonn sé seo duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**An Roinn** – ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Saoire Neamhcheadaithe (neamhíoctha)** – ciallaíonn sé seo saoire a thógann múinteoir gan ceadú a fháil ón bhfostóir.

**Féach Ciorclán 0013/2024 maidir leis an Scéim Saoire Breoiteachta, a ghabhann ionad Chaibidil 1 (An Scéim Saoire Breoiteachta) faoin gCiorclán seo.**

## CAIBIDIL 1 – AN SCÉIM SAOIRE BREOITEACHTA

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Saoire Breoiteachta**

1.1 Rialáiltear Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí, a bhfuil feidhm aici maidir le múinteoirí, leis na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta), 2014 (I.R Uimh. 124 de 2014), arna leasú leis na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 384 de 2015).

1.2 Sainmhínítear tréimhse tinnis mar thréimhse ina bhfuil múinteoir neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun na lándualgais atá air/uirthi a chur i gcrích, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an scoil is fostóir ar oscailt.

1.3 Féadfar Saoire Bhreoiteachta a dheonú d'aon mhúinteoir nach bhfuil in ann na dualgais atá air/uirthi a chur i gcrích

- de bharr tinnis, díobhála *nó*
- le linn dó/di bheith as láthair chun seirbhísí leighis a fháil (e.g. Dochtúir/Fiaclóir), ar choinníoll nach bhféadfaí coinní den sórt sin a eagrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó de laethanta oibre.

1.4 Is é an aidhm atá le Saoire Bhreoiteachta a dheonú do mhúinteoir atá tinn ná deis leordhóthanach a thabhairt don mhúinteoir téarnamh ón tinneas agus óna éifeachtaí ionas go mbeidh sé/sí in ann filleadh go luath ar dhualgais gan aon dóchúlacht a bheith ann go dtiocfadh an tinneas ar ais. Ba cheart do mhúinteoir comhoibriú go hiomlán le gach beart athshlánúcháin ar mhaithe le luathfhilleadh ar an obair a éascú.

1.5 Ríomhtar tréimhsí Saoire Breoiteachta go cúlghabhálach agus áirítear leo laethanta deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil múinteoir le bheith i láthair de réir an tráthchláir (e.g. postroinnteoirí) laistigh den tréimhse neamhláithreachta.

1.6 Bheadh sé contrártha do chuspóir sainráite na Scéime Saoire Breoiteachta gabháil d'aon ghníomhaíocht (e.g. taisteal thar lear, fostaíocht shochrach nó féinfhostaíocht) a d'fhéadfadh an tSeirbhís Sláinte Ceirde a mheas a bheith ina bac ar théarnamh an mhúinteora. Dá bhrí sin, ba cheart ceadú a lorg ón bhfostóir sula ngabhfar d'aon ghníomhaíocht den sórt sin agus ní mór don fhostóir comhairle a lorg ón tSeirbhís Sláinte Ceirde sula ndéanfaidh sé cinneadh ar an ní.

**2. An Straitéis Sláinte Ceirde**

2.1 Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm chun a bheith ina hacmhainn thacúil do mhúinteoirí. Tá sé mar aidhm leis an straitéis dea-shláinte múinteoirí a chur chun

cinn san áit oibre, agus béim á cur go príomha ar dhrochshláinte a chosc seachas í a leigheas. Is é atá sa Straitéis Sláinte Ceirde ná an Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

2.2 Mar chuid den Chlár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe, soláthraítear comhairleoireacht rúnda ar shaincheisteanna amhail sláinte, caidreamh, méala, strus, coinbhleacht, teagmhais chriticiúla agus tráma. Soláthraítear seirbhísí amhail comhairle maidir leis an saol teaghlaigh, sainfhaisnéis agus tacaíocht do bhainisteoirí freisin.

2.3 Is é **1800 411 057** uimhir Líne Chabhrach Saorghlao an Chláir Chúnaimh agus Folláine Fostaithe agus bíonn sí ar fáil 24 huaire sa lá, 365 lá sa bhliain.

2.4 Tá an tSeirbhís Sláinte Ceirde i bhfeidhm chun comhairle sláinte ceirde a thabhairt d'fhostóirí maidir le feidhmiúlacht múinteoirí chun oibre. Cuimsítear inti measúnuithe sláinte réamhfhostaíochta, atreoruithe neamhláithreachta de bharr tinnis, measúnuithe ar fheidhmiúlacht leighis chun oibre agus measúnuithe ar scor de bharr drochshláinte. Is féidir faisnéis faoi conas is féidir seirbhísí na Seirbhíse Sláinte Ceirde a rochtain a fháil sa Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí, atá le fáil in Aguisín A.

## 3. Múinteoirí a Atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde

3.1 Faoi alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá dualgas ar an bhfostóir "sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a áirithiú, a mhéid is indéanta le réasún". Is ann don tSeirbhís Sláinte Ceirde chun cabhrú leis an bhfostóir an dualgas sin a chur i gcrích.

3.2 Is é soláthraí na Seirbhíse Sláinte Ceirde, atá faoi chonradh ag an Roinn, an t-aon chomhlacht aitheanta aonair a sholáthraíonn comhairle leighis neamhspleách do mhúinteoirí agus d'fhostóirí. Is é ceann de na ceanglais faoin Scéim Saoire Breoiteachta go seasfadh gach fostóir agus múinteoir leis an measúnú leighis ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

3.3 Dá bhrí sin, ní mór don fhostóir an múinteoir a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde chun measúnú leighis neamhspleách a fháil. Áirítear leis sin cásanna:-

a) Ina raibh múinteoir as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta ar feadh ceithre seachtaine (28 lá) as a chéile nó san iomlán i dtréimhse rollach 12 mhí de sheirbhís teagaisc.

b) Ina bhfuil ábhair imní réasúnta ann maidir leis an gcumas atá ag an múinteoir tabhairt go sábháilte faoi na dualgais atá air/uirthi, mar shampla roinnt neamhláithreachtaí gearrthéarmacha Saoire Breoiteachta, ábhair imní maidir le comhlíonadh dualgas de bharr tosca sláinte, tosca oibre a

d’fhéadfadh a bheith ag déanamh dochar do shláinte an mhúinteora agus fadhbanna alcóil/drugaí.

c) Ina ndearna múinteoir iarratas ar Shaoire Bhreoiteachta fhadaithe faoi na Forálacha Tinnis Chriticiúil.

d) Ina bhfuil Freastal Réasúnta á bhreithniú.

e) Ina bhfuil scor de bharr drochshláinte á bhreithniú.

f) Ina bhfuil múinteoir ag iarraidh go dtabharfaí neamhaird ar Shaoire Bhreoiteachta le linn tréimhse dúnta scoile, mar a phléitear i mír 12.4.

g) Inar gá a bhunú cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht a bhfuil sé beartaithe ag an múinteoir gabháil di le linn Saoire Bhreoiteachta cuí dá t(h)éarnamh, mar a phléitear i mír 1.7.

h) Inar gá measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht leighis chun oibre, tar éis neamhláithreacht a mhair níos mó ná dhá scoilbhliain. Ní mór an múinteoir a dheimhniú a bheith feidhmiúil ó thaobh leighis de chun oibre sula bhfillfidh sé/sí ar an obair tar éis neamhláithreacht den sórt sin.

i) Inar gá measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht leighis chun oibre, e.g. i gcás go mbeidh an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta díreach sula dtosóidh sé/sí Saoire Cúramóra.

j) Ina bhfuil Saoire Sláinte agus Sábháilteachta á breithniú do mhúinteoir torrach, mar a phléitear i mír 14 den Chaibidil maidir le Saoire Mháithreachais.

k) Inar gá measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht leighis chun oibre nuair atá breithniú á dhéanamh ar Shaoire Bhreoiteachta Neamhíoctha a fhadú.

3.4 Ceanglaítear ar an múinteoir comhoibriú agus dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Cé nach mbeidh sé riachtanach freastal ar mheasúnú ina lán cásanna, is faoin tSeirbhís Sláinte Ceirde a bheidh sé a chinneadh cé na himthosca ina gceanglófar ar mhúinteoir freastal ar mheasúnú leighis agus/nó a shocrú go dtarchuirfí tuairisc chuimsitheach Dochtúir go Dochtúir (ón dochtúir a bhfuil an múinteoir faoina c(h)úram) chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

## 4. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire Bhreoiteachta agus í a Thaifeadadh

4.1 Aon mhúinteoir atá as láthair de bharr tinnis, ní mór dó/di fógra a thabhairt, nó socruithe cuí a dhéanamh chun fógra a thabhairt, don fhostóir faoi sin a luaithe is féidir ar an gcéad lá den neamhláithreacht. Nuair is féidir, ba cheart don mhúinteoir fad dóchúil na neamhláithreachta a chur in iúl.

4.2 Ceanglaítear ar fhostóirí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar phatrúin Saoire Breoiteachta.

4.3 Ba cheart don fhostóir ráiteas mionsonraithe faoi na neamhláithreachtaí Saoire Breoiteachta uile a sholáthar do gach múinteoir ach é a iarraidh agus ba cheart tuairisc amháin ar a laghad a sholáthar gach bliain. Tá an fhaisnéis sin ar fáil ar an

gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

## 5. Ceanglais Saoire Breoiteachta Féindeimhnithe agus Deimhnithe

### 5.1 Saoire Bhreoiteachta Fhéindeimhnithe

(a) Is é seacht lá an líon uasta laethanta Saoire Breoiteachta féindeimhnithe is incheadaithe in aon tréimhse rollach dhá bhliain as a chéile, áit a gcomhairtear siar ón neamhláithreacht Saoire Breoiteachta féindeimhnithe is déanaí.

(b) Féadfar aon íocaíocht i leith Saoire Bhreoiteachta fhéindeimhnithe a mhodhnú nó a tharraingt siar, tar éis próis chuí, i gcásanna ina mbítear as láthair go rómhinic nó ina ndruidtear leis an líon uasta laethanta go rialta nó ina dtógtar iad bliain i ndiaidh bliana.

(c) Ní bhainfidh múinteoir leas as tréimhse Saoire Breoiteachta féindeimhnithe díreach tar éis dó/di Saoire Bhreoiteachta dheimhnithe a thógáil.

### 5.2 Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe

(a) I gcás go mbeidh múinteoir as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta leanúnach ar feadh níos mó ná an líon údaraithe laethanta atá leagtha amach thíos, beidh deimhniú dochtúra ag teastáil uaidh/uaithi.

- Bunscoileanna agus scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna: Trí lá scoile as a chéile ar a mhéad.
- Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha: Ceithre lá scoile as a chéile ar a mhéad.

(b) Chun go nglacfar leis an deimhniú dochtúra, ní mór:

- é a bheith sínithe ag lia-chleachtóir atá cáilithe go cuí agus atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe nó le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann. In imthosca eisceachtúla, is féidir go nglacfar le deimhnithe dochtúra ó lia-chleachtóirí thar lear, mar shampla i gcás go n-éireoidh múinteoir tinn agus é/í thar lear nó go mbeidh sé/sí ag fáil cóireáil leighis aitheanta nach bhfuil ar fáil in Éirinn. Ní mór comhairle a lorg ón tSeirbhís Sláinte Ceirde in imthosca den sórt sin.
- tréimhse nach mó ná seachtain amháin a chumhdach ann de ghnáth. Mar sin féin, is féidir go gceadófar deimhniúchán i leith tréimhsí suas le haon mhí faoi lánrogha an fhostóra.
- a lua ann cé acu atáthar nó nach bhfuiltear feidhmiúil chun oibre.

5.3 Ní gá cineál an tinnis a lua ar dheimhniú dochtúra.

5.4 I gcás go mainneofar cloí leis an teorainn atá ceadaithe le haghaidh Saoire Bhreoiteachta fhéindeimhnithe agus go mainneofar deimhniú dochtúra inghlactha a chur isteach chuig an bhfostóir i leith Saoire Bhreoiteachta dheimhnithe, tabharfaidh an fostóir fógra don mhúinteoir go dtaifeadfaidh an Pámháistir an neamhláithreacht mar thréimhse Saoire Neamhcheadaithe (neamhíoctha). Féadfaidh an fostóir déileáil le neamhláithreachtaí a tharlaíonn arís agus arís eile faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ansin.

5.5 Ní mór d'fhostóirí rúndacht na faisnéise uile a bhaineann leis na taifid Saoire Breoiteachta de chuid múinteoirí aonair a chosaint. Baineann sé sin go háirithe le deimhnithe dochtúra.

**6. Forálacha Gnáth-Thinnis**

6.1 Aon mhúinteoir atá as láthair ó dhualgais de bharr tinneas pearsanta nó díobháil phearsanta, féadfar Saoire Bhreoiteachta íoctha a dheonú dó/di:

- Ar lena linn a gheobhaidh sé/sí lánphá ar feadh trí mhí (92 lá) ar a mhéad in aon bhliain
- Ar ina diaidh a gheobhaidh sé/sí leathphá ar feadh trí mhí (91 lá) ar a mhéad
- A bheidh faoi réir tréimhse uasta Saoire Breoiteachta íoctha sé mhí (183 lá) in aon tréimhse rollach ceithre bliana.

**7. Forálacha Tinnis Chriticiúil**

7.1 Aon mhúinteoir a éireoidh éagumasach de bharr tinneas criticiúil nó díobháil choirp throm agus a mbeidh fianaise leighis tacaíochta aige/aici, féadfar, tar éis dó/di iarratas a dhéanamh, forálacha tinnis chriticiúil a dheonú dó/di in imthosca eisceachtúla, mar a fhoráiltear dó i Moladh (LCR 20667) ón gCúirt Oibreachais. Beidh feidhm ag na teorainneacha seo a leanas:

- Lánphá a fháil ar feadh sé mhí (183 lá) ar a mhéad in aon bhliain
- Leathphá a fháil ar feadh sé mhí (182 lá) ar a mhéad
- Faoi réir tréimhse uasta Saoire Breoiteachta íoctha 12 mhí (365 lá) in aon tréimhse rollach ceithre bliana.

7.2 Is é an fostóir a chinnfidh cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar forálacha tinnis chriticiúil, tar éis dó an chomhairle leighis ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a bhreithniú.

7.3 Sna Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta i leith Forálacha Tinnis Chriticiúil, atá le fáil in <u>Aguisín B</u>, tugtar cúnamh chun fostóirí a threorú tríd an bprótacal um fhorálacha tinnis chriticiúil agus tríd an bpróiseas cinnteoireachta ina leith.

7.4 Ba cheart iarrachtaí cuí a dhéanamh chun freastal ar mhúinteoirí atá ag luathchéim dá neamhláithreacht Saoire Breoiteachta ar mhaithe lena bhfilleadh ar an obair a éascú. Féach an rannán <u>Freastal Réasúnta</u>.

7.5 Cuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl don fhostóir cé acu, ina tuairim féin, a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir leighis seo a leanas, a úsáidtear chun a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an múinteoir incháilithe d'fhorálacha tinnis chriticiúil:

1) Tá an múinteoir neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun filleadh ar na dualgais reatha atá air/uirthi nó, nuair is indéanta, ar dhualgais mhodhnaithe ag an ngrád pá céanna.
2) Gabhann **ceann amháin ar a laghad** de na saintréithe seo a leanas leis an riocht leighis atá i gceist:

(a) Géarthinneas coirp atá bagrach don bheatha

(b) Tinneas ainsealach forchéimnitheach, a bhfuil acmhainneacht dhea-bhunaithe aige an t-ionchas saoil a laghdú. Baineann an acmhainneacht sin leis an riocht i gcoitinne, seachas an duine aonair. Ní mór go bhfuil sé dea-bhunaithe i litríocht leighis a bhfuil athbhreithniú piaraí déanta uirthi go laghdaíonn an riocht leighis an t-ionchas saoil.

(c) Mórthráma coirp, ar gnách go dteastaíonn géarchóireáil mháinliachta cheartaitheach ina leith.

(d) Cúram ospidéil othar cónaitheach nó lae a mhaireann deich lá nó níos mó as a chéile. I gcás tinneas a bhaineann le toircheas, laghdófar an líon sin go dhá lá nó níos mó as a chéile a chaitheamh faoi chúram ospidéil/clinic othar cónaitheach.

7.6 I gcás go mbeidh gnáth-thinneas (tinneas nach meastar gur tinneas criticiúil é) ar mhúinteoir laistigh de thréimhse 12 mhí ón dáta a d'fhill sé/sí ar an obair tar éis an tinnis chriticiúil, beidh feidhm ag na forálacha tinnis chriticiúil.

7.7 I gcás nach mbeidh múinteoir in ann filleadh ar an obair toisc go raibh moill ann ar é/í a bheith á (h)atreorú ag an bhfostóir chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde nó toisc go raibh moill ann ar choinne a fháil leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde, ní fhulaingeoidh an múinteoir aon chaillteanas airgeadais fad a ghabh sé/sí go hiomlán don phróiseas a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta a bhainistiú agus fad a dheimhnigh a Lia Comhairleach féin go bhfuil sé/sí feidhmiúil chun filleadh ar an obair tar éis tinneas criticiúil. In imthosca den sórt sin, athbhunófar pá an mhúinteora agus taifeadfaidh an Pámháistir an tsaoire go cuí.

## 8. Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin

8.1 I gcás go n-úsáidfear an tréimhse ábhartha Saoire Breoiteachta íoctha ar fad, is amhlaidh, maidir le haon mhúinteoir:

- Ar ball é/í de scéim pinsean atá ann cheana agus a bhfuil seirbhís cúig bliana ar a laghad curtha isteach aige/aici (i gcáil lánaimseartha nó pháirtaimseartha i bpost inphinsin) ag deireadh na tréimhse Saoire Breoiteachta íoctha, go bhféadfar luach saothair sealadach athshlánúcháin a dheonú dó/di faoi réir coinníollacha áirithe. (Is iad na scéimeanna atá ann cheana ná na scéimeanna pinsean reachtúla do mhúinteoirí a bhfuil feidhm acu maidir le múinteoirí a thosaigh seirbhís inphinsin roimh an 1 Eanáir 2013 agus maidir leo sin a d'fhill ar an teagasc tar éis an dáta sin tar éis briseadh nach mó ná 26 seachtaine i bhfostaíocht seirbhíse poiblí).
- Ar ball é/í den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus a bhfuil an tréimhse dílseacháin dhá bhliain curtha isteach aige/aici (i gcáil lánaimseartha nó pháirtaimseartha i bpost inphinsin) ag deireadh na tréimhse Saoire Breoiteachta íoctha, go bhféadfar luach saothair sealadach athshlánúcháin a dheonú dó/di faoi réir coinníollacha áirithe.

Déanfar luach saothair sealadach athshlánúcháin a ríomh ar an mbealach seo:

I gcás ball de scéim pinsean atá ann cheana, beidh sé bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Pá inphinsin, agus
- An tseirbhís inphinsin íoctha a bhí fabhraithe san fhostaíocht tráth a úsáideadh an tSaoire Bhreoiteachta íoctha ar fad, mar aon leis na blianta breise a thabharfaí dá ndeonófaí scor de bharr drochshláinte.

I gcás ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, beidh sé bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Méideanna inchurtha a bhí fabhraithe de réir fhorálacha na Scéime Pinsean Aonair tráth a úsáideadh an tSaoire Bhreoiteachta íoctha ar fad, agus
- An breisiú sochar dá bhforáiltear i rialacháin.

8.2 Níor cheart féachaint ar an luach saothair sealadach athshlánúcháin a íoctar mar léiriú cruinn ar an méid a gheobhaidh an ball tráth an scoir, toisc gur féidir go mbeidh imthosca difriúla i réim ag an am sin.

8.3 I ngach cás, deonófar luach saothair sealadach athshlánúcháin ar an gcoinníoll go ndeimhneoidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde nach bhfuil aon ionchas réasúnta ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. Cuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl ag an gcéim atreoraithe 28 lá cé acu atá nó nach bhfuil ionchas réasúnta ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. I gcás go gcuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl go bhfuil sí den tuairim nach bhfuil aon

ionchas ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair, ba cheart don fhostóir cibé gníomh tráthúil is cuí leis a dhéanamh, lena n-áirítear an conradh fostaíochta a fhoirceannadh, ach gan a bheith teoranta dó. Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Phámháistir freisin.

8.4 I gcás gnáth-thinnis, ní íocfar luach saothair sealadach athshlánúcháin ar feadh níos mó ná 18 mí (548 lá).

8.5 I gcás múinteoir ar deonaíodh saoire bhreoiteachta fhadaithe dó/di faoi fhorálacha tinnis chriticiúil, is féidir go mbeidh rochtain aige/aici ar luach saothair sealadach athshlánúcháin ar feadh tréimhse 12 mhí (365 lá) agus, ina dhiaidh sin, is féidir go mbeidh rochtain aige/aici ar luach saothair sealadach athshlánúcháin arís eile ar feadh tréimhse nach mó ná 24 mhí (730 lá). Beidh an tréimhse bhreise sin faoi réir athbhreithnithe ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde gach sé mhí.

8.6 Ní tréimhse seirbhíse inphinsin í an tréimhse ina n-íoctar luach saothair sealadach athshlánúcháin.

**9. Saoire Bhreoiteachta Neamhíoctha**

9.1 Aon mhúinteoir a ndeimhníonn an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil sé/sí neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de dualgais a atosú tar éis na teidlíochtaí Saoire Breoiteachta íoctha uile a úsáid, ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt dá f(h)ostóir i gcás go mbeidh sé beartaithe aige/aici leas a bhaint as tréimhse Saoire Breoiteachta neamhíoctha agus a p(h)ost sa scoil/sa scéim Boird Oideachais agus Oiliúna a choinneáil le linn na tréimhse sin.

9.2 Maidir leo sin nach gcáilíonn do luach saothair sealadach athshlánúcháin a fháil, ní gnách go sáróidh an tréimhse Saoire Breoiteachta neamhíoctha teorainneacha an luacha saothair shealadaigh athshlánúcháin atá leagtha amach sa mhír dar teideal ‘Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin’. Le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar theidlíochtaí Saoire Breoiteachta neamhíoctha a fhadú, ní mór d’fhostóirí comhairle a lorg ón tSeirbhís Sláinte Ceirde maidir leis an ionchas atá ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair.

9.3 I ngach cás, deonófar Saoire Bhreoiteachta neamhíoctha ar an gcoinníoll go ndeimhneoidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil ionchas réasúnta ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair agus ar an gcoinníoll go leanfar le deimhniú dochtúra inghlactha a chur chuig an bhfostóir ar bhonn rialta (gach trí mhí ar a laghad). Féadfaidh múinteoir atá ar Shaoire Bhreoiteachta neamhíoctha filleadh ar an obair i gcás go ndeimhneoidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil sé/sí feidhmiúil ó thaobh leighis de.

9.4 I gcás go ndeimhneoidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil an múinteoir neamhfheidhmiúil chun filleadh ar dhualgais tar éis Saoire Bhreoiteachta

neamhíoctha, féadfaidh an fostóir cibé gníomh tráthúil is cuí leis a dhéanamh, lena n-áirítear an conradh fostaíochta a fhoirceannadh, ach gan a bheith teoranta dó. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go ngníomhóidh siad de réir na reachtaíochta fostaíochta ábhartha.

**10. Forálacha maidir le Tinneas a bhaineann le Toircheas**

10.1 I gcás go mbeidh múinteoir neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun oibre de bharr tinneas a bhaineann le toircheas, ní bhfaighidh sí níos lú ná leathphá ar feadh thréimhse na Saoire Breoiteachta a bhaineann le Toircheas sula dtosóidh Saoire Mháithreachais. Tarlóidh sé sin i ngach cás, is cuma cé acu a bhain nó nár bhain sí an teorainn uasta le haghaidh leathphá amach de bharr Saoire Bhreoiteachta roimhe.

10.2 Foráiltear leis na Rialacháin um Shaoire Bhreoiteachta do shocruithe leanúnacha trína ndéanfar aon Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas a tógadh sna ceithre bliana roimhe a íoc ar ais ag leathphá, faoi réir na dteorainneacha foriomlána le haghaidh Saoire Bhreoiteachta nach mbaineann le toircheas.

10.3 A luaithe a gheobhaidh siad deimhniú dochtúra ina luaitear gur le toircheas a bhaineann an tinneas, ní mór d'fhostóirí fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann gur "tinneas a bhaineann le toircheas" é an tinneas. Níl feidhm ag an socrú sin ach amháin maidir le tinneas a tharlaíonn le linn toirchis agus sula dtosóidh Saoire Mháithreachais.

10.4 Léirítear sna samplaí atá leagtha amach in Aguisín C a ghabhann leis an gCaibidil seo an dóigh a gcuirtear na socruithe i bhfeidhm.

**11. Défhéachaint Siar**

11.1 Déanfar an ráta pá a gheobhaidh múinteoir le linn Saoire Bhreoiteachta a ríomh bunaithe ar an gcóras défhéachana siar seo a leanas:

<u>Gnáth-Thinneas</u>

- Céim 1 : A chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha

Déanfar athbhreithniú ar Shaoire Bhreoiteachta an mhúinteora thar an tréimhse ceithre bliana roimh an dáta reatha neamhláithreachta. I gcás nár úsáideadh Saoire Bhreoiteachta íoctha sé mhí (183 lá) thar an tréimhse ceithre bliana sin, féadfar rochtain a dheonú ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha.

- Céim 2 : A chinneadh cé acu atá feidhm ag lánphá, ag leathphá nó ag luach saothair sealadach athshlánúcháin

I gcás go dtabharfar le fios i gCéim 1 go bhfuil rochtain ag an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha, déanfar athbhreithniú ar a t(h)aifead Saoire Breoiteachta ansin thar an tréimhse 12 mhí roimh an dáta reatha neamhláithreachta chun an ráta ag a bhféadfar Saoire Bhreoiteachta a íoc a ríomh. I gcás nár úsáid an múinteoir a t(h)eorainn tosaigh trí mhí (92 lá) ar fad ag lánphá, féadfar lánphá a dheonú go dtí go mbainfear an teorainn trí mhí (92 lá) amach. Ina dhiaidh sin, déanfar an méid a íocfar a ríomh bunaithe ar leathphá nó ar luach saothair sealadach athshlánúcháin, de réir mar is cuí.

Tinneas Criticiúil

- Céim 1 : A chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha

Déanfar athbhreithniú ar Shaoire Bhreoiteachta an mhúinteora thar an tréimhse ceithre bliana roimh an dáta reatha neamhláithreachta. I gcás nár úsáideadh Saoire Bhreoiteachta íoctha 12 mhí (365 lá) thar an tréimhse ceithre bliana sin, féadfar rochtain a dheonú ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha.

- Céim 2 : A chinneadh cé acu atá feidhm ag lánphá, ag leathphá nó ag luach saothair sealadach athshlánúcháin

I gcás go dtabharfar le fios i gCéim 1 go bhfuil rochtain ag an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha, déanfar athbhreithniú ar a t(h)aifead Saoire Breoiteachta ansin thar an tréimhse 12 mhí roimh an dáta reatha neamhláithreachta chun an ráta ag a bhféadfar Saoire Bhreoiteachta a íoc a ríomh. I gcás nár úsáid an múinteoir a t(h)eorainn tosaigh sé mhí (183 lá) ar fad ag lánphá, féadfar lánphá a dheonú go dtí go mbainfear an teorainn sé mhí (183 lá) amach. Ina dhiaidh sin, déanfar an méid a íocfar a ríomh bunaithe ar leathphá nó ar luach saothair sealadach athshlánúcháin, de réir mar is cuí.

11.2 Léirítear sna samplaí atá leagtha amach in Aguisín D a ghabhann leis an gCaibidil seo an dóigh a gcuirtear na socruithe défhéachana siar i bhfeidhm.

**12. Filleadh ar an Obair**

12.1 Ba cheart do mhúinteoir bheith feidhmiúil ó thaobh leighis de chun lándualgais a atosú tar éis tréimhse Saoire Breoiteachta.

12.2 Aon mhúinteoir a bhfuil sé beartaithe aige/aici dualgais a atosú roimh an dáta atá sonraithe ar a d(h)eimhniú dochtúra, ní mór dó/di deimhniú dochtúra ar fheidhmiúlacht a sholáthar ón dochtúir a bhfuil sé/sí faoina c(h)úram roimh an dáta atosaithe. I gcás nach soláthrófar deimhniú den sórt sin, déanfar an tréimhse iomlán

atá taifeadta ar an deimhniú dochtúra/na deimhnithe dochtúra a áireamh mar Shaoire Bhreoiteachta. Ní ghlacfar le deimhnithe feidhmiúlachta a thabharfar níos déanaí mar fhianaise ar fheidhmiúlacht chun dualgais.

12.3 I gcás múinteoir (i) atá as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta íoctha ar feadh tréimhse ceithre seachtaine nó níos mó as a chéile (nó ar feadh tréimhse níos giorra i gcás go bhfuil forais réasúnta ag an bhfostóir le himní a bheith air) nó (ii) atá as láthair ar feadh aon tréimhse ina bhfaigheann sé/sí luach saothair sealadach athshlánúcháin nó ar feadh aon tréimhse Saoire Breoiteachta neamhíoctha, ní mór don fhostóir deimhniú feidhmiúlachta a fháil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde sula n-atosóidh an múinteoir dualgais.

12.4 I gcás go mbeidh múinteoir as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta agus nach bhfillfidh sé/sí ar dhualgais ar feadh tréimhse réasúnta roimh thréimhse dúnta scoile nó ina diaidh, measfar go raibh an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta ar feadh na tréimhse ar fad ach amháin i gcás;

- go soláthróidh an múinteoir deimhniú dochtúra ar fheidhmiúlacht chun lándualgais a atosú roimh thréimhse dúnta scoile nó lena linn, agus
- go bhfaighfear comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde maidir le feidhmiúlacht an mhúinteora chun lándualgais a chomhlíonadh agus maidir le cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar neamhaird a thabhairt ar an tréimhse dúnta scoile nó ar aon chuid di, agus
- go measfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde gur tréimhse réasúnta í an tréimhse sula bhfillfear ar dhualgais, agus aird á tabhairt aici ar na himthosca leighis i gcásanna aonair.

**13. Freastal Réasúnta**

13.1 Ceanglaítear leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhostóirí bearta réasúnta a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais atá ag fostaithe agus fostaithe ionchasacha faoi mhíchumas. Is é a bhíonn i gceist le freastal réasúnta de ghnáth ná cúraimí/struchtúr an phoist nó an áit oibre a mhodhnú ar bhealach éigin ar mhaithe le fostaí faoi mhíchumas a chumasú an ról oibre atá aige/aici a chur i gcrích ina iomláine agus deiseanna comhionanna fostaíochta a fháil. Déanfaidh fostóir coigeartuithe réasúnta chun go ndéanfaí freastal réasúnta ar mhúinteoirí faoi mhíchumas, nó ar mhúinteoirí a ghnóthaigh míchumas, ar mhaithe lena bhfilleadh ar an obair a éascú. Níl aon oibleagáid ar fhostóirí cóir speisialta a thabhairt nó saoráidí speisialta a sholáthar, áfach, i gcás go mbeidh costas iomarcach nó díréireach ag baint leis sin. I gcomhar leis an múinteoir agus leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde, ba cheart don fhostóir iniúchadh a dhéanamh ar aon roghanna cumasúcháin atá cuí, mar shampla iad seo a leanas (ní liosta uileghabhálach é seo):

- Coigeartuithe réasúnta a dhéanamh ar an bhfoirgneamh scoile agus/nó ar an spás oibre
- Trealamh ábhartha a fháil nó trealamh atá ann cheana a mhodhnú

- Filleadh Páirteach ar an Obair
- Postroinnt – faoi réir fhorálacha na Scéime Postroinnte

**14. Filleadh Páirteach ar an Obair**

14.1 Is ann don fhoráil seo chun cabhrú le múinteoir atá ag téarnamh ó thinneas aistriú ar ais ar lándualgais thar thréimhse ama chomhaontaithe theoranta. Ní teidlíocht uathoibríoch í rochtain ar fhilleadh páirteach ar an obair. Tá sí faoi réir moladh a fháil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde agus ceadú a fháil ón bhfostóir.

14.2 Ag deireadh na tréimhse, beifear ag súil leis go mbeidh feidhmiúlacht leighis dhóthanach bainte amach ag an múinteoir chun é/í a chumasú tabhairt faoi lándualgais ar bhonn lánaimseartha.

14.3 Ba cheart don fhostóir a chinntiú go ndéanfar gach beart réasúnta chun an socrú um fhilleadh páirteach ar an obair a éascú. Ba cheart don fhostóir cinntí ar iarratais ar fhilleadh páirteach ar an obair a thaifeadadh.

14.4 Is ar dháta comhaontaithe a thosóidh an socrú ceadaithe um fhilleadh páirteach ar an obair. Beidh fad beacht an tsocraithe bunaithe ar an gcomhairle a gheofar ón tSeirbhís Sláinte Ceirde agus ceadófar é ar feadh aon téarma scoile amháin ar a mhéad. Cé go bhféadfaidh an socrú tosú ag aon am le linn téarma scoile, ní rachaidh sé thar dheireadh an téarma sin.

14.5 Féadfar filleadh go luath ar lándualgais tar éis filleadh páirteach ar an obair faoi réir ceadú a fháil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde agus faoi réir dáta a chomhaontú leis an bhfostóir.

14.6 Ní mór don mhúinteoir atá ag baint leas as an bhfilleadh páirteach ar an obair gabháil air/uirthi féin na freagrachtaí atá air/uirthi a chomhlíonadh de réir a c(h)onartha ar feadh dhá lá scoile iomlána ar a laghad gach seachtain. Íocfar a lánráta pá leis an múinteoir i leith na laethanta a oibrítear.

14.7 Ní mór na laethanta eile nach n-oibríonn an múinteoir orthu le linn an tsocraithe um fhilleadh ar an obair (an deireadh seachtaine san áireamh) a thaifeadadh mar Shaoire Bhreoiteachta agus ní mór fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna fúthu tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Is leor an moladh ón tSeirbhís Sláinte Ceirde maidir leis an bhfilleadh páirteach ar an obair chun cur ina luí ar an bhfostóir na neamhláithreachtaí Saoire Breoiteachta sin a thaifeadadh. Cuirfear an ráta cuí saoire breoiteachta/luacha saothair shealadaigh athshlánúcháin i bhfeidhm de réir théarmaí na Scéime Saoire Breoiteachta, mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

14.8 Beidh sé de cheart ag an bhfostóir ceadú aon socraithe um fhilleadh páirteach ar an obair a tharraingt siar i gcás nach mbeidh sé ag oibriú chun leas na ndaltaí/na scoile.

14.9 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi, chun na laethanta ar a mbíonn an múinteoir atá ag baint leas as

socrú um fhilleadh páirteach ar an obair as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta a chumhdach. Ní mór don fhostóir é sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

**15. Coigeartú Tuarastail**

15.1 I gcásanna inarb amhlaidh, sula n-atosófar dualgais, gur úsáideadh an teidlíocht ar fad i leith tuarastal breisíoch, ní dhéanfar an tuarastal a athbhunú ach amháin ón dáta a mheasfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil an múinteoir feidhmiúil chun lándualgais a atosú. Beidh sé sin ag brath freisin ar an múinteoir a bheith ag atosú dualgais ar an gcéad lá is féidir tar éis deimhniú a fháil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

15.2 Ba cheart fógra a thabhairt don Phámháistir láithreach faoi aon bheart a bhfuil sé riachtanach tuarastal múinteora a choigeartú dá bharr.

**16. Stádas le linn Saoire Bhreoiteachta**

16.1 Tá neamhláithreachtaí ar Shaoire Bhreoiteachta (ar lánphá nó ar leathphá) ináirithe go hiomlán chun gach críche, lena n-áirítear sinsearacht agus aoisliúntas. Ní bheidh neamhláithreachtaí ar luach saothair sealadach athshlánúcháin ináirithe chun críocha aoisliúntais agus breisíochta, áfach.

**17. Múinteoir Ionaid**

17.1 Féadfar múinteoir ionaid a cheapadh faoi réir na dtéarmaí atá leagtha amach sna foilseacháin ábhartha ón Roinn. Ní mór don fhostóir ceapachán aon mhúinteora ionaid a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

**18. Socruithe ÁSPC**

18.1 I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, ní mór don mhúinteoir Deimhnithe Leasa Shóisialaigh IB1 agus Med1 a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i gcás go mairfidh an tinneas níos mó ná 6 lá as a chéile. Is gá déanamh amhlaidh chun na rialacháin um ÁSPC a chomhlíonadh. Nóta Faisnéise.

**19. Feidhmiúlacht Leighis agus Ról na Comhairle Múinteoireachta**

19.1 Is faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé feidhmiúlacht múinteoirí ó thaobh leighis de chun a ligin isteach sa Chlár Múinteoirí a chinneadh agus múinteoirí a bhaint nó a fhionraí ón gClár.

## 20. Scor ar Fhorais Drochshláinte

20.1 I gcás go measfar go bhfuil múinteoir neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun leanúint ag teagasc agus go measfar gur dóigh gur riocht buan é an riocht atá i gceist, is féidir go mbeidh an múinteoir i dteideal sochair phinsin áirithe a fháil faoin scéim pinsean ábhartha.

Is féidir faisnéis faoin bpróiseas a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Is féidir le múinteoirí Boird Oideachais agus Oiliúna an fhaisnéis sin a fháil óna mBord féin.

**An Roinn Oideachais**
**agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

# An Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí

# An tSeirbhís Sláinte Ceirde do Mhúinteoirí

**Meán Fómhair 2019**

CLÁR ÁBHAR

Cuspóir an Lámhleabhair Nósanna Imeachta d'Fhostóirí…………..…………3
Sainmhínithe……………………………………………………………..…………….4
**Caibidil 1 – An Straitéis Sláinte Ceirde…………………………………….…….5**
1. An tSeirbhís Sláinte Ceirde……………………………………………………5
**Caibidil 2 – Measúnuithe Leighis………………………………………………...6**
1. Measúnuithe Leighis Réamhfhostaíochta……………………………………6
2. Measúnuithe Leighis Fostaíochta……………………………………..………8
**Caibidil 3 – Forálacha Tinnis Chriticiúil……………………………………..……9**
1. Réamhrá………………………………………………………………………...9
2. An Prótacal um Fhorálacha Tinnis Chriticiúil…………………………………9
3. Achomhairc in aghaidh cinntí maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil….12
Aguisín 1 (Caibidil 3): Na Critéir Leighis a úsáidtear le haghaidh Forálacha Tinnis Chriticiúil a Dheonú……...................................................................…13
**Caibidil 4 – Scor de bharr Drochshláinte……………………………..…………14**
1. Scor de bharr Drochshláinte……………………………………………………14
2. Achomhairc in aghaidh cinntí maidir le Scor de bharr Drochshláinte.…15

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin An Scéim Saoire Breoiteachta agus Sainmhínithe)

## CUSPÓIR AN LÁMHLEABHAIR NÓSANNA IMEACHTA D'FHOSTÓIRÍ

1. Sa Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí, tugtar faisnéis d'fhostóirí maidir leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde a rochtain.

2. Is é an aidhm atá leis an Lámhleabhar cabhrú le fostóirí a thuiscint gur féidir le comhairle ghairmiúil sláinte ceirde tacú lena bhfeidhmeanna bainistíochta. Aidhm eile atá leis is ea cabhrú le fostóirí tuiscint a ghnóthú ar na nósanna imeachta atá le leanúint acu agus ar an dóigh ar féidir leo teacht ar chomhairle leighis a fhreastalaíonn ar a riachtanais féin agus ar riachtanais a múinteoirí.

3. Rialaítear teidlíochtaí Saoire Breoiteachta leis na nithe seo a leanas:-

   a. Na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta), 2014[1] (na "Rialacháin"), *agus*

   b. An Scéim Saoire Breoiteachta ábhartha do mhúinteoirí, mar atá leagtha amach sna foilseacháin ón Roinn.

[1] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/124/made/en/print

## SAINMHÍNITHE

Chun críche an Lámhleabhair Nósanna Imeachta d'Fhostóirí, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt:

**Lia Comhairleach** – ciallaíonn sé seo Dochtúir leighis atá ar an gclár speisialtóirí ábhartha, a shealbhaíonn post mar lia comhairleach ospidéil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/le hOspidéal Deonach/leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) nó a shealbhaíonn cearta dul isteach in ospidéal príobháideach aitheanta.

**Prótacal Tinnis Chriticiúil** – ciallaíonn sé seo an Prótacal Tinnis Chriticiúil faoi Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí, a forbraíodh agus a comhaontaíodh de bhun Moladh (LCR 20667) ón gCúirt Oibreachais go gcuirfí socruithe speisialta i bhfeidhm ar faoina mbun a d'fhéadfadh múinteoirí a bhfuil tinneas trom orthu nó a bhfuil díobháil throm acu tairbhe a bhaint as Saoire Bhreoiteachta íoctha fhadaithe.

**Forálacha Tinnis Chriticiúil** – ciallaíonn sé seo Saoire Bhreoiteachta íoctha fhadaithe a fhéadfar a dheonú faoin bPrótacal Tinnis Chriticiúil.

**Cúram Cliniciúil reatha nó le déanaí** – ciallaíonn sé seo go bhfuair an múinteoir imscrúduithe leighis agus cóireáil leighis, ar gnách go bhfaightear iad faoi chúram díreach/faoi mhaoirseacht dhíreach ag Lia Comhairleach Ospidéil. Is féidir go bhfuil nó go raibh an múinteoir ina (h)othar cónaitheach nó seachtrach ospidéil. Ní áirítear leis seo atreoruithe a dhéantar go príomha, i dtuairim an Lia Sláinte Ceirde, chun tuairiscí a ullmhú/chun críocha dlí-liachta.

**Lia Sláinte Ceirde** – ciallaíonn sé seo Dochtúir leighis atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis agus a shealbhaíonn cáilíocht iarchéime sa Leigheas Ceirde/sa tSláinte Cheirde nó atá páirteach i sainscéim oiliúna sa tSláinte Cheirde agus a bhfuil taithí aige/aici ar an leigheas ceirde a chleachtadh.

## Caibidil 1 – An Straitéis Sláinte Ceirde

Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm chun a bheith ina hacmhainn thacúil do mhúinteoirí agus chun dea-shláinte múinteoirí a chur chun cinn san áit oibre, agus béim á cur go príomha ar dhrochshláinte a chosc, seachas í a leigheas. Is é atá sa Straitéis Sláinte Ceirde ná an Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

### An tSeirbhís Sláinte Ceirde

1.1 Faoi alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá freagracht ar fhostóir "*sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a áirithiú, a mhéid is indéanta le réasún*". Ceanglaítear leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhostóirí bearta réasúnta a dhéanamh freisin chun freastal ar na riachtanais atá ag fostaithe agus fostaithe ionchasacha faoi mhíchumas.

1.2 Chun na freagrachtaí bainistíochta reachtúla sin a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, tá sé riachtanach go mbeadh rochtain ag fostóirí ar chomhairle ghairmiúil sláinte ceirde maidir le feidhmiúlacht leighis chun oibre. Is ann don tSeirbhís Sláinte Ceirde chun cabhrú le fostóirí an dualgas sin a chur i gcrích.

1.3 Tá dearcadh, léargas agus tacar scileanna uathúil ag Lianna Ceirde na Seirbhíse Sláinte Ceirde, nithe a chumasaíonn dóibh measúnú cuí a dhéanamh, agus teacht ar thuairim eolasach, ar fheidhmiúlacht an mhúinteora chun oibre. Ní ionann é sin agus tuairim a chur in iúl ar chineál agus déine an ghearáin leighis lena mbaineann.

1.4 Áirítear leis na seirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís Sláinte Ceirde measúnuithe leighis réamhfhostaíochta, measúnuithe leighis ar fheidhmiúlacht chun oibre, bainistíocht neamhláithreachta de bharr tinnis agus measúnuithe ar scor de bharr drochshláinte.

1.5 I gcás nach mbeidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde agus an Dochtúir/an Lia Comhairleach cóireála ar aon intinn lena chéile maidir le feidhmiúlacht leighis aon mhúinteora chun oibre, rachaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde i ndáil chomhairle leis an Dochtúir/an Lia Comhairleach cóireála sula dtabharfaidh sí comhairle deiridh don fhostóir. I gcás go mbeidh gá ar leith ann le measúnú leighis neamhspleách, is féidir é sin a éascú tríd an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

1.6 Tá Lianna Sláinte Ceirde agus Altraí Sláinte Ceirde na Seirbhíse Sláinte Ceirde faoi cheangal ag ceanglais ghairmiúla chun rúndacht a chothabháil, rud atá ríthábhachtach maidir le hiontaoibh agus muinín an mhúinteora a choinneáil. Ní dhéanann sé sin aon difear do cháilíocht na comhairle leighis a thugtar d'fhostóirí, a phléann le feidhmiúlacht leighis an mhúinteora chun oibre, seachas an diagnóis iarbhír.

1.7 Is é Medmark Occupational Healthcare Ltd a sholáthraíonn an tseirbhís faoi láthair.

**Sonraí Teagmhála**
Medmark Occupational Healthcare Ltd
28 Cé Penrose
Corcaigh, T23FT96

Líne chabhrach thiomnaithe: 1890 235 711 (bíonn an líne ar oscailt ó 9am go 5pm an Luan go dtí an Aoine agus bíonn córas freagartha ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre)

Suíomh Gréasáin: www.medmark4teachersna.ie. Mar mhalairt air sin, tabhair cuairt ar www.education.ie agus lean an nasc atá tugtha.

# CAIBIDIL 2 – MEASÚNUITHE LEIGHIS

## 1. Measúnuithe Leighis Réamhfhostaíochta

1.1 Aon iarrthóir a roghnófar lena c(h)eapadh, ní mór don tSeirbhís Sláinte Ceirde é/í a dheimhniú a bheith feidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta sula rachaidh sé/sí i mbun an phoist. Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don iarrthóir i gcás go mbeidh an tairiscint fostaíochta faoi réir Tuairisc Measúnaithe bhailí ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta, ina ndeimhnítear feidhmiúlacht chun fostaíochta, a sholáthar dó.

1.2 Is gá Tuairisc Measúnaithe bhailí ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta, ina ndeimhnítear feidhmiúlacht chun fostaíochta, a sholáthar freisin sula bhfillfidh múinteoir ar an obair tar éis saoire neamhláithreachta nó briseadh eile i seirbhís a mhair níos mó ná dhá scoilbhliain.

1.3 Eiseoidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde Tuairisc Measúnaithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta chuig an iarrthóir i bhformáid leictreonach shlán, tar éis di Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta a dhéanamh. Deimhneofar sa Tuairisc cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarrthóir feidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta. I gcás go ndeimhneofar an t-iarrthóir a bheith neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta, eiseofar an Tuairisc chuig an bhfostóir atá sonraithe san atreorú freisin. Beidh an Tuairisc bailí ar feadh dhá bhliain féilire ó dháta an mheasúnaithe leighis ón tSeirbhís Sláinte Ceirde. Agus an Tuairisc sin á tabhairt aige/aici don fhostóir, tá an t-iarrthóir ag deimhniú, sula rachaidh sé/sí i mbun an phoist, nár tháinig aon athrú ar a stádas sláinte coirp nó meabhairshláinte ó dháta an Mheasúnaithe Leighis Réamhfhostaíochta ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

1.4 Féadfaidh an fostóir Tuairisc Measúnaithe nuashonraithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta a lorg, fiú amháin i gcás nach ndeachaigh an Tuairisc atá ann cheana in éag go fóill.

1.5 Is gá ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta ar líne a chomhlánú mar chuid de Mheasúnú Leighis Réamhfhostaíochta i gcás:-

(i) go mbeidh iarrthóir ag dul i mbun fostaíochta mar mhúinteoir den chéad uair ***nó***

(ii) go n-ordóidh an fostóir don iarrthóir déanamh amhlaidh ***nó***

(iii) gur mian leis an iarrthóir Tuairisc Measúnaithe athbhreithnithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta a fháil, e.g. toisc gur tháinig athrú ar stádas sláinte an iarrthóra.

1.6 Is é an toradh a bheidh ar an Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta go gcumasófar don tSeirbhís Sláinte Ceirde:

a) cinneadh a dhéanamh ar fheidhmiúlacht leighis an iarrthóra chun dualgais an phoist atá beartaithe a chur i gcrích go sábháilte agus de réir caighdeán comhsheasmhach, á chinntiú ag an am céanna go gcomhlíonfar an reachtaíocht reatha um Chomhionannas Fostaíochta.

b) aon riocht leighis/aon mhíchumas bunúsach a chuardach chun fostóirí a chumasú na freagrachtaí atá orthu faoin reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteacht agus um Chomhionannas a chomhlíonadh.

c) faisnéis a ghnóthú lena húsáid mar bhunús d'aon taifead sláinte ceirde a shealbhóidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Féadfar tagairt a dhéanamh don taifead sin i gcás go n-atreorófar an t-iarrthóir chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde tráth níos déanaí.

## 2. Prótacal an Mheasúnaithe Leighis Réamhfhostaíochta

2.1 Ní mór an prótacal atá leagtha amach thíos a leanúint le haghaidh Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta:

a) Ordóidh an fostóir don iarrthóir logáil isteach ar www.medmark4teachersna.ie chun ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta ar líne a chomhlánú.

b) I gcás go mbeidh aon cheisteanna ar leith ag an iarrthóir maidir leis an gceistneoir a chomhlánú, is féidir a mholadh dó/di an cheist a sheoladh chuig info@medmark4teachersna.ie nó glao a chur ar an líne chomhairle thiomnaithe chun cúnamh a fháil.

c) A luaithe a chomhlánófar an ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta agus a chuirfear isteach ar líne é, admhófar go bhfuarthas an fhoirm go rathúil ar leathanach Gréasáin na Seirbhíse Sláinte Ceirde.

d) I gcás nach mbeidh rochtain ag an iarrthóir ar an Idirlíon, féadfar cóip chrua den cheistneoir Leighis Réamhfhostaíochta a iarraidh ón tSeirbhís Sláinte Ceirde. A luaithe a chomhlánófar é, ní mór an ceistneoir a chur tríd an bpost cláraithe chuig an seoladh atá tugtha ar an bhfoirm.

e) Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde athbhreithniú ar an gceistneoir comhlánaithe Leighis Réamhfhostaíochta. Tarlóidh ceann amháin de na nithe seo a leanas ansin:

i. Eiseofar Tuairisc Measúnaithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta chuig an iarrthóir, rud ina ndeimhneofar é/í a bheith feidhmiúil/neamhfheidhmiúil chun fostaíochta. I gcás go ndeimhneofar an t-iarrthóir a bheith neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta, eiseofar an Tuairisc chuig an bhfostóir atá sonraithe san atreorú freisin ***nó***

ii. Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde teagmháil leis an iarrthóir chun an fhaisnéis leighis a nochtadh a shoiléiriú. A luaithe a gheofar soiléiriú leighis sásúil, eiseofar Tuairisc Measúnaithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta chuig an iarrthóir (agus chuig an bhfostóir atá sonraithe san atreorú, i gcás go ndeimhneofar an t-iarrthóir a bheith neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta) ***nó***

iii. Iarrfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde ar an iarrthóir freastal ar scrúdú dochtúra Réamhfhostaíochta. Is cinneadh lánroghnach a bheidh sa chinneadh chun a iarraidh go bhfreastalódh iarrthóir ar scrúdú dochtúra agus beidh an cinneadh sin bunaithe ar an meastóireacht ar an gceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta. A luaithe a chríochnófar an Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta, eiseofar Tuairisc Measúnaithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta chuig an iarrthóir (agus chuig an bhfostóir atá sonraithe san atreorú, i gcás go ndeimhneofar an t-iarrthóir a bheith neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta) ***nó***

iv. I gcás go ndeimhneofar an t-iarrthóir a bheith feidhmiúil ó thaobh leighis de chun fostaíochta, luafar sa Tuairisc Measúnaithe ar Fheidhmiúlacht Leighis chun Fostaíochta cé acu atá nó nach bhfuil riachtanais freastail réasúnta ann dóibh sin a bhfuil míchumas ar leith orthu. Ba cheart d’fhostóirí féachaint ar an mír Freastal Réasúnta sa rannán dar teideal ‘An Scéim Saoire Breoiteachta’.

## 2. Measúnuithe Leighis Fostaíochta

**2.1 Atreoruithe chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde**

a) Ní mór don fhostóir múinteoir a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde chun measúnú leighis neamhspleách a fháil (féach mír 3.3. den Chaibidil faoi Shaoire Bhreoiteachta).

**2.2 An prótacal le haghaidh atreoruithe chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde**

a) Maidir leis an bhfostóir:

i. tabharfaidh sé fógra don mhúinteoir faoin gcinneadh chun é/í a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde agus tabharfaidh sé breac-chuntas ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh sin.

ii. tabharfaidh sé fógra don mhúinteoir go mbeidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde i dteagmháil leis/léi maidir leis an atreorú trí theachtaireacht téacs, thar an teileafón nó trí ríomhphost.

iii. comhlánóidh sé foirm atreoraithe shlán ar líne tríd an tairseach thiomnaithe ar líne ach logáil isteach ar www.medmark4teachersna.ie.

iv. tabharfaidh sé cóip den atreorú don mhúinteoir.

b) Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde teagmháil leis an múinteoir thar an teileafón chun a g(h)earán leighis, a stádas sláinte reatha agus a neamhláithreacht ón obair (nuair is iomchuí) a phlé. I gcás nach mbeidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in ann teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir, iarrfaidh sí cúnamh ón bhfostóir.

c) Tiocfaidh ceann amháin de na torthaí seo a leanas as an gcomhrá teileafóin leis an múinteoir:

i. Bunófar fad dóchúil na neamhláithreachta agus comhaontófar an dáta ar a bhfillfidh an múinteoir ar an obair. Tabharfar fógra don fhostóir faoin dáta ar a bhfillfidh an múinteoir ar an obair agus iarrfar air an múinteoir a atreorú arís i gcás nach bhfillfidh sé/sí ar an obair mar a comhaontaíodh ***nó***

ii. Mura féidir an dáta ar a bhfillfidh an múinteoir ar an obair a bhunú, sceidealfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde athbhreithniú thar an teileafón ag am comhaontaithe ***nó***

iii. Más cuí, tairgfear don mhúinteoir coinne le Lia Sláinte Ceirde i gceann amháin de na hionaid réigiúnacha.

d) I gcás go dtairgfear don mhúinteoir coinne le Lia Sláinte Ceirde, tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde don fhostóir dáta agus am don choinne. I gcás nach mbeidh sé sin oiriúnach, déanfaidh an fostóir teagmháil leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde chun coinne nua a shocrú agus rachaidh sé ar ais chuig an múinteoir.

e) Tabharfar fógra don fhostóir faoin toradh ar an measúnú agus gheobhaidh sé Tuairisc Feidhmiúlachta chun Oibre ón tSeirbhís Sláinte Ceirde ina dhiaidh sin. Is é a bheidh sa Tuairisc sin ná mionsonraí ábhartha faoin bhfeidhmiúlacht chun oibre, an t-amscála dóchúil ina bhfillfear ar an obair agus aon socruithe freastail/srianta a bheidh ag teastáil. Ba cheart don fhostóir cóip den Tuairisc a thabhairt don mhúinteoir.

f) I gcás go measfar an múinteoir a bheith neamhfheidhmiúil chun oibre tráth na coinne leis an Lia Sláinte Ceirde, iarrfar ar an bhfostóir an múinteoir a atreorú lena (h)athbhreithniú tar éis tréimhse atá cuí don riocht leighis. Is í an tSeirbhís Sláinte Ceirde a chinnfidh an tréimhse sin.

# CAIBIDIL 3 – FORÁLACHA TINNIS CHRITICIÚIL

## 1. Réamhrá

1.1 Aon mhúinteoir a éireoidh éagumasach de bharr tinneas criticiúil nó díobháil choirp throm agus a mbeidh fianaise leighis tacaíochta aige/aici, féadfar, tar éis dó/di iarratas a dhéanamh, forálacha tinnis chriticiúil a dheonú dó/di in imthosca eisceachtúla, mar a fhoráiltear dó i Moladh (LCR 20667) ón gCúirt Oibreachais.

1.2 Le linn a chinneadh cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar breithniú a dhéanamh ar fhorálacha tinnis chriticiúil a dheonú do mhúinteoir, ba cheart don mhúinteoir, i bhformhór na gcásanna, bheith faoi chúram cliniciúil reatha nó le déanaí ag Lia Comhairleach mar othar cónaitheach nó seachtrach.

1.3 Is é an fostóir a chinnfidh cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar forálacha tinnis chriticiúil, tar éis dó an chomhairle leighis ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a bhreithniú.

## 2. An Prótacal um Fhorálacha Tinnis Chriticiúil

2.1 Ní mór an prótacal atá leagtha amach thíos a leanúint:

a) Ní mór don mhúinteoir iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil a dhéanamh go díreach chuig a f(h)ostóir ach úsáid a bhaint as an bhfoirm “Iarratas ó Fhostaí ar Fhorálacha Tinnis Chriticiúil” atá ar fáil ag www.education.ie.

b) A luaithe a gheofar Iarratas comhlánaithe ó Fhostaí ar Fhorálacha Tinnis Chriticiúil, ní mór don fhostóir atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde a thionscnamh ach logáil isteach ar www.medmark4teachersna.ie agus an fhoirm “Atreorú Sláinte Ceirde” a chomhlánú. Ba cheart don fhostóir cóip den atreorú a thabhairt don mhúinteoir.

c) Ní mór don fhostóir an t-iarratas comhlánaithe ón múinteoir a scanadh agus é a chur i gceangal leis an bhfoirm “Atreorú Sláinte Ceirde” ar líne ón bhfostóir.

d) A luaithe a chuirfear an fhoirm “Atreorú Sláinte Ceirde” isteach, gheobhaidh an fostóir **Uimhir Thagartha** uathúil i leith forálacha tinnis chriticiúil (ón tSeirbhís Sláinte Ceirde). Teastóidh an uimhir sin ón bhfostóir nuair a bheidh sé ag iontráil neamhláithreachtaí ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Beidh CIPR (mar shampla, CIPR-OHM-087870) le feiceáil ag tús na hUimhreach Tagartha ar an gCóras Éileamh ar Líne.

e) Ní mór don mhúinteoir (nó don Lia Comhairleach cóireála) tuairisc leighis chomhlánaithe ón Lia Comhairleach cóireála a chur isteach go díreach chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde laistigh de thréimhse ama chuí freisin. Ní gá go mbeadh an tuairisc leighis sin ag gabháil leis an iarratas ón múinteoir ar fhorálacha tinnis chriticiúil.

f) Ní mór an Uimhir Thagartha i leith forálacha tinnis chriticiúil (a bheidh ar fáil ón bhfostóir) a thabhairt don tSeirbhís Sláinte Ceirde in éineacht leis an tuairisc leighis ón Lia Comhairleach. Beidh an fostóir freagrach as an múinteoir a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas i dtaca leis an tuairisc sin:

i. Ní mór speisialtóireacht an Lia Chomhairligh cóireála a bheith cuí don tinneas criticiúil ar ina leith atá an múinteoir ag déanamh éilimh.

ii. Tá sé riachtanach go mbeadh an fhianaise leighis a chuirfear isteach cuimsitheach agus go mbeadh na mionsonraí cliniciúla ábhartha uile a iarradh ar áireamh inti.

iii. Ní mór an diagnóis, an chóireáil agus an phrognóis agus dátaí aon ligin isteach san ospidéal, nuair is iomchuí, a chumhdach inti.

iv. Is faoin múinteoir a bheidh sé íoc as an gcostas a bhaineann le gach tuairisc den sórt sin a thiomsú.

g) Ní fhéadfar an t-iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil a phróiseáil go dtí go bhfaighidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde an fhoirm “Atreorú Sláinte Ceirde”, an tIarratas ón bhFostaí ar Fhorálacha Tinnis Chriticiúil agus an tuairisc leighis ón Lia Comhairleach.

h) Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde breithniú ar an bhfaisnéis a gheofar ón Lia Comhairleach cóireála agus is féidir go rachaidh sí i ndáil chomhairle leis/léi i gcás go measfaidh sí go mbeadh sé sin cabhrach. Ní dearbhcheanglas é go ndearnadh diagnóis chríochnaitheach deiridh cheana féin. Is féidir go nglacfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde le diagnóis toimhdean ar bhonn cáis.

i) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfoirm “Atreorú Sláinte Ceirde” agus ar an tuairisc leighis ón Lia Comhairleach, cuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl don fhostóir i dTuairisc Leighis don Fhostóir maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh ina tuairim féin:

i. Go raibh an múinteoir feidhmiúil/neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun filleadh ar na dualgais reatha atá air/uirthi nó ar dhualgais mhodhnaithe (nuair is indéanta) tráth a bhí an tinneas lena mbaineann air/uirthi *agus*

ii. Go gcomhlíonann sé/sí na critéir leighis a úsáidtear le haghaidh forálacha tinnis chriticiúil a dheonú.

j) I gcás go gcuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl go gcomhlíonann riocht leighis an mhúinteora na critéir leighis a úsáidtear le haghaidh forálacha tinnis chriticiúil a dheonú, tabharfar **Uimhir Mholta** uathúil i leith forálacha tinnis chriticiúil (ar nós CIPA-RTX-021128) don fhostóir. Teastóidh an uimhir sin ó fhostóirí nuair a bheidh siad ag iontráil neamhláithreachtaí ar an gCóras Éileamh ar Líne freisin.

k) I gcás go gcuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl nach gcomhlíonann riocht leighis an mhúinteora na critéir leighis a úsáidtear le haghaidh forálacha tinnis chriticiúil a dheonú, tabharfaidh sí faisnéis leighis bhreise don mhúinteoir i dTuairisc Leighis don Fhostaí maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil.

l) I gcás gur mian leis/léi déanamh amhlaidh, féadfaidh an múinteoir an fhaisnéis bhreise sin a thabhairt don fhostóir, rud a d’fhéadfadh cabhrú leis cinneadh a dhéanamh ar an iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil. Cuirfear in iúl don mhúinteoir sa Tuairisc go bhféadfar an fhaisnéis leighis bhreise a thabhairt don fhostóir laistigh de <u>dheich lá</u> ón tuairisc a fháil.

m) Agus aird á tabhairt aige ar na Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta, déanfaidh an fostóir cinneadh ar an iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl don mhúinteoir i scríbhinn.

n) I gcás nach ndeonófar forálacha tinnis chriticiúil ar bhonn deimhniú leighis nó lánrogha bainistíochta, áireofar leis an litir cinnidh ón bhfostóir chuig an múinteoir mionsonraí faoin bpróiseas achomhairc atá leagtha amach i Rannán 3 den Chaibidil seo, rud dar teideal "Achomhairc in aghaidh cinntí maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil".

o) Ní mór don fhostóir atreorú an mhúinteora le haghaidh forálacha tinnis chriticiúil agus an cinneadh uaidh ar an iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil (lena n-áirítear an cinneadh ar an achomharc, nuair is iomchuí) a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne.

## 3. Achomhairc in aghaidh cinntí maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil

### 3.1 Achomhairc in aghaidh cinntí Leighis maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil

a) Rinne an tSeirbhís Sláinte Ceirde agus Príomhoifigeach Leighis na Státseirbhíse speisialtóir cláraithe neamhspleách sa leigheas ceirde a roghnú agus a cheadú ar mhaithe le sásra a sholáthar do mhúinteoirí ar mian leo achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh leighis maidir le forálacha tinnis chriticiúil.

b) Féadfaidh múinteoir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh leighis den sórt sin de réir na nósanna imeachta seo a leanas:

i. Ní mór don mhúinteoir scríobh chuig an bhfostóir laistigh de 30 lá ón gcinneadh bunaidh ón bhfostóir ar an iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil a fháil, agus na forais leis an achomharc á leagan amach aige/aici.

ii. Ní mór an t-achomharc a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis leighis a tugadh don tSeirbhís Sláinte Ceirde san iarratas bunaidh ón múinteoir agus ar an bhfaisnéis sin amháin. Ní fhéadfar fianaise leighis nua a chur isteach ag an bpointe seo den phróiseas um fhorálacha tinnis chriticiúil.

iii. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh leighis ach amháin i leith na gcritéar leighis atá leagtha amach in Aguisín 1 agus ní fhéadfar déanamh amhlaidh ach amháin i gcás gur mheas an tSeirbhís Sláinte Ceirde an múinteoir a bheith neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun oibre tráth a bhí an tinneas lena mbaineann air/uirthi.

iv. Cuirfidh an fostóir an litir achomhairc ón múinteoir isteach chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde, a tharchuirfidh an cás chuig an speisialtóir cláraithe neamhspleách sa leigheas ceirde ansin lena athbhreithniú. Is gnách gur bunaithe ar an gcomhad lena mbaineann, agus air sin amháin, a dhéanfar athbhreithniú ar achomharc.

v. Is é €100 an costas ar an measúnú achomhairc agus is é/í an múinteoir a íocfaidh an costas sin. Ní mór don mhúinteoir ordú poist/dréacht bainc nó seic do chostas iomlán an mheasúnaithe a dhéanamh iníoctha le "Medmark Ltd. – CIP Appeal Account" agus é a sheoladh in éineacht lena (h)achomharc. I gcás go n-éireoidh leis an achomharc, aisíocfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde costas an mheasúnaithe leis an múinteoir.

vi. Is trí thuairisc dar teideal "Toradh ar Achomharc in aghaidh Cinneadh maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil" a chuirfear an toradh ar an measúnú leighis in iúl don fhostóir le haghaidh gníomh a dhéanamh ina leith agus don tSeirbhís Sláinte Ceirde chun críocha taifeadta.

vii. Is é an fostóir a dhéanfaidh an cinneadh deiridh ar an achomharc, tar éis dó an chomhairle leighis ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a bhreithniú.

### 3.2 Achomhairc in aghaidh Cinntí Bainistíochta maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil

a) Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón bhfostóir diúltú d'fhorálacha tinnis chriticiúil a dheonú ar bhonn lánrogha bainistíochta agus ba cheart don fhostóir fógra a thabhairt don mhúinteoir faoi na cearta atá aige/aici ina leith sin. I gcás go ndéanfar achomharc in aghaidh an chinnidh ón bhfostóir, ní mór cloí leis na Nósanna Imeachta Casaoide don earnáil lena mbaineann.

## AGUISÍN 1 (CAIBIDIL 3): NA CRITÉIR LEIGHIS A ÚSÁIDTEAR LE hAGHAIDH FORÁLACHA TINNIS CHRITICIÚIL A DHEONÚ

Cuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl cé acu, ina tuairim féin, a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir leighis seo a leanas:

1) Tá an múinteoir neamhfheidhmiúil ó thaobh leighis de chun filleadh ar na dualgais reatha atá air/uirthi nó (nuair is indéanta) ar dhualgais mhodhnaithe ag an ngrád pá céanna.

2) Gabhann **ceann amháin ar a laghad** de na saintréithe seo a leanas leis an riocht leighis atá i gceist:

   (b) Géarthinneas coirp atá bagrach don bheatha

   (c) Tinneas ainsealach forchéimnitheach, a bhfuil acmhainneacht dhea-bhunaithe aige an t-ionchas saoil a laghdú[2]

   (d) Mórthráma coirp, ar gnách go dteastaíonn géarchóireáil mháinliachta cheartaitheach ina leith

   (e) Cúram ospidéil othar cónaitheach nó lae a mhaireann deich lá nó níos mó as a chéile[3].

---

[2] Baineann an acmhainneacht seo leis an riocht i gcoitinne, seachas an duine aonair. Ní mór go bhfuil sé dea-bhunaithe i litríocht leighis a bhfuil athbhreithniú piaraí déanta uirthi go laghdaíonn an riocht leighis an t-ionchas saoil.

[3] I gcás tinneas a bhaineann le toircheas, déanfar an ceanglas go mbeadh an bhean faoi chúram ospidéil ar feadh tréimhse deich lá as a chéile a laghdú go dhá lá nó níos mó as a chéile a chaitheamh faoi chúram ospidéil/clinic othar cónaitheach.

# CAIBIDIL 4 – SCOR DE BHARR DROCHSHLÁINTE

## 1. Scor de bharr Drochshláinte

1. Tá an próiseas um scor de bharr drochshláinte leagtha amach sna doiciméid seo a leanas atá ar fáil ag www.education.ie – Baile - Foireann Oideachais – Seirbhísí – Scor/Pinsin – Pinsin Mhúinteoirí – Scor ar Fhorais Leighis:

   ***a) Faisnéis faoi Scor de bharr Drochshláinte – Múinteoirí: Nósanna Imeachta um Scor de bharr Drochshláinte***
   ***b) Ciorclán 0006/2012: "Scéimeanna Pinsean arna gCistiú ag an Oireachtas – Nósanna Imeachta um Scor de bharr Drochshláinte"***

2. Féadfaidh múinteoir a chinneadh iarratas a dhéanamh ar phinsean scoir de bharr drochshláinte i gcás gur tháinig riocht leighis air/uirthi agus go bhfuil sé/sí den tuairim go bhfuil sé/sí éagumasaithe go buan agus gur dóigh gur buanéiglíocht í an éiglíocht leighis.

3. I gcás go rachaidh ball de scéim pinsean ar scor ar fhorais drochshláinte, beidh impleachtaí suntasacha ann dóibh seo a leanas:
   a) An duine aonair, maidir le stádas, ioncam, gníomhaíocht agus caidreamh sóisialta.
   b) An eagraíocht is fostóir, maidir le caillteanas scileanna agus taithí agus na costais a bhaineann le tacaíocht shealadach agus earcaíocht.
   c) An Scéim Pinsean Gairme.

4. Dá bhrí sin, is amhlaidh, maidir le haon mholtaí go rachfaí ar scor de bharr drochshláinte:
   a) Nach ndéantar iad gan machnamh go maith orthu agus nach ndéantar iad ach amháin tar éis imscrúdú agus breithniú iomlán a dhéanamh.
   b) Nach ndéantar iad ach amháin tar éis iniúchadh iomlán a dhéanamh ar na deiseanna uile atá ann chun cur ar chumas an bhaill scéime téarnamh agus filleadh ar dhualgais atá ann cheana nó ar dhualgais eile, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar na coigeartuithe uile is féidir a dhéanamh, agus tar éis na deiseanna uile sin a chur as an áireamh.
   c) Nach n-úsáidtear iad chun fadhbanna leis an lucht bainistíochta a réiteach, ar fadhbanna iad ar cheart déileáil leo de réir nósanna imeachta bainistíochta, riaracháin nó araíonachta cuí.
   d) Nach ndéantar iad chun freastal ar bhall scéime nach mian leis/léi, ar chúiseanna nach cúiseanna leighis iad, fanacht san fhostaíocht reatha.

5. **Do Mhúinteoirí agus don Lucht Bainistíochta Scoile go háirithe**
   a) I gcás go ndéanfaidh ball scéime iarratas ar shochar pinsin scoir de bharr drochshláinte, ba cheart don fhostóir bheith ar an eolas faoi na himpleachtaí a ghabhann le hiarratas den sórt sin.
   b) I gcás go ndéanfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna an cinneadh gan sochar pinsin scoir de bharr drochshláinte a dhámhachtain, ba cheart don bhall scéime an ní a phlé leis an bhfostóir. An cinneadh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí don bhall scéime dul ar an obair, is ní é nach mór don fhostóir a phlé leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde.
   c) I gcás go mbeidh ball scéime ag fáil sochar pinsin scoir de bharr drochshláinte, ní fhéadfaidh sé/sí gabháil don fhostaíocht ina dhiaidh sin i scoil nó coláiste ar bith a gcistíonn an Stát go díreach nó go hindíreach é/í.
   d) Tabharfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna fógra don fhostóir faoin toradh ar an iarratas agus ar aon achomharc a rinne an ball scéime agus, i gcás go n-éireoidh leis an iarratas, tabharfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna fógra don fhostóir faoin dáta scoir. I gcás Bord Oideachais agus Oiliúna, tabharfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna fógra don bhall scéime faoin toradh ar an iarratas agus ar aon achomharc ina dhiaidh sin agus, i gcás go n-éireoidh leis an iarratas, tabharfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna fógra don bhall scéime faoin dáta scoir.

## 2. Achomhairc in aghaidh cinntí maidir le Scor de bharr Drochshláinte

1. Féadfaidh múinteoir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chun diúltú don iarratas ar shochar pinsin scoir de bharr drochshláinte. Féadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh de réir na nósanna imeachta bunaithe atá leagtha amach sna doiciméid seo a leanas atá ar fáil ag www.education.ie – Baile - Foireann Oideachais – Seirbhísí – Scor/Pinsin – Pinsin Mhúinteoirí – Scor ar Fhorais Leighis:

    ***a) Faisnéis faoi Scor de bharr Drochshláinte – Múinteoirí: Nósanna Imeachta um Scor de bharr Drochshláinte***
    ***b) Ciorclán 0006/2012***

2. Ní dhéanann an toradh ar an bpróiseas achomhairc aon difear do na cearta dlíthiúla atá ag an mball scéime ó thaobh Réiteach Díospóidí Inmheánacha de nó ó thaobh Oifig an Ombudsman Pinsean de. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas um Réiteach Díospóidí Inmheánacha a fháil in Aguisín A a ghabhann leis an doiciméad atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions/pen_ill_health_procedures_2019.pdf

Aguisín B – Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta i leith Forálacha Tinnis Chriticiúil

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Forálacha Tinnis Chriticiúil

# Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta

## Meán Fómhair 2019

# Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta i leith Forálacha Tinnis Chriticiúil

**1.** Is é an cuspóir atá leis na Treoirlínte maidir le Lánrogha Bainistíochta ná cabhrú le fostóirí cinneadh a dhéanamh maidir le forálacha tinnis chriticiúil a dheonú ar bhonn lánrogha bainistíochta i gcás gurb ann "d'imthosca eisceachtúla".

**2.** Is faoin bhfostóir a bheidh sé a chinneadh cé acu a thugann nó nach dtugann aon "imthosca eisceachtúla" údar le forálacha tinnis chriticiúil a dheonú. Déanfaidh sé amhlaidh tar éis breithniú a dhéanamh ar na himthosca ábhartha uile. Is é aidhm na dtreoirlínte cabhrú le fostóirí teacht ar chinneadh atá cothrom agus réasúnta.

## 3. Na himthosca ina bhféadfar forálacha tinnis chriticiúil a dheonú

**3.1** Féadfar forálacha tinnis chriticiúil i leith tinneas criticiúil, coirp nó síciatrach, díobháil throm nó riocht leighis trom a dheonú in dhá imthoisc:

- Forálacha tinnis chriticiúil ar bhonn critéir leighis
- Forálacha tinnis chriticiúil ar bhonn lánrogha bainistíochta

### a) Forálacha tinnis chriticiúil ar bhonn critéir leighis

Féadfaidh fostóir forálacha tinnis chriticiúil a dheonú ar bhonn deimhniú leighis i gcás go gcuirfidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde in iúl go bhfuil an múinteoir thíos le tinneas criticiúil, díobháil throm nó riocht leighis trom, bunaithe ar na critéir leighis atá mionsonraithe faoin Scéim Saoire Breoiteachta. Cé gurb é an fostóir a dhéanfaidh an cinneadh go fóill ar cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar forálacha tinnis chriticiúil, beidh an cinneadh sin bunaithe ar an Tuairisc Leighis maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

### b) Forálacha tinnis chriticiúil ar bhonn lánrogha bainistíochta

Beidh tinnis throma agus díobhálacha agus riochtaí troma ann nach dtiocfaidh faoi na critéir leighis a úsáidtear le haghaidh forálacha tinnis chriticiúil a dheonú. I gcásanna den sórt sin, beidh lánrogha ag fostóirí a chinneadh cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar forálacha tinnis chriticiúil, tar éis dóibh anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis arna soláthar agus ar imthosca an cháis. Is é an aidhm atá leis an lánrogha sin freastal ar thinnis a measfaí de ghnáth gur cinn shuntasacha iad ach nach gcomhlíonann na critéir leighis a úsáidtear. Sampla de sin is ea obráid thromchúiseach lena ngabhann aga téarnaimh fada agus nach bhfuil fanacht ospidéil den fhad a cheanglaítear faoi na critéir leighis i gceist léi.

Tá sé beartaithe gur i gcásanna tromchúiseacha agus/nó eisceachtúla amháin a bheidh údar ann le forálacha tinnis chriticiúil a dheonú ar bhonn lánrogha bainistíochta. Féadfaidh an fostóir treoir a lorg ón tSeirbhís Sláinte Ceirde maidir le saincheisteanna leighis, fad a ghníomhóidh sé laistigh de theorainneacha na rúndachta leighis.

## 4. Cé na nithe nach mór don fhostóir a bhunú?

4.1 Foráiltear leis na "Rialacháin" nach mór don fhostóir na nithe seo a leanas a bhunú sula bhféadfar forálacha tinnis chriticiúil a dheonú ar bhonn "imthosca eisceachtúla":

- Gurb ann "d'imthosca eisceachtúla"; agus

- Go mbaineann na himthosca eisceachtúla sin le tinneas, díobháil nó riocht an mhúinteora; agus
- Go dtugann na himthosca eisceachtúla sin údar le forálacha tinnis chriticiúil a dheonú.

## 5. Cé na nithe ar cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh orthu?

5.1 Ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar an ngnáthbhrí atá leis an bhfocal "eisceachtúil", rud a chiallaíonn "neamhghnách" nó "neamhthipiciúil". Ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu is amhlaidh gur tinneas, díobháil nó riocht atá gnách agus tipiciúil é an riocht nó gur tinneas, díobháil nó riocht atá neamhghnách agus/nó neamhthipiciúil é.

### 5.2 Trí fhoinse faisnéise

5.2.1 Le linn cinneadh a dhéanamh ar cé acu is ann nó nach ann "d'imthosca eisceachtúla" a thabharfadh údar le forálacha tinnis chriticiúil a dheonú ar bhonn lánrogha bainistíochta, ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar na trí fhoinse faisnéise seo a leanas.

**An Cinneadh ón bhFostóir**

| (a) An Tuairisc Leighis maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil | (b) Faisnéis Ábhartha ón múinteoir | (c) Faisnéis Ábhartha Acmhainní Daonna agus breithiúnas gairmiúil |
|---|---|---|

**(a) An Tuairisc Leighis maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil**

Le linn cinneadh a dhéanamh ar an iarratas ó mhúinteoir ar fhorálacha tinnis chriticiúil, ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar an Tuairisc Leighis don Fhostóir maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde. Cuirfear in iúl sa Tuairisc sin cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann riocht leighis an mhúinteora na critéir leighis a úsáidtear le haghaidh forálacha tinnis chriticiúil a dheonú.

I gcás nach gcomhlíonfaidh an tinneas, an díobháil nó an riocht na critéir leighis le haghaidh incháilitheacht d'fhorálacha tinnis chriticiúil, tabharfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde faisnéis leighis bhreise don mhúinteoir. Is faisnéis é sin a mbeidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde ar an eolas fúithi agus a mheasfaidh sí a bheith ábhartha. Áirítear le samplaí:

a) Gnáth-agaí téarnaimh don riocht i gcás gurb ann dóibh, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre (e.g. gnáthaimh mháinliachta roghnacha);

b) Riochtaí leighis breise a bheith ann, nuair is iomchuí;

c) Aimhréidheanna leighis a bheith ann;

d) Aon fhaisnéis eile a mheasfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde a bheith ábhartha maidir le cabhrú leis an bhfostóir a chinneadh forálacha tinnis chriticiúil a dheonú faoi lánrogha bainistíochta (e.g. i gcás go mbeidh fanacht ospidéil othar cónaitheach gar don tairseach deich lá).

I gcás gur mian leis/léi déanamh amhlaidh, féadfaidh an múinteoir an fhaisnéis bhreise sin a thabhairt don fhostóir laistigh de dheich lá ón Tuairisc Leighis don Fhostaí maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil a fháil, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an bhfostóir cinneadh a dhéanamh ar an iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil. Sula ndéanfaidh sé cinneadh ar an iarratas ón múinteoir, mar sin, ba cheart don fhostóir fanacht 10 lá ón dáta a gheofar an Tuairisc Leighis maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil ionas go bhféadfar an fhaisnéis bhreise a chur isteach.

I gcás nach gcomhlíonfaidh an tinneas, an díobháil nó an riocht na critéir leighis le haghaidh incháilitheacht d'fhorálacha tinnis chriticiúil, ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar cé acu a léirítear nó nach léirítear san fhaisnéis bhreise sin "imthosca eisceachtúla" a bhaineann le tinneas, díobháil nó riocht ábhartha an mhúinteora.

**(b) Faisnéis Ábhartha ón múinteoir**

Ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh faisnéis bhreise ag teastáil. Is féidir go mbeidh sé ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir chun é/í a chur ar an eolas faoi na himthosca uile a d'fhéadfadh a bheith ina "n-imthosca eisceachtúla".
Tar éis dó teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir, ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

a) Cé acu atá nó nach bhfuil an múinteoir gar do na critéir leighis atá leagtha amach faoin Scéim Saoire Breoiteachta a chomhlíonadh nó cé acu atá nó nach bhfuil aon tosca eile ann a bhaineann leis an tinneas, an díobháil nó an riocht leighis ba cheart a mheas a bheith "eisceachtúil";

b) Déine an tinnis, na díobhála nó an reachta leighis.

Níor cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar staid airgeadais an mhúinteora nó ar a f(h)eidhmíocht ag an obair.

**(c) Faisnéis Ábhartha Acmhainní Daonna agus breithiúnas gairmiúil**

Ba cheart don fhostóir breithniú a dhéanamh ar aon fhaisnéis ábhartha acmhainní daonna nó ar fhoinsí eile breithiúnais ghairmiúil. Áirítear le samplaí:

i. Fad aon neamhláithreachta roimhe a bhaineann leis an tinneas, an díobháil nó an riocht seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfar an fhaisnéis sin a úsáid chun caitheamh le níos lú fabhair le hiarratas;

ii. An cur chuige a ghlac an fostóir i gcásanna eile agus an gá atá ann le comhsheasmhacht ó thaobh cur chuige de; agus

iii. Cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé réasúnta forálacha tinnis chriticiúil a dheonú nó diúltú dóibh, agus aird á tabhairt ar aon fhaisnéis a d'fhéadfaí a mheas go léirítear imthosca eisceachtúla inti.

Ba cheart don fhostóir a chinntiú nach mbeidh aon choinbhleacht leasa ann le linn dó breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil. Maidir leis sin, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur dlúthchara/dlúthghaol é/í an múinteoir nó, mar mhalairt air sin, ar cé acu a tharraing nó nár tharraing an múinteoir casaoid nó cineál éigin eile gearáin ina aghaidh.

## 6. Fógra a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh

6.1 Ba cheart don fhostóir an cinneadh uaidh a chur in iúl don mhúinteoir i scríbhinn, agus achoimre ghairid á déanamh ar na nithe a ndearnadh breithniú orthu. Ba cheart don fhostóir a léiriú sa chinneadh uaidh go ndearnadh breithniú ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad agus nach ndeachaigh aon fhaisnéis neamhábhartha i bhfeidhm air. I gcás go gcinnfidh an fostóir diúltú don iarratas ón múinteoir ar fhorálacha tinnis chriticiúil, ba cheart don fhostóir fógra a thabhairt don mhúinteoir faoin gceart achomhairc atá aige/aici.

6.2 Is féidir faisnéis níos mionsonraithe faoin bpróiseas achomhairc in aghaidh cinntí Leighis agus cinntí Bainistíochta araon a fháil i gCaibidil 3 (cuid 3 dar teideal "Achomhairc in aghaidh cinntí maidir le Forálacha Tinnis Chriticiúil") den Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí.

## Aguisín C - Ríomhanna Samplacha maidir le Tinneas a bhaineann le Toircheas

**Forálacha maidir le Tinneas a bhaineann le Toircheas**

### Socrú Leanúnach Saoire Breoiteachta a bhaineann le Toircheas

Luaitear an méid seo a leanas i Rialachán 20 de na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta):
Déanfar gach neamhláithreacht dheimhnithe ar Shaoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas faoin scéim reatha Saoire Breoiteachta a aisíoc ag ráta leathphá *laistigh de na gnáth-theorainneacha Saoire Breoiteachta*.

**NÍ BHEIDH FEIDHM** ag Rialachán 20 **ACH AMHÁIN I gCÁS**:

- Gur bhain an múinteoir amach an tairseach do Shaoire Bhreoiteachta íoctha i dtréimhse ceithre bliana (183 lá nó 365 lá).
- Nach bhfuil an múinteoir as láthair faoi láthair ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe a bhaineann le Toircheas.
- Go raibh an múinteoir as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe a bhaineann le Toircheas am éigin le linn na tréimhse ceithre bliana roimhe.

Tá taifead Saoire Breoiteachta Phádraigín leagtha amach thíos:

| Ón | Go dtí an | An líon laethanta | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 1 Márta 2016 | 31 Márta 2016 | 31 | Tinneas Deimhnithe |
| 4 Aibreán 2016 | 4 Bealtaine 2016 | 31 | Tinneas Deimhnithe |
| 3 Deireadh Fómhair 2016 | 1 Samhain 2016 | 30 | Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas |
| 2 Samhain 2016 | 31 Eanáir 2017 | 91 | Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas ar Leathphá |
| 8 Bealtaine 2017 | 30 Bealtaine 2017 | 23 | Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas ar Leathphá |
| | IOMLÁN | 206 | |

Bhí Pádraigín ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe ón 7 Eanáir 2019 go dtí an 7 Aibreán 2019 (91 lá).

- Ag féachaint siar ar na ceithre bliana seo a chuaigh thart – chuaigh sí thar an tairseach 183 lá
  Socrú leanúnach Saoire Breoiteachta a bhaineann le Toircheas – *Íocfar an tSaoire Bhreoiteachta ar fad a bhaineann le Toircheas ar ais ag leathphá (laistigh de ghnáth-theorainneacha Saoire Breoiteachta faoi Rialachán 20)*. Tiocfaidh tréimhse nua ceithre bliana i bhfeidhm (Saoire Bhreoiteachta nach mbaineann le Toircheas). Iomlán = 62 *(206 – 144)*
- Ag féachaint siar ar na ceithre bliana seo a chuaigh thart – níor bhain sí an tairseach 183 lá do Shaoire Bhreoiteachta amach (121 lá)

Íocfar leathphá le Pádraigín ar feadh 91 lá, rud a fhágfaidh go mbeidh sí as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta nach mbaineann le Toircheas ar feadh 153 lá san iomlán i dtréimhse ceithre bliana.

## Aguisín D – Défhéachaint Siar

**Défhéachaint Siar**

**Cás 1 – Gnáth-Thinneas**

Tá taifead Saoire Breoiteachta Áine leagtha amach thíos:

| Ón | Go dtí an | An líon laethanta | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Eanáir 16 | 19 Feabhra 16 | 39 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 1 Márta 17 | 15 Márta 17 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 28 Feabhra 18 | 6 Aibreán 18 | 38 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 7 Aibreán 18 | 30 Bealtaine 18 | 54 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 31 Bealtaine 18 | 5 Iúil 18 | 36 lá | Tinneas Deimhnithe ar Leathphá |
| | IOMLÁN | 182 lá | |

Bhí Áine ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe ón 2 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019 (30 lá).

- Ag féachaint siar ar na ceithre bliana seo a chuaigh thart – níor bhain sí an tairseach 183 lá do Shaoire Bhreoiteachta amach
- Ag féachaint siar ar an mbliain seo a chuaigh thart – níor bhain sí an tairseach 92 lá do Shaoire Bhreoiteachta amach

Gheobhaidh Áine lánphá ar feadh lá amháin. Agus leas á bhaint as an défhéachaint siar, bhí Áine as láthair ar feadh 182 lá sa tréimhse rollach ceithre bliana cheana féin. Dá bhrí sin, tá lá amháin de Shaoire Bhreoiteachta íoctha fágtha aici. Ós rud é nach raibh sí ar aon Saoire Bhreoiteachta sa 12 mhí roimh an 2 Deireadh Fómhair 2019, beidh rochtain aici ar lánphá don lá sin. I gcás go gcomhlíonfaidh Áine na critéir le haghaidh luach saothair sealadach athshlánúcháin, gheobhaidh sí lánphá i leith na 29 lá eile freisin.

**Cás 2 – Tinneas Criticiúil**

Tá taifead Saoire Breoiteachta Eoin leagtha amach thíos:

| Ón | Go dtí an | An líon laethanta | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Bealtaine 16 | 23 Meitheamh 16 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 1 Nollaig 16 | 15 Nollaig 16 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 1 Márta 17 | 3 Aibreán 17 | 34 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 4 Aibreán 17 | 20 Meitheamh 17 | 78 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | IOMLÁN | 170 lá | |

Bhí Eoin ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe ón 2 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 29 Aibreán 2020 (211 lá). Chuir sé iarratas ar fhorálacha tinnis chriticiúil isteach, rud a ceadaíodh.

- Ag féachaint siar ar na ceithre bliana seo a chuaigh thart – níor bhain sé an tairseach 365 lá do Shaoire Bhreoiteachta amach
- Ag féachaint siar ar an mbliain seo a chuaigh thart – níor bhain sé an tairseach 183 lá do Shaoire Bhreoiteachta amach

Bhí Eoin as láthair ar feadh 170 lá sa tréimhse rollach ceithre bliana cheana féin sula ndeachaigh sé ar an tsaoire seo. Ós rud é nach raibh sé ar aon Saoire Bhreoiteachta sa tréimhse rollach aon bhliana dar tús mhí Dheireadh Fómhair 2018, áfach, gheobhaidh sé lánphá ar feadh 183 lá. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta ar feadh 353 lá san iomlán i dtréimhse ceithre bliana. Gheobhaidh sé leathphá ar feadh 12 lá eile. I gcás go mbeidh sé incháilithe dó, gheobhaidh sé luach saothair sealadach athshlánúcháin ar feadh na 16 lá atá fágtha.

Féach Nóta Faisnéise TC/IN 0001/2025 i ndáil le Saoire Mháithreachais a Chur ar Atráth de dheasca Riocht Tromchúiseach Sláinte.

Is de bharr athruithe reachtaíochta a chomhairlítear d'fhostóirí faoi leasú ar an Scéim um Shaoire Mháithreachais do mhúinteoirí, a fholaítear in Imlitir 0054/2019 (Caibidil 2). Féach, le do thoil, an Nóta Faisnéise TC/IN 0010/2024.

## CAIBIDIL 2 – AN SCÉIM SAOIRE MÁITHREACHAIS

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Saoire Máithreachais**

1.1 Rialáiltear an Scéim Saoire Máithreachais leis an Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994, arna leasú.

**2. Teidlíocht i leith Saoire Mháithreachais**

2.1 Aon mhúinteoir torrach a thabharfaidh leanbh beo ar an saol, beidh sí i dteideal Saoire Mháithreachais reachtúil íoctha a fháil ar feadh 26 seachtaine agus Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a fháil ar feadh tréimhse 16 seachtaine. Is féidir go mbeidh an múinteoir i dteideal Saoire Mháithreachais Fhadaithe i gcás Breith Réamhaibí (nuair is infheidhme) freisin.

2.2 Is gnách go dtosóidh an tSaoire Mháithreachais ar cibé lá a roghnóidh an múinteoir torrach, ach amháin i gcás go mbeidh sé deimhnithe ó thaobh leighis de gur cheart an tsaoire a thosú ar dháta ar leith. Mar sin féin, ní thitfidh an dáta tosaithe tráth níos déanaí ná dhá sheachtain roimh dheireadh na seachtaine ina measfar go dtabharfar an leanbh ar an saol agus ní mór ceithre seachtaine ar a laghad a thógáil tar éis dheireadh na seachtaine inar tugadh an leanbh ar an saol. Chun na gcríoch sin, féachfar ar an Satharn mar lá a thiteann ag deireadh na seachtaine.

2.3 Ba cheart do mhúinteoirí aird a bheith acu freisin ar na rialacha ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ina luaitear nach mbeidh múinteoir incháilithe do Shaoire Mháithreachais ach amháin ón 24ú seachtain den toircheas agus go dtí deireadh na Saoire Máithreachais Reachtúla nó na Saoire Máithreachais fadaithe i gcás Breith Réamhaibí (nuair is infheidhme). Is féidir tuilleadh mionsonraí faoi na rialacháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a fháil go díreach ón Roinn sin.

2.4 I gcás go dtarlóidh an bhreith roimh dháta tosaithe beartaithe na saoire, ní mór an tSaoire Mháithreachais a thosú díreach tar éis na breithe agus ní mór fógra a thabhairt don fhostóir faoi sin.

2.5 I gcás go dtarlóidh an bhreith tar éis an dáta ionchais agus go mbeidh níos lú ná ceithre seachtaine de Shaoire Mháithreachais fágtha, ní mór fógra a thabhairt don fhostóir agus don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoi sin agus fadófar an tSaoire Mháithreachais chun a chinntiú go dtógfar Saoire Mháithreachais ceithre seachtaine tar éis na breithe.

2.6 I gcás go dtarlóidh marbh-bhreith tar éis an 24ú seachtain den toircheas, beidh feidhm ag na lánteidlíochtaí i leith Saoire Mháithreachais go fóill.

**3. Saoire Mháithreachais Fhadaithe agus Sochar Máithreachais Fadaithe i gcás Breith Réamhaibí**

3.1 Foráiltear leis na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais do Shaoire Mháithreachais fhadaithe i gcás breith réamhaibí. Beidh an tsaoire fhadaithe sin de bhreis ar an tSaoire Mháithreachais reachtúil íoctha 26 seachtaine.

3.2 Bainfidh an tSaoire Mháithreachais fhadaithe i gcás Breith Réamhaibí leis an tréimhse idir dáta breithe iarbhír an linbh réamhaibí agus dhá sheachtain roimh dheireadh na seachtaine ina rabhthas ag súil leis an leanbh.

3.3 Tosóidh an tSaoire Mháithreachais fhadaithe i gcás Breith Réamhaibí ag deireadh na tréimhse caighdeánaí 26 seachtaine de Shaoire Mháithreachais reachtúil íoctha.

3.4 Chun éileamh a dhéanamh ar aon Sochar breise a fháil de bharr breith réamhaibí, ba cheart do mhúinteoir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Sochar Máithreachais sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná deireadh an 26ú seachtain de Shaoire Mháithreachais reachtúil.

3.5 Ceanglóidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar an múinteoir litir ón ospidéal (nó teastas breithe) a sholáthar ina ndeimhneofar dáta breithe iarbhír an linbh agus an tseachtain den tréimhse iompair inar rugadh an leanbh. A luaithe a sholáthróidh an múinteoir an fhaisnéis riachtanach, déanfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí measúnú ar an éileamh chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil an múinteoir i dteideal aon Sochar Máithreachais breise a fháil de bharr na breithe réamhaibí. Nuair is cuí, tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí deimhniú i scríbhinn don mhúinteoir maidir leis an Sochar Máithreachais breise atá le híoc.

3.6 Ceanglófar ar an múinteoir cóip den litir deimhniúcháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a thabhairt don fhostóir. Ní mór don fhostóir mionsonraí faoin mbreith réamhaibí a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna ansin. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, ríomhfaidh an Pámháistir aon teidlíocht i leith Saoire Mháithreachais fhadaithe a fháil de bharr Breith Réamhaibí, rud a thaifeadfar ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

## 4. Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha Bhreise

4.1 Féadfaidh múinteoir 16 seachtaine as a chéile ar a mhéad de Shaoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil, ag tosú ar an dáta tar éis na Saoire Máithreachais reachtúla nó na Saoire Máithreachais fadaithe i gcás Breith Réamhaibí.

4.2 Is féidir go mbeidh aon mhúinteoir a bhaineann leas as Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise i dteideal creidmheasanna ÁSPC a fháil. Ní mór don mhúinteoir agus don fhostóir Iarratas SW1 ar chreidmheasanna Saoire Máithreachais, atá ar fáil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, a chomhlánú agus ní mór é a sheoladh ar ais chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá sé faoin múinteoir iarratas a dhéanamh ar na creidmheasanna sin.

## 5. Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise

5.1 Tar éis di Saoire Mháithreachais (agus Saoire Mháithreachais fhadaithe i gcás Breith Réamhaibí, nuair is infheidhme) agus Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a chríochnú, féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar Shaoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana, i.e. an 31 Lúnasa.

5.2 Beidh Saoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise faoi réir ceadú i scríbhinn a fháil ón bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an tráth atá sé beartaithe an tsaoire sin a thógáil.

## 6. An t-ord nach mór Saoire Mháithreachais a thógáil ann

6.1 Ní mór teidlíochtaí Saoire Máithreachais a thógáil san ord seo a leanas:

a) Saoire Mháithreachais reachtúil (26 seachtaine)

b) Saoire Mháithreachais reachtúil fhadaithe i gcás breith réamhaibí, nuair is infheidhme (an líon seachtainí ó dháta breithe iarbhír an linbh go dtí an dáta a rabhthas ag súil leis go dtosódh an tSaoire Mháithreachais air)

c) Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise (suas go dtí 16 seachtaine ar a mhéad)

d) Saoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa)

6.2 I gcás go n-úsáidfear na cineálacha Saoire Máithreachais uile, de réir mar is cuí do gach duine aonair, is é an chéad lá oibre eile a bheidh sa dáta a atosóidh an múinteoir dualgais.

**7. Am saor ón obair le haghaidh freastal ar choinní agus ar ranganna**

7.1 Beidh múinteoirí torracha i dteideal am saor a thógáil ón obair, gan aon phá a chailleadh, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a) freastal ar choinní leighis a bhaineann le cúram réamhbhreithe,

b) freastal ar shraith iomlán amháin de ranganna réamhbhreithe in aon ghairm oibre agus ar na 3 rang dheireanacha den tsraith i gcás aon toircheas ina dhiaidh sin, agus

c) freastal ar choinní leighis a bhaineann le cúram iarbhreithe laistigh de 14 seachtaine ón mbreith.

7.2 I gcás go gcaillfidh múinteoir torrach ranganna réamhbhreithe ar leith i sraith, beidh cead aici, le linn aon toircheas ina dhiaidh sin, freastal ar ranganna is coibhéiseach leis na cinn a cailleadh.

7.3 Beidh fear atá ag súil le leanbh i dteideal am saor a thógáil ón obair, gan aon phá a chailleadh, chun freastal ar an dá rang réamhbhreithe dheireanacha i sraith a bhfuil an bhean thorrach ag freastal uirthi díreach roimh an mbreith.

7.4 Ba cheart fógra dhá sheachtain a thabhairt faoi gach neamhláithreacht dá dtagraítear sa mhír seo agus ba cheart fianaise dhoiciméadach chuí a thabhairt ina leith.

**8. Nósanna Imeachta Iarratais**

8.1 Ní mór don mhúinteoir iarratas ar gach cineál Saoire Máithreachais, bíodh sí íoctha nó neamhíoctha, a dhéanamh chuig a fostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais in Aguisín A a ghabhann leis an gCaibidil seo.

8.2 Chun leas a bhaint as Sochar Máithreachais, ní mór don mhúinteoir Foirm MB1 ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a chomhlánú agus ba cheart don mhúinteoir a chinntiú go gcomhlánóidh an múinteoir an rannán fostóra. Ní mór don mhúinteoir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sé seachtaine ar a laghad roimh dháta tosaithe na saoire. NÍOR cheart Foirm MB1 a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

8.3 De rogha air sin, féadfaidh múinteoir iarratas ar líne ar Shochar Máithreachais a dhéanamh ach logáil isteach ar an suíomh Gréasáin seo: https://services.mywelfare.ie/. Chun iarratas ar líne a chomhlánú, ní mór don mhúinteoir a chinntiú gur chomhlánaigh an fostóir Foirm MB2 ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

**9. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh**

9.1 Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoin neamhláithreacht Saoire Máithreachais tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh thosú na saoire.

9.2 Is ar fáil in Aguisín B a ghabhann leis an gCaibidil seo atá an nós imeachta le haghaidh neamhláithreachtaí Saoire Máithreachais a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne.

9.3 Tá samplaí de chásanna Saoire Máithreachais faoi iamh in Aguisín C a ghabhann leis an gCaibidil seo.

**10. Socruithe Pá agus Sochar Máithreachais**

10.1 Ní teidlíocht reachtúil é leanúint le tuarastal a íoc le linn Saoire Mháithreachais agus ba cheart fógra a thabhairt don Phámháistir láithreach faoi aon bheart a bhfuil sé riachtanach tuarastal múinteora a choigeartú dá bharr.

10.2 Ioncam inchánach is ea íocaíocht Sochair Mháithreachais.

10.3 Faoi na rialacháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, is iad seo a leanas na socruithe atá i bhfeidhm do ranníocóirí ÁSPC:

- Ráta iomlán (Aicme A): Eiseofar go díreach chuig an múinteoir aon Sochar Máithreachais atá le híoc ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Cuirfidh an Pámháistir asbhaint ón tuarastal i bhfeidhm a bheidh coibhéiseach le ráta seachtainiúil uasta an tSochair Mháithreachais.

- Ráta modhnaithe (Aicme D): Níl aon teidlíocht ann i leith Sochar Máithreachais. Dá bhrí sin, ní chuirtear aon asbhaint i bhfeidhm maidir le tuarastal an mhúinteora agus faigheann an múinteoir a gnáth-thuarastal fós.

10.4 I gcás gur lú méid an tSochair Mháithreachais atá iníoctha leis an múinteoir ná an méid uasta, nó i gcás nach mbeidh an múinteoir i dteideal aon Sochar Máithreachais a fháil, ba cheart don mhúinteoir fógra a thabhairt don Phámháistir faoi sin láithreach chun a chinntiú go mbeidh sí in ann leanúint leis an tuarastal cuí a fháil.

Féadfar athruithe a dhéanamh ar an asbhaint uathoibríoch ar choinníoll go dtabharfaidh an múinteoir don Phámháistir cóip den fhógra i scríbhinn ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoin ráta iarbhír Sochair Mháithreachais is infheidhme, más ann. I gcás gurb iomchuí, déanfar asbhaintí gach coicís le linn na tréimhse Saoire Máithreachais reachtúla

íoctha suas go dtí 26 seachtaine ar a mhéad. I gcás go dtaifeadfar na neamhláithreachtaí Saoire Máithreachais go mall ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, asbhainfear aon riaráiste ó thuarastal an mhúinteora.

**11. Stádas le linn Saoire Mháithreachais**

11.1 Aon mhúinteoir atá as láthair ar cheann ar bith de na cineálacha Saoire Máithreachais dá dtagraítear thíos, measfar í a bheith i mbun fostaíochta ag an am sin.

a) Is ináirithe atá Saoire Mháithreachais íoctha (lena n-áirítear Saoire Mháithreachais fhadaithe i gcás breith réamhaibí) chun críocha sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

b) Is ináirithe atá Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise chun gach críche, seachas chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais.

c) Ní ináirithe atá Saoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise chun aon chríche, lena n-áirítear chun críche saoire bhliantúil a fhabhrú.

**12. Fostaíocht le linn Saoire Mháithreachais a Thógáil**

12.1 Ní fhéadfaidh múinteoir atá as láthair ar Shaoire Mháithreachais gabháil d'aon chineál teagaisc nó aon fhostaíocht íoctha eile.

12.2 Faoi na rialacháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, féadfar Sochar Máithreachais a fhoirceannadh i gcás go ngabhfaidh múinteoir d'fhostaíocht íoctha agus í ar Shaoire Mháithreachais.

12.3 Athbhreithneoidh an Pámháistir íoc an tuarastail i gcás fhoirceannadh an tSochair Mháithreachais toisc nár comhlíonadh téarmaí na Scéime Sochair Mháithreachais.

**13. Sláinte agus Sábháilteacht**

13.1 Leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007), cuirtear dualgas ar an bhfostóir, a luaithe a thabharfaidh an múinteoir fógra dó go bhfuil sí torrach, measúnú a dhéanamh ar aon riosca sonrach atá ann san áit oibre don mhúinteoir sin agus a chinntiú (laistigh de thréimhse 26 seachtaine tar éis bhreith an linbh) nach nochtfar an múinteoir torrach, an múinteoir iarbhreithe nó an múinteoir atá ag cothú cíche d'oibreáin, próisis nó coinníollacha oibre ar bith a dhéanfadh damáiste do shábháilteacht nó

sláinte an mhúinteora thorraigh agus/nó do shábháilteacht nó sláinte an linbh atá ag fás.

13.2 Ba cheart fógra a thabhairt don mhúinteoir faoi thorthaí an mheasúnaithe riosca agus faoi na bearta atá le déanamh. Is le fáil in ailt 17-20 den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994, atá an socrú mionsonraithe maidir leis na freagrachtaí faoi seach atá ar an bhfostóir agus ar an múinteoir i dtaca le Saoire Sláinte agus Sábháilteachta.

13.3 I gcás go sainaithneofar riosca agus nach féidir é a bhaint, ba cheart don fhostóir bearta cosantacha agus coisctheacha a dhéanamh chun sláinte agus sábháilteacht aon mhúinteora a bhfuil feidhm ag na forálacha maidir leis/léi a chosaint, lena n-áirítear:

a) timpeallacht oibre an mhúinteora lena mbaineann a choigeartú go sealadach chun go seachnófar an nochtadh don riosca, nó

b) an múinteoir a aistriú chuig obair mhalartach oiriúnach nach bhfuil an riosca i gceist léi i gcás nach mbeifear in ann an coigeartú sin a dhéanamh, nó

c) Saoire Sláinte agus Sábháilteachta a dheonú don mhúinteoir i gcás nach mbeidh fáil ar obair mhalartach den sórt sin, tar éis dul i ndáil chomhairle leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde agus deimhniú a fháil uaithi. Féach an Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí. Tá an múinteoir i dteideal deimhniú ina sonraítear na cúiseanna ar deonaíodh saoire di a fháil ach é a iarraidh. Ní mór dáta tosaithe agus dáta deiridh ionchais na saoire a dheimhniú freisin sa deimhniú. Féadfar Saoire Sláinte agus Sábháilteachta a dheonú i leith níos mó ná tréimhse amháin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha amach i míreanna 13.1 agus 13.2 thuas, le haghaidh gach tréimhse ar leith lena mbaineann.

d) Íocfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna as cumhdach ionaid i dtaca le Saoire Sláinte agus Sábháilteachta.

13.4 Soláthraítear foirm shamplach um dheimhniú riosca sa sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Chosaint Mháithreachais (Deimhniú Saoire Sláinte agus Sábháilteachta), 1995 (I.R. Uimh. 19 de 1995).

13.5 Tiocfaidh an tSaoire Sláinte agus Sábháilteachta chun deiridh:

a) a luaithe a thosóidh an múinteoir lena mbaineann Saoire Mháithreachais; nó

b) a luaithe nach mbeidh an múinteoir ina fostaí a bhfuil feidhm ag Cuid III den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994, maidir léi a thuilleadh (i.e. tabharfaidh sí fógra don fhostóir nach bhfuil sí torrach, nár rugadh leanbh di sna 14 seachtaine is déanaí nó nach

bhfuil leanbh le breith di agus nach bhfuil cothú cíche le tabhairt aici laistigh de 26 seachtaine, mar a shainmhínítear san Acht); nó

c) a luaithe nach mbeidh an riosca ann a thuilleadh.

13.6 Ba cheart ceisteanna sonracha faoi shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta a chur ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, a thugann comhairle, cúnamh agus spreagadh chun timpistí atá bainteach leis an obair a chosc agus chun sábháilteacht cheirde, sláinte cheirde agus folláine cheirde a chur chun cinn.

13.7 Múinteoir a dhéanann ranníocaíochtaí ÁSPC ag an ráta modhnaithe (Aicme D) agus nach bhfuil aon teidlíocht aige/aici i leith Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, beidh sé/sí i dteideal lánphá a fháil agus é/í ar Shaoire Sláinte agus Sábháilteachta. Múinteoir a dhéanann ranníocaíochtaí ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) agus atá i dteideal Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, íocfaidh an Pámháistir an tuarastal iomlán leis/léi don chéad 21 lá agus, ina dhiaidh sin, íocfar an tuarastal iomlán leis/léi lúide aon sochar arna íoc ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí – Foirm HSB1.

## 14. Múinteoir Ionaid

14.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi, chun na neamhláithreachtaí go léir dá dtagraítear sa Chaibidil seo agus a mhaireann lá amháin ar a laghad a chumhdach. Ní mór don fhostóir na neamhláithreachtaí sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

14.2 I gconarthaí a bhronntar chun neamhláithreachtaí Saoire Máithreachais a chumhdach, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh don fhíric gur féidir go mbeidh sé riachtanach ceapachán an mhúinteora ionaid a fhoirceannadh i gcás go bhfillfidh an múinteoir atá as láthair ar dhualgais níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis (e.g. i gcás go gcuirfidh múinteoir atá as láthair cuid den tSaoire Mháithreachais ar atráth toisc go bhfuil an leanbh san ospidéal).

## 15. Saoire Mháithreachais a Chur ar Atráth

15.1 I gcás go gcuirfear an leanbh san ospidéal, féadfar iarraidh a dhéanamh chuig an bhfostóir ar na nithe seo a chur ar atráth:

a) Saoire Mháithreachais reachtúil

b) Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise

c) Saoire Atharthachta reachtúil

d) Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise

15.2 Ní fhéadfar Saoire Mháithreachais a chur ar atráth ach tar éis 14 seachtaine ar a laghad den tsaoire, nach mór ceithre seachtaine díobh a bheith tógtha tar éis sheachtain bhreith an linbh. I gcás go gcuirfear Saoire Mháithreachais ar atráth, beidh ar an múinteoir atá as láthair dualgais a atosú sa scoil le linn thréimhse an chuir ar atráth.

15.3 Ní mór iarratas ar chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal a bhfuil an leanbh ann a chur isteach ina theannta. Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh uaidh a luaithe is féidir. I gcás go gcuirfear an tsaoire ar atráth, ní mór don fhostóir agus don mhúinteoir dáta an fhillidh ar an obair a chomhaontú.

15.4 Ní mór fógra a thabhairt don Phámháistir agus don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i gcás go mbeidh an múinteoir le filleadh ar an obair. Ní mór déanamh amhlaidh chun coigeartú pá a éascú, chun scor d’aon sochar ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus chun an íocaíocht leis an múinteoir ionaid a thabhairt chun críche.

15.5 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil i dtréimhse leanúnach amháin a thosóidh tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an leanbh a scaoileadh amach ón ospidéal. Is é sé mhí an tréimhse uasta le haghaidh an tsaoire a chur ar atráth.

15.6 Ní mór don mhúinteoir litir nó doiciméad cuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh ina ndeimhnítear an dáta a scaoileadh an leanbh amach a thabhairt don fhostóir.

15.7 I gcás go dtiocfaidh tinneas ar an múinteoir tar éis dó/di filleadh ar an obair agus roimh dó/di an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil, measfar gur thosaigh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth ar an gcéad lá den neamhláithreacht de bharr tinnis ach amháin i gcás go dtabharfaidh an múinteoir fógra don fhostóir nach mian leis/léi an tsaoire atá curtha ar atráth a thosú. I gcás go dtarlóidh sé sin, géillfidh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar Shaoire Bhreoiteachta.

15.8 Ba cheart cloí ansin leis na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta, lena n-áirítear deimhniú dochtúra a thabhairt nuair is cuí.

Chun go nglacfar leis an deimhniú dochtúra, ní mór:

- é a bheith sínithe ag lia-chleachtóir atá cáilithe go cuí agus atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe nó le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann. In imthosca eisceachtúla, is féidir go nglacfar le deimhnithe dochtúra ó lia-chleachtóirí thar lear, mar shampla i

gcás go n-éireoidh múinteoir tinn agus é/í thar lear nó go mbeidh sé/sí ag fáil cóireáil leighis aitheanta nach bhfuil ar fáil in Éirinn. Ní mór comhairle a lorg ón tSeirbhís Sláinte Ceirde in imthosca den sórt sin.

- tréimhse nach mó ná seachtain amháin a chumhdach ann de ghnáth. Mar sin féin, is féidir go gceadófar deimhniúchán i leith tréimhsí suas le haon mhí faoi lánrogha an fhostóra.
- a lua ann cé acu atáthar nó nach bhfuiltear feidhmiúil chun oibre.

**16. Saoire Atharthachta**

16.1 I gcás go bhfaighidh an mháthair bás laistigh de 40 seachtain ó bhreith aon linbh bheo, beidh múinteoir fireannach atá ar athair an linbh i dteideal saoire mar seo a leanas:

a) i gcás go bhfaighidh an mháthair bás roimh dheireadh an 24ú seachtain tar éis sheachtain bhreith an linbh léi, beidh an t-athair i dteideal saoire íoctha a fháil go dtí an 24ú seachtain. Ag deireadh na tréimhse sin, beidh sé i dteideal iarratas a dhéanamh ar 16 seachtaine eile as a chéile de shaoire neamhíoctha bhreise, a thosódh láithreach, nó

b) i gcás go bhfaighidh an mháthair bás tar éis an 24ú seachtain tar éis sheachtain bhreith an linbh léi, beidh an t-athair i dteideal saoire neamhíoctha a fháil go dtí an 40ú seachtain tar éis sheachtain bhreith an linbh.

16.2 Beidh feidhm ag an socrú seicheamhaithe atá leagtha amach i mír 6 maidir leis an tSaoire Atharthachta freisin:

a) Saoire Atharthachta (aon chuid atá fágtha de theidlíocht na máthar i leith Saoire Mháithreachais a aistriú chuig an athair suas go dtí an 24ú seachtain tar éis sheachtain na breithe)

b) Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise (aon chuid eile de theidlíocht na máthar i leith Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise 16 seachtaine sa bhreis a aistriú chuig an athair suas go dtí an 40ú seachtain tar éis sheachtain na breithe)

c) Saoire Atharthachta neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa)

16.3 Ba cheart an tsaoire a thosú de ghnáth laistigh de sheacht lá tar éis na heachtra a chruthaigh teidlíocht an athar i leith na saoire ach ba cheart don fhostóir lánrogha atá oiriúnach do na himthosca aonair a fheidhmiú. Chun leas a bhaint as a theidlíocht saoire, féadfaidh an t-athair sna himthosca seo iarratas i scríbhinn a dhéanamh chuig a fhostóir. A luaithe is féidir le réasún,

ba cheart cóip de theastas báis na máthar agus cóip de theastas breithe an linbh a thabhairt don fhostóir.

16.4 Cuirfear san áireamh sna socruithe thuas aon teidlíocht i leith Saoire Mháithreachais fhadaithe i gcás breith réamhaibí.

**17. Saoire Mháithreachais/Atharthachta Reachtúil Neamhíoctha Bhreise a Fhoirceannadh**

17.1 Féadfar iarratas ar Shaoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise, nó Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise, a tharraingt siar i scríbhinn ar chúis ar bith suas go dtí ceithre seachtaine roimh dháta tosaithe beartaithe na saoire sin. I gcás go n-imeoidh an tréimhse cealaithe ceithre seachtaine dá bhforáiltear san Acht thart, caillfear an teidlíocht i leith iarratas a tharraingt siar.

17.2 I gcás tinnis, áfach, féadfar iarraidh fhoirmiúil a dhéanamh chuig an bhfostóir fós, fiú tar éis thosú thréimhse na saoire sin, ar an tsaoire a fhoirceannadh i bhfabhar neamhláithreacht Saoire Breoiteachta deimhnithe. Tá sé faoi lánrogha an fhostóra a chinneadh cé acu a cheadófar nó nach gceadófar iarraidh ar an tSaoire Mháithreachais a fhoirceannadh. I gcás go gceadófar an iarraidh, ní mór don fhostóir agus don mhúinteoir an dáta le haghaidh an tsaoire a fhoirceannadh a chomhaontú. Ní ceadmhach an dáta comhaontaithe a bheith níos luaithe ná an chéad lá den tinneas deimhnithe agus ní ceadmhach é a bheith níos déanaí ná an dáta a thiocfadh an tSaoire Mháithreachais fhoirceanta chun deiridh ar shlí eile. Beidh feidhm ansin ag na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta. Ní bheidh an múinteoir i dteideal ina dhiaidh sin an tSaoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise nó aon chuid di a thógáil.

17.3 Chun an coigeartú riachtanach pá a éascú, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Phámháistir go bhfuil an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta anois.

**18. Filleadh ar an obair tar éis Saoire Mháithreachais**

18.1 Ba cheart don fhostóir ráiteas i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir atá as láthair faoina neamhláithreacht agus faoin dáta ionchais a atosófar dualgais. Ba cheart fógra i scríbhinn ón múinteoir a thabhairt don fhostóir ceithre seachtaine sula bhfuil sí le filleadh, á dheimhniú go bhfuil sé ar intinn aici dualgais a atosú ar an dáta sin.

**19. Sosanna Cothaithe Cíche**

Féach Ciorclán 0052/2023 maidir le Sosanna Beathú Cíche, a ghabhann ionad Mhír 19 de Chaibidil 2 (An Scéim Saoire Máithreachais) faoin gCiorclán seo.

19.1 Laistigh de thréimhse 104 seachtaine tar éis bhreith an linbh, féadfaidh múinteoir a d’fhill ar an obair leas a bhaint as sosanna cothaithe cíche ar feadh uair an chloig ar a mhéad sa lá le haghaidh cothú cíche nó lachtadh gan pá a chailleadh.

19.2 Ní mór do mhúinteoir a cháilíonn le haghaidh na forála sin fógra i scríbhinn a thabhairt dá fostóir ceithre seachtaine roimh ré, á rá go bhfuil sé ar intinn aici leas a bhaint as na sosanna sin. Ní mór cóip de theastas breithe an linbh a chur isteach i dteannta an iarratais ar shosanna cothaithe cíche.

19.3 Féadfar sosanna cothaithe cíche a thógáil mar seo a leanas:-

a) sos amháin a mhaireann 60 nóiméad, nó

b) dhá shos a mhaireann 30 nóiméad an ceann, nó

c) trí shos a mhaireann 20 nóiméad an ceann

Ba cheart patrún na sosanna cothaithe cíche a chomhaontú tar éis don fhostóir agus don mhúinteoir dul i ndáil chomhairle lena chéile. Ba cheart d'fhostóirí bearta réasúnta a dhéanamh chun patrún na sosanna cothaithe cíche arna n-iarraidh a éascú, agus aird chuí á tabhairt acu ar leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí.

19.4 Múinteoir atá ag baint leas as sosanna cothaithe cíche agus a scoireann de chothú cíche, ba cheart di fógra i scríbhinn a thabhairt dá fostóir faoi sin a luaithe is féidir.

19.5 Ní íocann an Roinn as cumhdach ionaid i dtaca le sosanna cothaithe cíche. Ar leibhéal iar-bhunscoile, ba cheart na sosanna a chumhdach tríd an Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta.

# Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire Mháithreachais

## Foirm Iarratais ar Shaoire Mháithreachais

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe.**

Más rud é go n-íocann an múinteoir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A, ba cheart Foirm MB1 agus Foirm MB2 chomhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is féidir an Fhoirm seo a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ar líne ag www.welfare.ie. Is féidir iarratais ar líne ar Shochar Máithreachais a dhéanamh ag an seoladh seo freisin: https://services.mywelfare.ie/

**CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: ___________________________ Uimhir Theagmhála: ________________

Seoladh Baile: ____________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ______________________________________________________________

UPSP: ____________________________________________________________________________

Ainm na Scoile: ____________________________________ Uimhir Rolla: _________________

BAINEANN AN tIARRATAS LE: *(Cuir tic leis an rogha chuí)*

□ Saoire Mháithreachais (26 seachtaine)

□ Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise (suas go dtí 16 seachtaine ar a mhéad)

□ Saoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise (go dtí deireadh na scoilbhliana, i.e. an 31 Lúnasa)

**CUID 1B – MIONSONRAÍ FAOIN tSAOIRE MHÁITHREACHAIS**

**Dáta Breithe Ionchais:** _____/______/______

*(Ní mór Deimhniú Dochtúra ina ndeimhnítear an dáta breithe ionchais a chur faoi iamh)*

- **Saoire Mháithreachais:**

  Ón _____________________ go dtí an _____________________ (an dá dháta sin san áireamh)

- **Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha Bhreise:**

  Ón _____________________ go dtí an _____________________ (an dá dháta sin san áireamh)

- **Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise:**

  Ón ________________________ go dtí an _______________________ (an dá dháta sin san áireamh)

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Mháithreachais i gcomhréir leis an Scéim Saoire Máithreachais atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ________________________________ Dáta: ________________

## Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Mháithreachais a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an tSaoire Mháithreachais/gur dhiúltaigh mé don tSaoire Mháithreachais (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Saoire Máithreachais atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Shaoire Mháithreachais ☐
2) Deimhniú Dochtúra ina dtaispeántar an Dáta Breithe ionchais ☐
3) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh an tSaoire Cheadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: ____________________________________ Dáta: _______________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

# Aguisín B - Nósanna Imeachta maidir le Saoire Mháithreachais a Thaifeadadh

**Nósanna imeachta a bhaineann le Saoire Mháithreachais a Thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne**

1) Cliceáil ar 'Cuir Leis' faoi 'Saoire' ar roghchlár an Chórais Éileamh ar Líne
2) Iontráil dáta tosaithe agus dáta deiridh na saoire
   - Cliceáil ar 'Ar Aghaidh'
3) Roghnaigh an ball foirne atá ar saoire
   - Roghnaigh an chatagóir saoire – Saoire Teaghlaigh agus
   - Roghnaigh an fhochatagóir saoire – Saoire Mháithreachais
   - I dtaca le Saoire Mháithreachais, ba cheart 182 lá (26 seachtaine) a bheith ar an líon iomlán laethanta atá sa raon.
   - Cliceáil ar 'Ar Aghaidh'
4) Iontráil an dáta breithe ionchais
   - Fíoraigh deimhniú Fhoirm MB1 agus Fhoirm MB2

Faisnéis chun Cabhrú le Fostóirí Foirm MB2 a Chomhlánú

- ➢ Chun cabhrú leis an rannán fostóra d'Fhoirm MB1 agus d'Fhoirm MB2 a chomhlánú, taispeántar liosta de na seachtainí ÁSPC don bhliain reatha agus don bhliain roimhe ar an gCóras Éileamh ar Líne.
- ➢ I gcás go mbeidh 52 sheachtain ar an líon iomlán seachtainí ÁSPC don bhliain cánach roimhe agus go mbeidh an múinteoir i mbun fostaíocht leanúnach ón uair sin i leith, is é 52 sheachtain an líon iomlán seachtainí atá le hiontráil. I gcás gur lú ná 52 sheachtain an líon iomlán seachtainí agus go mbeidh conradh ag an múinteoir go dtí dáta tosaithe a Saoire Máithreachais, is ionann an líon iomlán seachtainí agus suim na seachtainí ÁSPC sa bhliain cánach roimhe móide na seachtainí ÁSPC sa bhliain cánach reatha go dtí dáta tosaithe a Saoire Máithreachais.
- ➢ Iontráil an Uimhir Chláraithe Fostóra chuí, agus déan an fhoirm a shíniú, a dhátú agus a stampáil dá réir.

  Is é 0081300S an Uimhir Chláraithe Fostóra do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile

  Is é 4000099H an Uimhir Chláraithe Fostóra do Mhúinteoirí Bunscoile

   - Cliceáil ar 'Cuir Deimhniú Leis'
   - Iontráil dáta tosaithe agus dáta deiridh an Deimhnithe (Ní mór an dáta sin a bheith ag teacht le dáta tosaithe agus dáta deiridh na Saoire Máithreachais)
   - Cliceáil ar 'Cuir Leis' (Gintear uimhir don Deimhniú agus ba cheart an uimhir sin a thaifeadadh ar chúl an iarratais agus a chomhdú)
   - Cliceáil ar 'Ar Aghaidh'
   - Cliceáil ar 'Cuir Leis'. Taispeántar teachtaireacht deimhnithe.

Tabhair faoi deara: Saoire Mháithreachais Bhreise (Neamhíoctha)

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir an tSaoire Mháithreachais Neamhíoctha Bhreise a iontráil ar an gCóras Éileamh ar Líne go dtí an chéad lá oibre eile tar éis fógra a thabhairt faoin tSaoire Mháithreachais. Ní mór don Phámháistir an tSaoire Mháithreachais a fhíorú ar dtús chun asbhaintí ón tuarastal a thosú.

## Aguisín C (i) - Bileog Oibre Ríofa Shamplach le haghaidh Saoire Mháithreachais

Tá an sampla bunaithe ar an 15 Bealtaine 2019 a bheith ar an dáta breithe ionchais; ar Shaoire Mháithreachais 26 seachtaine a bheith á tosú an 30 Aibreán 2019; ar 112 lá de Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a bheith á dtógáil roimh Shaoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise a bheith á tógáil go dtí deireadh na scoilbhliana.

| | |
|---|---|
| (1) Dáta breithe ionchais | An 15 Bealtaine 2019 |
| (2) Dáta Tosaithe<br>(ní mór é a bheith dhá sheachtain ar a laghad roimh dheireadh sheachtain bhreith ionchais an linbh) | An 30 Aibreán 2019<br>(Sa sampla seo, bheadh an 6 Bealtaine 2019 ar an dáta tosaithe ceadaithe is déanaí) |
| (3) Dáta deiridh na Saoire Máithreachais<br>(26 seachtaine ón 30 Aibreán 2019) | An 28 Deireadh Fómhair 2019 |
| (4) Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise<br>(16 seachtaine ar a mhéad = 112 lá) | Sa sampla seo, tá leas le baint as 112 lá de shaoire neamhíoctha ón 29 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 17 Feabhra 2020 (an dá dháta sin san áireamh) |
| (5) Dáta Atosaithe tar éis Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise | An 18 Feabhra 2020 |
| (6) Tá an rogha bhreise ag múinteoirí Saoire Mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa). | Sa sampla seo, roghnaíonn an múinteoir go mbainfidh sí leas as an rogha saoire neamhreachtúla neamhíoctha ón<br><br>18 Feabhra 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2020 |
| (7) An dáta deiridh le haghaidh dualgais a atosú | An 1 Meán Fómhair 2020 |

## Aguisín C (ii) - Saoire Mháithreachais Fhadaithe Shamplach i gcás Breith Réamhaibí
## Bileog Oibre Ríofa

Tá an sampla bunaithe ar an 21 Meitheamh 2019 a bheith ar an dáta breithe ionchais agus ar Shaoire Mháithreachais 26 seachtaine a bheith á tosú an dáta breithe iarbhír an 27 Bealtaine 2019. Ina dhiaidh sin, bhí 14 lá de Shaoire Mháithreachais Fhadaithe de bharr Breith Réamhaibí agus 94 lá de Shaoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise.

| | |
|---|---|
| (1) Dáta breithe ionchais | An 21 Meitheamh 2019 |
| (2) An dáta tosaithe is déanaí is féidir le haghaidh saoire mháithreachais (ní mór é a bheith dhá sheachtain ar a laghad roimh dheireadh sheachtain bhreith ionchais an linbh) | An 10 Meitheamh 2019 |
| (3) Dáta breithe iarbhír | An 27 Bealtaine 2019 |
| (4) Laethanta Saoire Máithreachais atá dlite de bharr breith réamhaibí | 14 lá (ón 27 Bealtaine 2019, an dáta breithe, go dtí an 9 Meitheamh 2019 – Ba é an 10 Meitheamh 2019 an dáta tosaithe ba dhéanaí ab fhéidir le haghaidh Saoire Mháithreachais. |
| (5) Dáta Tosaithe na Saoire Máithreachais (sa sampla seo, is é an 27 Bealtaine, atá ar an dáta breithe iarbhír, an dáta tosaithe) | An 27 Bealtaine 2019 |
| (6) Dáta deiridh na Saoire Máithreachais (26 seachtaine ón 27 Bealtaine 2019) | An 24 Samhain 2019 |
| (7) Saoire Mháithreachais de bharr breith réamhaibí | An 25 Samhain 2019 go dtí an 8 Nollaig 2019 (an dá dháta sin san áireamh) – 14 lá |
| (8) Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise (16 seachtaine ar a mhéad = 112 lá) | Sa sampla seo, tá leas le baint as 94 lá de shaoire neamhíoctha ón 9 Nollaig 2019 go dtí an 11 Márta 2020 (an dá dháta sin san áireamh) |
| (9) Dáta Atosaithe tar éis Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha | An 12 Márta 2020 |

Féach Ciorclán 0047/2023 maidir le Saoire Uchtaíoch, a ghabhann ionad Chaibidil 3 (An Scéim Saoire Uchtaíche) faoin gCiorclán seo.

## CAIBIDIL 3 – AN SCÉIM SAOIRE UCHTAÍCHE

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Saoire Uchtaíche**

1.1 Rialáiltear an Scéim Saoire Uchtaíche leis an Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995, arna leasú.

**2. Teidlíocht i leith Saoire Uchtaíoch**

2.1 Is é is Saoire Uchtaíoch ann ná tréimhse 24 seachtaine as a chéile ina dtugtar saoire íoctha. Tosaíonn sí ar an dáta a shuitear an leanbh leis an múinteoir uchtála.

2.2 Deonaítear Saoire Uchtaíoch do mhúinteoirí atá ina máithreacha uchtála nó ina bhfear-uchtaitheoirí aonair. Is féidir go mbeidh athair uchtála nach bhfuil ina fhear-uchtaitheoir aonair i dteideal Saoire Uchtaíoch a fháil in imthosca áirithe. Féach mír 14 le haghaidh mionsonraí faoin bhforáil sin.

2.3 Chun cáiliú le haghaidh Saoire Uchtaíoch, ní mór **d'Údarás Uchtála na hÉireann** an uchtáil, bíodh uchtáil choigríche nó uchtáil intíre i gceist, a chur ar bhonn foirmiúil. Is é an tÚdarás an comhlacht reachtúil neamhspleách a bhfuil freagracht air as an bpróiseas uchtála a mhaoirsiú thar ceann an Stáit.

**3. Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise**

3.1 Féadfaidh múinteoir uchtála 16 seachtaine as a chéile ar a mhéad de Shaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil, ag tosú ar an dáta tar éis na Saoire Uchtaíche reachtúla.

3.2 I gcás uchtáil choigríche, féadfar an tSaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise ar fad, nó cuid di, a thógáil roimh an dáta suímh chun cur ar chumas an mhúinteora uchtála freastal ar chruinnithe agus/nó ranganna a chuirtear ar siúl lasmuigh den Stát nó aithne a fháil ar an leanbh. Ní mór tréimhse Saoire Uchtaíche reachtúla neamhíoctha breise a thógtar faoin bhforáil seo teacht chun deiridh tráth nach déanaí ná an lá deiridh roimh an dáta suímh. Féadfar aon laethanta atá fágtha den tSaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil díreach tar éis dheireadh na Saoire Uchtaíche.

3.3 Is féidir go mbeidh aon mhúinteoir a bhaineann leas as Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise i dteideal creidmheasanna ÁSPC a fháil. Ní mór don mhúinteoir agus don fhostóir an t-iarratas ar Chreidmheasanna Saoire Uchtaíche, atá ar fáil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, a chomhlánú agus ní mór é a sheoladh ar ais chuig an Roinn Gnóthaí

Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá sé faoin múinteoir iarratas a dhéanamh ar na creidmheasanna sin.

**4. Saoire Uchtaíoch neamhreachtúil neamhíoctha bhreise**

4.1 Tar éis dó/di Saoire Uchtaíoch agus Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise a chríochnú, féadfaidh múinteoir uchtála iarratas a dhéanamh ar Shaoire Uchtaíoch neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana, i.e. an 31 Lúnasa.

4.2 Beidh Saoire Uchtaíoch neamhreachtúil neamhíoctha bhreise faoi réir ceadú i scríbhinn a fháil ón bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an tráth atá sé beartaithe an tsaoire sin a thógáil.

**5. An t-ord nach mór Saoire Uchtaíoch a thógáil ann**

5.1 Ní mór teidlíochtaí Saoire Uchtaíche a thógáil san ord seo a leanas:

a) Saoire Uchtaíoch Reachtúil (24 seachtaine)

b) Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise (suas go dtí 16 seachtaine ar a mhéad). I gcás uchtáil choigríche, féadfar an tSaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise ar fad, nó cuid di, a thógáil roimh an suíomh

c) Saoire Uchtaíoch neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa)

5.2 I gcás go n-úsáidfear na cineálacha Saoire Uchtaíche uile, de réir mar is cuí do gach duine aonair, is é an chéad lá oibre eile a bheidh sa dáta a atosóidh an múinteoir uchtála dualgais.

**6. Am saor ón obair le haghaidh freastal ar Ranganna agus Cruinnithe Réamh-Uchtála laistigh den Stát**

6.1 Beidh múinteoir uchtála i dteideal am saor ón obair a fháil, gan pá a chailleadh, le haghaidh freastal ar ranganna nó cruinnithe réamhuchtála laistigh den Stát, ar ranganna nó cruinnithe iad a gceanglaítear orthu freastal orthu mar chuid den phróiseas uchtála.

6.2 Ba cheart fógra dhá sheachtain a thabhairt faoi gach neamhláithreacht dá dtagraítear sa mhír seo agus ba cheart fianaise dhoiciméadach chuí a thabhairt ina leith.

6.3 Íocfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna as cumhdach ionaid i dtaca le neamhláithreachtaí den sórt sin.

## 7. Nósanna Imeachta Iarratais

7.1 Ní mór don mhúinteoir uchtála iarratas ar gach cineál Saoire Uchtaíche, bíodh sí íoctha nó neamhíoctha, a dhéanamh chuig a f(h)ostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais in Aguisín A a ghabhann leis an gCaibidil seo.

7.2 Chun leas a bhaint as Sochar Uchtaíoch reachtúil, ní mór don mhúinteoir uchtála Foirm AB1 ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a chomhlánú agus ba cheart don mhúinteoir a chinntiú go gcomhlánóidh an múinteoir an rannán fostóra. Ní mór don mhúinteoir uchtála an fhoirm chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sé seachtaine ar a laghad roimh dháta tosaithe na saoire. NÍOR cheart Foirm AB1 a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

7.3 I gcás uchtáil intíre, ní mór don mhúinteoir uchtála *Deimhniú Suímh* arna eisiúint ag Údarás Uchtála na hÉireann a thabhairt don fhostóir tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis an dáta suímh. Sonraítear sa *Deimhniú Suímh* an dáta suímh, inscne agus aois an linbh atá á (h)uchtáil, agus ainm agus seoladh an tuismitheora uchtála.

7.4 I gcás uchtáil choigríche, ní mór don mhúinteoir uchtála *Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta* arna eisiúint ag Údarás Uchtála na hÉireann a thabhairt don fhostóir roimh an dáta suímh. Sonraítear sa Dearbhú sin an dáta suímh, inscne agus aois an linbh atá á (h)uchtáil, agus ainm agus seoladh an tuismitheora uchtála. Ba cheart don mhúinteoir uchtála deimhniú i scríbhinn a thabhairt dá f(h)ostóir faoin suíomh a luaithe is féidir tar éis an dáta suímh.

## 8. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh

8.1 Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoin neamhláithreacht Saoire Uchtaíche ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh thosú na saoire.

8.2 Is ar fáil in Aguisín B a ghabhann leis an gCaibidil seo atá an nós imeachta le haghaidh neamhláithreachtaí Saoire Uchtaíche a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne.

8.3 Tá cás samplach Saoire Uchtaíche faoi iamh in Aguisín C a ghabhann leis an gCaibidil seo.

**9. Socruithe Pá agus Sochar Uchtaíoch**

9.1 Ní teidlíocht reachtúil é leanúint le tuarastal a íoc le linn Saoire Uchtaíoch agus ba cheart fógra a thabhairt don Phámháistir láithreach faoi aon bheart a bhfuil sé riachtanach tuarastal múinteora a choigeartú dá bharr.

9.2 Ioncam inchánach is ea íocaíocht Sochair Uchtaíoch.

9.3 Faoi na rialacháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, is iad seo a leanas na socruithe atá i bhfeidhm do ranníocóirí ÁSPC:

- Ráta iomlán (Aicme A): Eiseofar go díreach chuig an múinteoir aon Sochar Uchtaíoch atá le híoc ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Cuirfidh an Pámháistir asbhaint ón tuarastal i bhfeidhm a bheidh coibhéiseach le ráta seachtainiúil uasta an tSochair Uchtaíoch.

- Ráta modhnaithe (Aicme D): Níl aon teidlíocht ann i leith Sochar Uchtaíoch. Dá bhrí sin, ní chuirtear aon asbhaint i bhfeidhm maidir le tuarastal an mhúinteora agus faigheann an múinteoir a g(h)náth-thuarastal fós.

9.4 I gcás gur lú méid an tSochair Uchtaíoch atá iníoctha leis an múinteoir ná an méid uasta, nó i gcás nach mbeidh an múinteoir i dteideal aon Sochar Uchtaíoch a fháil, ba cheart don mhúinteoir fógra a thabhairt don Phámháistir faoi sin láithreach chun a chinntiú go mbeidh sé/sí in ann leanúint leis an tuarastal cuí a fháil.

9.5 Féadfar athruithe a dhéanamh ar an asbhaint uathoibríoch ar choinníoll go dtabharfaidh an múinteoir don Phámháistir cóip den fhógra i scríbhinn ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoin ráta iarbhír Sochair Uchtaíoch is infheidhme, más ann. I gcás gurb iomchuí, déanfar asbhaintí gach coicís le linn na tréimhse Saoire Uchtaíche reachtúla íoctha suas go dtí 24 seachtaine ar a mhéad. I gcás go dtaifeadfar na neamhláithreachtaí Saoire Uchtaíche go mall ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, asbhainfear aon riaráiste ó thuarastal an mhúinteora.

**10. Stádas le linn Saoire Uchtaíoch**

10.1 Aon mhúinteoir atá as láthair ar cheann ar bith de na cineálacha Saoire Uchtaíche dá dtagraítear thíos, measfar é/í a bheith i mbun fostaíochta ag an am sin.

a) Is ináirithe go hiomlán atá Saoire Uchtaíoch íoctha chun gach críche, lena n-áirítear dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch agus sinsearacht.

b) Is ináirithe atá Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise chun gach críche, seachas chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais.

c) Ní ináirithe atá Saoire Uchtaíoch neamhreachtúil neamhíoctha bhreise chun aon chríche, lena n-áirítear chun críche saoire bhliantúil a fhabhrú.

**11. Múinteoir Ionaid**

11.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi le linn do mhúinteoir bheith as láthair ar Shaoire Uchtaíoch. Ní mór don fhostóir é sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

11.2 I gconarthaí a bhronntar chun neamhláithreachtaí Saoire Uchtaíche a chumhdach, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh don fhíric gur féidir go mbeidh sé riachtanach ceapachán an mhúinteora ionaid a fhoirceannadh i gcás go bhfillfidh an múinteoir atá as láthair ar dhualgais níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis (e.g. i gcás go gcuirfidh múinteoir atá as láthair cuid den tSaoire Uchtaíoch ar atráth toisc go bhfuil an leanbh san ospidéal).

**12. Fostaíocht le linn Saoire Uchtaíoch a Thógáil**

12.1 Ní fhéadfaidh múinteoir atá as láthair ar Shaoire Uchtaíoch gabháil d'aon chineál teagaisc nó aon fhostaíocht íoctha eile.

12.2 Faoi na rialacháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, féadfar Sochar Uchtaíoch a fhoirceannadh i gcás go ngabhfaidh múinteoir d'fhostaíocht íoctha agus é/í ar Shaoire Uchtaíoch.

12.3 Athbhreithneoidh an Pámháistir íoc an tuarastail i gcás fhoirceannadh an tSochair Uchtaíoch toisc nár comhlíonadh téarmaí na Scéime Sochair Uchtaíoch.

**13. Saoire Uchtaíoch a Chur ar Atráth**

13.1 I gcás go gcuirfear an dáta suímh ar atráth, féadfar dáta tosaithe na Saoire Uchtaíche a chur ar atráth freisin, ar choinníoll go dtabharfar fógra don fhostóir faoin dáta suímh nua a luaithe is féidir.

13.2 I gcás go gcuirfear an leanbh san ospidéal, féadfar iarraidh a dhéanamh chuig an bhfostóir ar na nithe seo a chur ar atráth:

a) Saoire Uchtaíoch reachtúil
b) Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise
c) Saoire Atharthachta reachtúil
d) Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise

13.3 I gcás go gcuirfear Saoire Uchtaíoch ar atráth, beidh ar an múinteoir atá as láthair dualgais a atosú sa scoil le linn thréimhse an chuir ar atráth.

13.4 Ní mór iarratas ar chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal a bhfuil an leanbh ann a chur isteach ina theannta. Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn faoin gcinneadh uaidh a thabhairt don mhúinteoir a luaithe is féidir. I gcás go gcuirfear an tsaoire ar atráth, ní mór don fhostóir agus don mhúinteoir dáta an fhillidh ar an obair a chomhaontú.

13.5 Ní mór fógra a thabhairt don Phámháistir agus don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i gcás go mbeidh an múinteoir le filleadh ar an obair. Ní mór déanamh amhlaidh chun coigeartú pá a éascú, chun scor d'aon sochar ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus chun an íocaíocht leis an múinteoir ionaid a thabhairt chun críche.

13.6 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil i dtréimhse leanúnach amháin a thosóidh tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an leanbh a scaoileadh amach ón ospidéal. Is é sé mhí an tréimhse uasta le haghaidh an tsaoire a chur ar atráth.

13.7 Ní mór don mhúinteoir litir nó doiciméad cuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh ina ndeimhnítear an dáta a scaoileadh an leanbh amach a thabhairt don fhostóir.

13.8 I gcás go dtiocfaidh tinneas ar an múinteoir tar éis dó/di filleadh ar an obair agus roimh dó/di an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil, measfar gur thosaigh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth ar an gcéad lá den neamhláithreacht de bharr tinnis ach amháin i gcás go dtabharfaidh an múinteoir fógra don fhostóir nach mian leis/léi an tsaoire atá curtha ar atráth a thosú. I gcás go dtarlóidh sé sin, géillfidh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar Shaoire Bhreoiteachta. Ba cheart cloí ansin leis na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta, lena n-áirítear deimhniú dochtúra a thabhairt nuair is cuí.

## 14. Saoire Atharthachta

14.1 I gcás go bhfaighidh an mháthair uchtála bás am ar bith roimh a Saoire Uchtaíoch nó lena linn, beidh an t-athair uchtála i dteideal an chuid atá fágtha den tsaoire a fháil.

14.2 Ba cheart don athair uchtála fógra a thabhairt dá fhostóir a luaithe is féidir go bhfuil sé ar intinn aige Saoire Uchtaíoch agus/nó Saoire Uchtaíoch reachtúil/neamhreachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil.

14.3 Ba cheart an Deimhniú Suímh, nó Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta, a thabhairt don fhostóir laistigh de cheithre seachtaine ón suíomh/ón tsaoire a thosú.

14.4 Ba cheart an tsaoire a thosú de ghnáth laistigh de sheacht lá tar éis na heachtra a chruthaigh teidlíocht an athar i leith na saoire (nó ar an dáta suímh, cibé acu is déanaí) ach ba cheart don fhostóir lánrogha atá oiriúnach do na himthosca aonair a fheidhmiú. Chun leas a bhaint as a theidlíocht saoire, féadfaidh an t-athair sna himthosca seo iarratas i scríbhinn a dhéanamh chuig a fhostóir. A luaithe is féidir le réasún, ba cheart cóip de theastas báis na máthar a thabhairt don fhostóir.

14.5 Beidh feidhm ag an socrú seicheamhaithe atá leagtha amach i Mír 5 maidir leis an tSaoire Atharthachta freisin:

a) Saoire Atharthachta (aon chuid atá fágtha de theidlíocht 24 seachtaine na máthar i leith Saoire Uchtaíoch a aistriú chuig an athair)

b) Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise (aon chuid eile de theidlíocht na máthar i leith Saoire reachtúil neamhíoctha bhreise 16 seachtaine sa bhreis a aistriú chuig an athair)

c) Saoire Atharthachta neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa).

**15. Saoire Uchtaíoch/Atharthachta Reachtúil Neamhíoctha Bhreise a Fhoirceannadh**

15.1 Féadfar iarratas ar Shaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise, nó Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise, a tharraingt siar i scríbhinn ar chúis ar bith suas go dtí ceithre seachtaine roimh dháta tosaithe beartaithe na saoire sin. I gcás go n-imeoidh an tréimhse cealaithe ceithre seachtaine dá bhforáiltear san Acht thart, caillfear an teidlíocht i leith iarratas a tharraingt siar.

15.2 I gcás tinnis, áfach, féadfar iarraidh fhoirmiúil a dhéanamh chuig an bhfostóir fós, fiú tar éis thosú thréimhse na saoire sin, ar an tsaoire a fhoirceannadh i bhfabhar neamhláithreacht Saoire Breoiteachta deimhnithe. Tá sé faoi lánrogha an fhostóra a chinneadh cé acu a cheadófar nó nach gceadófar iarraidh ar an tSaoire Uchtaíoch a fhoirceannadh. I gcás go gceadófar an iarraidh, ní mór don fhostóir agus don mhúinteoir an dáta le haghaidh an tsaoire a fhoirceannadh a chomhaontú. Ní ceadmhach an dáta comhaontaithe a bheith níos luaithe ná an chéad lá den tinneas deimhnithe agus ní ceadmhach é a bheith níos déanaí ná an dáta a thiocfadh an tSaoire Uchtaíoch fhoirceanta chun deiridh ar shlí eile. Beidh feidhm ansin ag na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta. Ní bheidh an

múinteoir i dteideal ina dhiaidh sin an tSaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise nó aon chuid di a thógáil.

15.3 Chun an coigeartú riachtanach pá a éascú, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Phámháistir go bhfuil an múinteoir ar Shaoire Bhreoiteachta anois.

**16. Suíomh a Fhoirceannadh**

16.1 I gcás go bhfoirceannfar suíomh aon linbh le múinteoir roimh dhul as feidhm na Saoire Uchtaíche nó na Saoire Uchtaíche reachtúla/neamhreachtúla neamhíoctha breise, seachas i gcás go bhfoirceannfar é de dheasca bhás an linbh, ní mór don mhúinteoir fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir faoi dháta an fhoirceanta laistigh de sheacht lá. Tiocfaidh an tSaoire Bhreoiteachta chun deiridh ar dháta an fhoirceanta.

**17. Filleadh ar an obair tar éis Saoire Uchtaíoch**

17.1 Ba cheart don fhostóir ráiteas i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir atá as láthair faoina neamhláithreacht agus faoin dáta ionchais a atosófar dualgais. Ba cheart fógra i scríbhinn ón múinteoir a thabhairt don fhostóir ceithre seachtaine sula bhfuil sé/sí le filleadh, á dheimhniú go bhfuil sé ar intinn aige/aici dualgais a atosú ar an dáta sin.

## Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Uchtaíoch

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe.**

Más rud é go n-íocann an múinteoir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A, ba cheart Foirm AB1 chomhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is féidir an Fhoirm seo a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ar líne ag www.welfare.ie

**CUID 1A - IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: _________________________ Uimhir Theagmhála:___________________

Seoladh Baile: __________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: _____________________________________________________________

UPSP: _________________________________________________________________________

Ainm na Scoile: ______________________________________ Uimhir Rolla: _________________

BAINEANN AN T-IARRATAS LE: (cuir tic leis an rogha chuí)
□ Saoire Uchtaíoch reachtúil (24 seachtaine)
□ Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise (suas go dtí 16 seachtaine ar a mhéad)
□ Saoire Uchtaíoch neamhreachtúil neamhíoctha bhreise (go dtí deireadh na scoilbhliana, i.e. an 31 Lúnasa)

**CUID 1B – MIONSONRAÍ FAOIN tSAOIRE UCHTAÍOCH**

An dáta suímh ionchais: ____/_____/_____
*(Ba cheart Deimhniú Suímh a chur isteach chuig an bhfostóir tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis an dáta suímh. I gcás uchtáil choigríche, ba cheart Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta a thabhairt don fhostóir roimh an suíomh).*

**<u>Saoire Uchtaíoch Reachtúil (24 seachtaine):</u>**

Ón _____________________________ go dtí an ___________________________ (an dá dháta sin san áireamh)

**<u>Saoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha Bhreise (suas go dtí 16 seachtaine ar a mhéad):</u>**

I gcás uchtáil choigríche, luaigh na dátaí má tá cuid ar bith den tSaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise le tógáil roimh an suíomh:

Ón _____________________________ go dtí an ___________________________ (an dá dháta sin san áireamh)

**Saoire Uchtaíoch Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise (suas go dtí deireadh na scoilbhliana, i.e. an 31 Lúnasa)**

Ón ____________________________ go dtí an __________________________ (an dá dháta sin san áireamh)

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Uchtaíoch i gcomhréir leis an Scéim Saoire Uchtaíche atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ___________________________________ *Dáta:* ______________________

## Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Uchtaíoch a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

## CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR

Deimhním gur cheadaigh mé an tSaoire Uchtaíoch/gur dhiúltaigh mé don tSaoire Uchtaíoch (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Saoire Uchtaíche atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Iarratas/Iarratais ar Shaoire Uchtaíoch ☐
2) Deimhniú Suímh/Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta ☐
3) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh an tSaoire Uchtaíoch Cheadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú:___________________________________________ Dáta: _________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

## Aguisín B - Nósanna imeachta a bhaineann le Saoire Uchtaíoch a Thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne

1) Cliceáil ar 'Cuir Leis' faoi 'Saoire' ar roghchlár an Chórais Éileamh ar Líne

2) Iontráil dáta tosaithe agus dáta deiridh na saoire.
   - Cliceáil ar 'Ar Aghaidh'

3) Roghnaigh an ball foirne atá ar saoire
   - Roghnaigh an chatagóir saoire – Saoire Teaghlaigh agus
   - Roghnaigh an fhochatagóir saoire – Saoire Uchtaíoch

   I dtaca le Saoire Uchtaíoch, ba cheart 168 lá (24 seachtaine) a bheith ar an líon iomlán laethanta atá sa raon.
   - Cliceáil ar 'Ar Aghaidh'

4) Cliceáil ar 'Cuir Leanbh Leis' agus iontráil mionsonraí
   - Cliceáil ar 'Cuir Leis'

Faisnéis chun Cabhrú le Fostóirí Foirm AB1 a Chomhlánú

- Chun cabhrú leis an rannán Fostóra d'Fhoirm AB1 a chomhlánú, taispeántar liosta de na seachtainí ÁSPC don bhliain reatha agus don bhliain roimhe ar an gCóras Éileamh ar Líne.

- I gcás go mbeidh 52 sheachtain ar an líon iomlán seachtainí ÁSPC don bhliain cánach roimhe agus go mbeidh an múinteoir i mbun fostaíocht leanúnach ón uair sin i leith, is é 52 sheachtain an líon iomlán seachtainí atá le hiontráil. I gcás gur lú ná 52 sheachtain an líon iomlán seachtainí agus go mbeidh conradh ag an múinteoir go dtí dáta tosaithe a Saoire Uchtaíche, is ionann an líon iomlán seachtainí agus suim na seachtainí ÁSPC sa bhliain cánach roimhe móide na seachtainí ÁSPC sa bhliain cánach reatha go dtí dáta tosaithe a Saoire Uchtaíche.

- Iontráil an Uimhir Chláraithe Fostóra chuí, agus déan an fhoirm a shíniú, a dhátú agus a stampáil dá réir

Is é 0081300S an Uimhir Chláraithe Fostóra do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile

Is é 4000099H an Uimhir Chláraithe Fostóra do Mhúinteoirí Bunscoile

- Cliceáil ar 'Cuir Leis'. Taispeántar teachtaireacht deimhnithe.

Saoire Uchtaíoch Bhreise (Neamhíoctha)

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir na neamhláithreachtaí Saoire Uchtaíche Neamhíoctha a iontráil ar an gCóras Éileamh ar Líne go dtí an chéad lá oibre eile tar éis fógra a thabhairt faoin tSaoire Uchtaíoch. Ní mór don Phámháistir an tSaoire Uchtaíoch a fhíorú ar dtús chun asbhaintí ón tuarastal a thosú.

## Aguisín C – Ríomh Samplach Saoire Uchtaíche

Tá an sampla bunaithe ar an 20 Meán Fómhair 2019 a bheith ar an dáta suímh agus ar úsáid iomlán a bheith á baint as an 112 lá de Shaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise (ar tógadh roinnt díobh roimh an dáta suímh agus ar tógadh roinnt díobh tar éis na Saoire Uchtaíche) agus ar shaoire neamhreachtúil neamhíoctha bhreise a bheith á tógáil ina dhiaidh sin go dtí deireadh na scoilbhliana.

| **Cineál Saoire** | **Na dátaí a tógadh an tsaoire** |
|---|---|
| (1) Saoire Uchtaíoch Reachtúil (24 seachtaine)<br>*(is é an dáta suímh an dáta tosaithe)* | Ón: 20 Meán Fómhair 2019<br>Go dtí an: 5 Márta 2020 |
| **(3)** Saoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha Bhreise roimh an dáta suímh *(16 seachtaine, nó 112 lá, ar a mhéad)*[4]<br>*i. Sa sampla seo, tógtar 11 lá neamhíoctha roimh an dáta suímh chun aithne a fháil ar an leanbh in uchtáil choigríche.*<br>*ii. Tá 101 lá le tógáil fós ón leithdháileadh 112 lá de Shaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise* | Ón: 9 Meán Fómhair<br>Go dtí an: 19 Meán Fómhair 2019<br>*(11 lá)* |
| **(4)** Saoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha Bhreise *(16 seachtaine, nó 112 lá, ar a mhéad)*<br>*Sa sampla seo, tógadh 11 lá cheana féin roimh an suíomh [féach (1) thuas], rud a fhágann go bhfuil suas go dtí 101 lá le tógáil anois. Sa chás seo, tógtar an 101 lá ar fad atá le tógáil.* | Ón: 6 Márta 2020<br>Go dtí an: 14 Meitheamh 2020<br>*(101 lá, an dá dháta sin san áireamh)* |
| **(5)** An dáta sealadach atosaithe tar éis Saoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha Bhreise<br>*(i gcás nach dtógfar aon saoire eile, is é sin an dáta ba cheart don mhúinteoir filleadh ar dhualgais scoile)* | An 15 Meitheamh 2020 |
| **(6)** Tá an rogha bhreise ag múinteoirí Saoire Uchtaíoch Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise a thógáil go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa)<br>*(Sa sampla seo, roghnaíonn an múinteoir go mbainfidh sé/sí leas as an rogha saoire neamhreachtúla)* | Ón: An 15 Meitheamh 2020<br>Go dtí an: 31 Lúnasa 2020 |
| **(7)** An dáta deiridh le haghaidh dualgais a atosú | An 1 Meán Fómhair 2020 |

[4] Uchtáil choigríche: I gcás go mbeidh tréimhse Saoire Uchtaíche Reachtúla Neamhíoctha Breise ag teastáil roimh an dáta suímh chun freastal ar chruinnithe lasmuigh den Stát nó chun aithne a fháil ar an leanbh atá le huchtáil, féadfar an tSaoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha Bhreise ar fad, nó cuid di, a thógáil roimh an dáta suímh.

De bharr athruithe reachtaíochta, tá leasú ar an Scéim um Shaoire Atharthachta do Mhúinteoirí, atá i gCiorclán 0054/2019 (Caibidil 4). Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach le do thoil do Nóta Faisnéise TC/IN 0012/2024.

# CAIBIDIL 4 – AN SCÉIM SAOIRE ATHARTHACHTA

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

## 1. An Scéim Saoire Atharthachta

1.1 Rialáiltear an Scéim Saoire Atharthachta leis an Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016.

1.2 Is é an cuspóir atá le Saoire Atharthachta ná saoire íoctha a thabhairt don tuismitheoir iomchuí chun go mbeidh sé/sí in ann cúram a thabhairt don leanbh, nó cabhrú le cúram a thabhairt don leanbh, nó tacaíocht a thabhairt do mháthair an linbh nó do thuismitheoir uchtála an linbh, nó don bheirt díobh, de réir mar a bheidh.

Tagraíonn an téarma 'tuismitheoir iomchuí' do mhúinteoir (seachas an mháthair le leanbh) atá ar dhuine de na daoine seo a leanas:

- athair an linbh
- céile/páirtnéir sibhialta/comháitritheoir mháthair bhreithe/thuismitheoir uchtála an linbh
- céile/páirtnéir sibhialta/comháitritheoir fhear-uchtaitheoir aonair an linbh
- tuismitheoir an linbh, faoi alt 5 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, i gcás gur leanbh deontóir-ghinte atá sa leanbh
- An tuismitheoir ainmnithe i gcás lánúin chomhghnéis phósta (i gcás leanbh uchtaithe)

## 2. Teidlíocht i leith Saoire Atharthachta

2.1 Is é is Saoire Atharthachta ann ná tréimhse aonair dhá sheachtain as a chéile (i.e. 14 lá as a chéile, lena n-áirítear deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil múinteoir le bheith i láthair de réir an tráthchláir laistigh den tréimhse sin).

2.2 Féadfar Saoire Atharthachta a thosú am ar bith ó dháta breithe nó dáta suímh an linbh go 26 seachtaine ina dhiaidh sin, seachas i gcás go gcuirfear an tsaoire ar atráth de bharr an leanbh a bheith san ospidéal.

2.3 I gcás ilbhreitheanna, nó i gcás go mbeidh níos mó ná leanbh amháin á n-uchtáil ag an aon am amháin, beidh feidhm ag an tréimhse saoire uasta dhá sheachtain as a chéile fós.

2.4 Tá Saoire Atharthachta ar fáil i gcás marbh-bhreitheanna a tharlaíonn tar éis an 24ú seachtain den toircheas.

2.5 Ní bheidh ach duine amháin atá ina thuismitheoir iomchuí/tuismitheoir iomchuí i dtaca le leanbh i dteideal Saoire Atharthachta a fháil i leith an linbh sin.

2.6 Ní fhéadfaidh múinteoir leas a bhaint as Saoire Atharthachta i gcás go mbeidh sé/sí ag baint leas, nó gur bhain sé/sí leas, as Saoire Atharthachta don aon leanbh amháin, seachas i gcás go n-aistreofar an tsaoire tar éis bhás an tuismitheora eile.

**3. Nósanna Imeachta Iarratais**

Tá dhá chéim i gceist le hiarratas a dhéanamh ar Shaoire Atharthachta

3.1 **Céim 1** – *Fógra i Scríbhinn a Thabhairt*
Ní mór don mhúinteoir fógra i scríbhinn á rá go bhfuil sé ar intinn aige/aici Saoire Atharthachta a thógáil a thabhairt dá f(h)ostóir ceithre seachtaine ar a laghad roimh dháta tosaithe beartaithe na saoire sin agus ní mór na doiciméid seo a leanas a thabhairt i dteannta an fhógra:

I gcás breithe:

- cóip den deimhniú dochtúra arna thabhairt ag an máthair dá fostóir nó deimhniú cuí eile ó lia-chleachtóir cláraithe ina ndeimhnítear an toircheas agus ina sonraítear dáta breithe ionchais an linbh lena mbaineann, nó
- cóip den teastas breithe i gcás go dtabharfar fógra tar éis na breithe.

I gcás uchtála:

- dearbhú/ordú suímh oifigiúil i gcás uchtála
- cóip den deimhniú suímh i gcás go dtabharfar fógra tar éis an dáta suímh
- i gcás uchtáil choigríche, ní mór don mhúinteoir uchtála *Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta* a fháil ó Údarás Uchtála na hÉireann roimh an dáta suímh. Ba cheart don mhúinteoir uchtála deimhniú i scríbhinn a thabhairt dá f(h)ostóir faoin suíomh a luaithe is féidir tar éis an dáta suímh.

3.2 **Céim 2** – *Foirm Iarratais a Chomhlánú*
Ní mór don mhúinteoir an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a chomhlánú a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis thosú na saoire, agus í a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir i dteannta cóip den teastas breithe/den ordú suímh oifigiúil don leanbh.

3.3 I gcás go gcuirfear an dáta suímh ar atráth nó go dtarlóidh an dáta breithe tar éis an dáta a roghnaigh an múinteoir san fhógra a thug sé/sí don fhostóir,

beidh an múinteoir i dteideal dáta eile a thosóidh an tSaoire Atharthachta a roghnú.

3.4 Féadfaidh an múinteoir an fógra dá f(h)ostóir a tharraingt siar i scríbhinn tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh thosú na saoire sin.

3.5 I gcás go dtarlóidh an bhreith ceithre seachtaine nó níos mó roimh an dáta breithe ionchais, tabharfaidh an múinteoir fógra don fhostóir faoi sin láithreach agus measfar gur chomhlíon sé/sí an tréimhse um fhógra a thabhairt i gcás go mbeidh sé beartaithe aige/aici an tsaoire a thógáil ag an am sin. Ní mór an fógra foirmiúil i scríbhinn a thabhairt laistigh de sheacht lá tar éis an dáta breithe.

3.6 Chun leas a bhaint as Saoire Atharthachta reachtúil, ní mór don mhúinteoir Foirm PB1 ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a chomhlánú agus ba cheart don mhúinteoir a chinntiú go gcomhlánóidh an múinteoir an rannán fostóra d'Fhoirm PB2. Ní mór don mhúinteoir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sé seachtaine ar a laghad roimh dháta tosaithe na saoire. Níor cheart Foirm PB1 a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

3.7 De rogha air sin, féadfaidh múinteoir iarratas ar líne ar Shochar Atharthachta a dhéanamh ach logáil isteach ar an suíomh Gréasáin seo: https://services.mywelfare.ie/. Chun iarratas ar líne a chomhlánú, ní mór don mhúinteoir a chinntiú gur chomhlánaigh an fostóir Foirm PB2 ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

**4. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh**

4.1 Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoin neamhláithreacht Saoire Atharthachta tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann díreach tar éis an Fhoirm Iarratais chomhlánaithe a fháil.

**5. Socruithe Pá agus Sochar Atharthachta**

5.1 Ní teidlíocht reachtúil é leanúint le tuarastal a íoc le linn Saoire Atharthachta agus ba cheart fógra a thabhairt don Phámháistir láithreach faoi aon bheart a bhfuil sé riachtanach tuarastal múinteora a choigeartú dá bharr.

5.2 Ioncam inchánach is ea íocaíocht Sochair Atharthachta.

5.3 Faoi na rialacháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, is iad seo a leanas na socruithe atá i bhfeidhm do ranníocóirí ÁSPC:

- Ráta iomlán (Aicme A): Eiseofar go díreach chuig an múinteoir aon Sochar Atharthachta atá le híoc ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Cuirfidh an Pámháistir asbhaint ón tuarastal i bhfeidhm a bheidh coibhéiseach le ráta seachtainiúil uasta an tSochair Atharthachta.

- Ráta modhnaithe (Aicme D): Níl aon teidlíocht ann i leith Sochar Atharthachta. Dá bhrí sin, ní chuirtear aon asbhaint i bhfeidhm maidir le tuarastal an mhúinteora agus faigheann an múinteoir a g(h)náth-thuarastal fós.

5.4 I gcás gur lú méid an tSochair Atharthachta atá iníoctha leis an múinteoir ná an méid uasta, nó i gcás nach mbeidh an múinteoir i dteideal aon Sochar Atharthachta a fháil, ba cheart don mhúinteoir fógra a thabhairt don Phámháistir faoi sin láithreach chun a chinntiú go mbeidh sé/sí in ann leanúint leis an tuarastal cuí a fháil.

5.5 Féadfar athruithe a dhéanamh ar an asbhaint uathoibríoch ar choinníoll go dtabharfaidh an múinteoir don Phámháistir cóip den fhógra i scríbhinn ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoin ráta iarbhír Sochair Atharthachta is infheidhme, más ann. I gcás gurb iomchuí, déanfar asbhaintí gach coicís le linn na tréimhse Saoire Atharthachta. I gcás go dtaifeadfar na neamhláithreachtaí Saoire Atharthachta go mall ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, asbhainfear aon riaráiste ó thuarastal an mhúinteora.

**6. Stádas le linn Saoire Atharthachta**

6.1 Meastar múinteoir atá ar Shaoire Atharthachta, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin, lena n-áirítear chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais. Is ináirithe go hiomlán atá Saoire Atharthachta chun críocha sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

**7. Múinteoir Ionaid**

7.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi le linn do mhúinteoir bheith as láthair ar Shaoire Atharthachta. Ní mór don fhostóir é sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

**8. Fostaíocht le linn Saoire Atharthachta a Thógáil**

8.1 Ní fhéadfaidh múinteoir atá as láthair ar Shaoire Atharthachta gabháil d’aon chineál teagaisc nó aon fhostaíocht íoctha eile.

**9. Saoire Atharthachta a Chur ar Atráth de bharr Tinnis**

9.1 I gcás go dtiocfaidh tinneas ar an múinteoir díreach roimh thosú a S(h)aoire Atharthachta, féadfar an tSaoire Atharthachta a chur ar atráth.

9.2 Ní mór don mhúinteoir fógra a thabhairt don fhostóir faoi sin láithreach agus ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt á rá go bhfuil an tsaoire á cur ar atráth de bharr tinnis agus an deimhniú dochtúra cuí a thabhairt. Déileálfar

le neamhláithreachtaí den sórt sin i gcomhréir leis an Scéim Saoire Breoiteachta.

9.3 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an múinteoir a dheimhniú a bheith feidhmiúil chun dualgais a atosú nó ar aon dáta eile is féidir leis an múinteoir agus leis an bhfostóir a chomhaontú lena chéile, ar choinníoll go dtiocfaidh an tsaoire atá curtha ar atráth chun deiridh tráth nach déanaí ná 28 seachtaine tar éis dháta breithe an linbh nó dháta suímh an linbh.

## 10. Saoire Atharthachta a Chur ar Atráth de bharr an Leanbh a Bheith san Ospidéal

10.1 I gcás go gcuirfear an leanbh san ospidéal, féadfar iarraidh a dhéanamh chuig an bhfostóir ar an tSaoire Atharthachta a chur ar atráth.

10.2 I gcás go gcuirfear Saoire Atharthachta ar atráth, beidh ar an múinteoir atá as láthair dualgais a atosú sa scoil le linn thréimhse an chuir ar atráth.

10.3 Ní mór iarratas ar chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal a bhfuil an leanbh ann a chur isteach ina theannta. Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh uaidh a luaithe is féidir. I gcás go gcuirfear an tsaoire ar atráth, ní mór don fhostóir agus don mhúinteoir dáta an fhillidh ar an obair a chomhaontú.

10.4 Ní mór don mhúinteoir litir nó doiciméad cuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh ina ndeimhnítear an dáta a scaoileadh an leanbh amach a thabhairt don fhostóir.

10.5 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil i dtréimhse leanúnach amháin a thosóidh tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an leanbh a scaoileadh amach ón ospidéal nó ar aon dáta eile is féidir leis an múinteoir agus leis an bhfostóir a chomhaontú lena chéile.

## 11. Teidlíocht i leith Saoire Atharthachta tar éis Bhás an Tuismitheora Iomchuí

11.1 I gcás go bhfaighidh an tuismitheoir iomchuí bás laistigh de thréimhse 28 seachtaine tar éis na breithe/na huchtála, aistreofar teidlíocht i leith Saoire Atharthachta, nó aon chuid atá fágtha den teidlíocht sin, chuig an tuismitheoir marthanach:

- i gcás uchtála, aistreofar an tsaoire chuig an tuismitheoir uchtála,
- in aon chás eile, aistreofar an tsaoire chuig an máthair bhreithe a bhain leas as Saoire Mháithreachais i leith an linbh/na leanaí sin

11.2 Sna himthosca sin agus i gcás gur múinteoir atá sa tuismitheoir marthanach, ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir faoi na nithe seo a

leanas tráth nach déanaí ná an lá a thosóidh an tSaoire Atharthachta aistrithe:-

- fógra faoi bhás an tuismitheora iomchuí
- fógra faoin rún atá aige/aici an tSaoire Atharthachta aistrithe a thógáil
- fógra faoi fhad na saoire a chreideann sé/sí go bhfuil sé/sí i dteideal a fháil, agus
- cóip den teastas báis a thabhairt i gcás go n-iarrfaidh an fostóir é.

11.3 I gcás go mbeidh tuismitheoir marthanach i dteideal Saoire Mháithreachais, tosóidh tréimhse Saoire Atharthachta aistrithe díreach tar éis dheireadh na Saoire Máithreachais ar fad. I gcás Saoire Uchtaíoch, tosóidh an tréimhse díreach tar éis na Saoire Uchtaíche ar fad lena mbaineann.

**12. Saoire Atharthachta a Fhoirceannadh**

12.1 Féadfaidh an fostóir Saoire Atharthachta a fhoirceannadh i gcás gurb ann d'fhorais réasúnta lena chreidiúint go bhfuil an tsaoire á húsáid chun críche seachas chun cúram a thabhairt don leanbh nó chun tacaíocht a thabhairt don tuismitheoir uchtála nó do mháthair an linbh.

12.2 Sula ndéanfaidh sé an tsaoire a fhoirceannadh, tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir:

a) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir lena chur in iúl go bhfuil an ní á bhreithniú, agus cuireadh a thabhairt don mhúinteoir aighneachtaí a dhéanamh laistigh de sheacht lá.
b) breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ón múinteoir sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh.
c) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh lena ndéantar achoimre ar na forais leis an bhfoirceannadh.

12.3 Ba cheart a chur in iúl don mhúinteoir i bhfógra an chinnidh dheiridh faoin oibleagáid atá air/uirthi filleadh ar an obair tráth nach déanaí ná an dáta atá sonraithe ar an bhFoirm Iarratais ach tráth nach luaithe ná seacht lá ón bhfógra sin a fháil.

## Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire Atharthachta

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir laistigh de sheacht lá ó thosú na Saoire Atharthachta.**

Más rud é go n-íocann an múinteoir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A, ba cheart Foirm PB1 chomhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is féidir an fhoirm seo a fháil ó oifigí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ar líne ag www.welfare.ie. Is féidir iarratais ar líne ar Shochar Atharthachta a dhéanamh ag an seoladh seo freisin: https://services.mywelfare.ie/

**CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: __________________________ Uimhir Theagmhála: ____________________

Seoladh Baile: ______________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ________________________________________________________________

UPSP: ______________________________________________________________________________

Ainm na Scoile: _____________________________ Uimhir Rolla: ___________________________

**CUID 1B – MIONSONRAÍ AN LINBH**

Dáta breithe an linbh: ________________________________________________________

Dáta suímh an linbh (i gcás uchtála): __________________________________________

Dáta tosaithe beartaithe na Saoire Atharthachta: ________________________________________

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Atharthachta i gcomhréir leis an Scéim Saoire Atharthachta atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ______________________________________ Dáta: ____________________

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an tSaoire Atharthachta/gur dhiúltaigh mé don tSaoire Atharthachta (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Saoire Máithreachais atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Fógra i scríbhinn faoin rún atá ag an múinteoir an tSaoire Atharthachta a thógáil ☐
2) Foirm Iarratais ar Shaoire Atharthachta ☐
3) Cóip den deimhniú dochtúra ina ndeimhnítear an dáta breithe ionchais nó Deimhniú ina ndeimhnítear dáta breithe/dáta suímh an linbh ☐

Taifeadadh an tSaoire Atharthachta Cheadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: ____________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

Curtear in iúl d'fhostóirí faoi leasú ar an Scéim Saoire do Thuismitheoirí do mhúinteoirí, mar atá i gCiorclán 0054/2019 (Caibidil 5). Féach Nóta Faisnéise TC/IN 0010/2023.

# CAIBIDIL 5 – AN SCÉIM SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

## 1. An Scéim Saoire do Thuismitheoirí

1.1 Rialáiltear an Scéim Saoire do Thuismitheoirí leis an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, arna leasú.

1.2 Is é an cuspóir atá le Saoire do Thuismitheoirí ná tréimhse saoire neamhíoctha a dheonú do mhúinteoir chun go mbeidh sé/sí in ann cúram a thabhairt dá leanbh.

## 2. Teidlíocht i leith Saoire do Thuismitheoirí

2.1 Tá múinteoir i dteideal:

a) Saoire do Thuismitheoirí atá 22 sheachtain ar a mhéad ar fad (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019)
b) Saoire do Thuismitheoirí atá 26 seachtaine ar a mhéad ar fad (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020)

i leith gach linbh suas go dtí 13 bliana d'aois nó go dtí 16 bliana d'aois i gcás leanbh atá faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil tinneas fadtéarmach air/uirthi.

2.2 Roimh an 1 Meán Fómhair 2019, bhí teidlíocht ag múinteoir i leith Saoire do Thuismitheoirí atá 18 seachtaine ar a mhéad ar fad in aghaidh an linbh. Ón 1 Meán Fómhair 2019 i leith, féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar shaoire ceithre seachtaine sa bhreis ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir incháilitheachta, i gcás gur bhain múinteoir leas as a t(h)eidlíocht 18 seachtaine ar a mhéad cheana féin.

2.3 Ón 1 Meán Fómhair 2020 i leith, féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar shaoire ceithre seachtaine sa bhreis ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir incháilitheachta i gcás gur bhain múinteoir leas as a t(h)eidlíocht 22 sheachtain ar a mhéad cheana féin.

2.4 Tiocfaidh an teidlíocht i leith Saoire do Thuismitheoirí chun deiridh:

a) a luaithe a bhainfidh an leanbh lena mbaineann a 13ú breithlá amach, nó
b) dhá bhliain tar éis dháta an ordaithe uchtála i gcás leanbh uchtaithe atá idir 11 bhliain d'aois agus 13 bliana d'aois, nó
c) a luaithe a bhainfidh leanbh atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas fadtéarmach air/uirthi a 16ú breithlá amach.

2.5 *De réir na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí:*

a) *"ciallaíonn 'míchumas' lagú seasmhach fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta an linbh sa dóigh is go bhfuil an leibhéal cúraim atá riachtanach don leanbh i bhfad níos mó ná an leibhéal cúraim a bhíonn riachtanach go ginearálta do leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon lagú den chineál sin orthu."*

b) *"tinneas fadtéarmach arb é is éifeacht leis go bhfuil an leibhéal cúraim atá riachtanach don leanbh i bhfad níos mó ná an leibhéal cúraim a bhíonn riachtanach go ginearálta do leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon tinneas fadtéarmach den chineál sin orthu."*

2.6 Tá Saoire do Thuismitheoirí ar fáil do gach duine díobh seo a leanas:

a) an tuismitheoir nádúrtha

b) an tuismitheoir uchtaíoch

c) an tuismitheoir uchtála

d) múinteoir atá ag gníomhú *in loco parentis* do leanbh

2.7 I gcás go mbeidh múinteoir ag gníomhú *in loco parentis*, is faoin bhfostóir a bheidh sé a dheimhniú go bhfuil sé cuí Saoire do Thuismitheoirí a dheonú.

De réir na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí:

*"Ciallaíonn 'in loco parentis' nach mór don mhúinteoir atá ag cur iarratas isteach ar shaoire do thuismitheoirí bheith freagrach go dlíthiúil nó comhlíonadh a dhéanamh ar an gcritéar go bhfuil sé nó sí ina t(h)uismitheoir gníomhach don leanbh ar bhonn leanúnach".*

2.8 Ní fhéadfaidh Saoire do Thuismitheoirí i leith níos mó ná leanbh amháin i dtréimhse rollach 12 mhí a bheith níos faide ná 22 sheachtain (26 seachtaine ón 1 Meán Fómhair 2020) gan toiliú an fhostóra a fháil seachas i gcás ilbhreitheanna (cúpla, trínín etc.) i gcás go mbeidh teidlíocht reachtúil ag múinteoir i leith níos mó ná 22 sheachtain (26 seachtaine ón 1 Meán Fómhair 2020 i leith) a thógáil in aon tréimhse 12 mhí.

## 3. Incháilitheacht

3.1 Beidh múinteoir incháilithe le haghaidh Saoire do Thuismitheoirí i gcás go mbeidh fostaíocht leanúnach bliana curtha isteach aige/aici leis an bhfostóir a dtógtar an tsaoire óna fhostaíocht. Tarscaoilfear an ceanglas sin i gcás go ndéanfar múinteoir a ath-imlonnú go héigeantach isteach i scoil nó i gcás go ndéanfar scoil a chónascadh, ar choinníoll go mbeidh fostaíocht leanúnach aon bhliana curtha isteach aige/aici ina scoil roimhe roimh an ath-imlonnú/roimh an gcónascadh.

3.2 In imthosca inarb amhlaidh, ar an lá is déanaí le haghaidh tréimhse Saoire do Thuismitheoirí a thosú, go bhfuil seirbhís leanúnach teagaisc atá níos lú ná bliain amháin agus níos mó ná trí mhí curtha isteach ag an múinteoir leis an bhfostóir a bhfuil an tsaoire le tógáil óna fhostaíocht, beidh an múinteoir i dteideal Saoire do Thuismitheoirí i leith tréimhse de sheachtain amháin as gach mí den tseirbhís leanúnach atá curtha isteach aige/aici lena f(h)ostóir tráth thosú na saoire.

**4. Patrún na Saoire do Thuismitheoirí**

4.1 Féadfaidh múinteoir leas a bhaint as Saoire do Thuismitheoirí i mbloic aon seachtaine ar a laghad suas go dtí 22 sheachtain ar a mhéad (26 seachtaine ón 1 Meán Fómhair 2020 i leith). Tabhair faoi deara nach mór gach tréimhse de Shaoire do Thuismitheoirí a bheith cothrom le fad íosta seacht lá as a chéile, lena n-áirítear deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil múinteoir le bheith i láthair de réir an tráthchláir laistigh den tréimhse sin.

4.2 I gcás go ndéanfaidh múinteoir iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí ar feadh sé seachtaine nó níos mó, is é sé seachtaine an tréimhse íosta nach mór don fhostóir a dheonú, seachas i gcásanna ina ndiúltaítear don tSaoire do Thuismitheoirí nó ina ndéantar an tSaoire do Thuismitheoirí a fhionraí/a chur ar atráth mar atá leagtha amach i mír 8, mír 12 agus mír 13 thíos.

**5. Patrún Speisialta na Saoire do Thuismitheoirí in Imthosca Eisceachtúla**

5.1 In imthosca áirithe, féadfaidh múinteoir leas a bhaint as Saoire do Thuismitheoirí i riocht laethanta aonair i gcás go mbeidh fadhbanna leighis ar leith ag leanbh, a fhágfaidh go mbeidh ar thuismitheoir dul chuig ospidéal, chuig clinic nó chuig coinne theiripeach leis an leanbh ar bhonn rialta.

5.2 In imthosca den sórt sin, ní mór deimhniú ón ospidéal nó ón gclinic i leith na neamhláithreachta a chur isteach chuig an bhfostóir agus a choinneáil ar chomhad pearsanra an mhúinteora.

**6. Nósanna Imeachta Iarratais**

6.1 Ní mór don mhúinteoir iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí a dhéanamh chuig a f(h)ostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais in Aguisín A.

6.2 Agus an tSaoire do Thuismitheoirí á deonú aige, ba cheart don fhostóir, ceithre seachtaine roimh thosú beartaithe na saoire, an doiciméad deimhniúcháin atá ar fáil in Aguisín B a ullmhú leis an múinteoir. Is ionann an doiciméad sin agus comhaontú dlíthiúil idir an dá pháirtí. Féadfaidh múinteoir an t-iarratas a chúlghairm tráth ar bith roimh shíniú an doiciméid deimhniúcháin ag an dá pháirtí.

## 7. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh

7.1 Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoin neamhláithreacht Saoire do Thuismitheoirí tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh thosú na saoire.

## 8. Diúltú do Shaoire do Thuismitheoirí a dheonú

8.1 I gcás go mbeidh forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhféadfadh nach mbeadh an múinteoir i dteideal Saoire do Thuismitheoirí a fháil, féadfaidh an fostóir diúltú don tsaoire sin a dheonú.

8.2 I gcás go mbeidh sé beartaithe ag an bhfostóir diúltú d'iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí, ní mór dó:

a) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoi na cúiseanna leis an diúltú beartaithe agus cuireadh a thabhairt dó/di aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an ní laistigh de sheacht lá

b) breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ón múinteoir sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh ar cé acu a dhiúltóidh nó nach ndiúltóidh sé don tsaoire

c) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh a rinne sé diúltú don tsaoire agus lena ndéantar achoimre ar na forais leis an diúltú.

## 9. Stádas le linn Saoire do Thuismitheoirí

9.1 Meastar múinteoir atá ar Shaoire do Thuismitheoirí, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin, seachas chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais. Is ináirithe go hiomlán atá Saoire do Thuismitheoirí chun críocha sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

## 10. Múinteoir Ionaid

10.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi le linn do mhúinteoir bheith as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí. Ní mór don fhostóir é sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

10.2 I gconarthaí a bhronntar chun neamhláithreachtaí Saoire do Thuismitheoirí a chumhdach, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh don fhíric gur féidir go mbeidh sé riachtanach ceapachán an mhúinteora ionaid a fhoirceannadh i gcás go bhfillfidh an múinteoir atá as láthair ar dhualgais níos luaithe ná mar

a bhíothas ag súil leis (e.g. i gcás go bhfionrófar an tSaoire do Thuismitheoirí de bharr tinnis).

**11. Fostaíocht le linn Saoire do Thuismitheoirí a Thógáil**

11.1 Ní fhéadfaidh múinteoir atá as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí gabháil d'aon chineál teagaisc nó aon fhostaíocht íoctha eile.

**12. Saoire do Thuismitheoirí á Fionraí/á Cur ar Atráth ag an Múinteoir**

12.1 I gcás go dtiocfaidh tinneas ar an múinteoir lena mbaineann le linn na tréimhse comhaontaithe Saoire do Thuismitheoirí, nó díreach roimh an tréimhse sin, agus go bhfágfaidh an tinneas sin nach bhfuil sé/sí in ann, nó nach mbeidh sé/sí in ann, cúram a thabhairt don leanbh iomchuí, ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir faoi na nithe seo:

a) tógáil na saoire a chur ar atráth go dtí go mbeidh an múinteoir in ann cúram a thabhairt don leanbh arís, i gcás nach mbeidh tús curtha leis an tsaoire cheana féin, nó

b) tógáil na saoire atá fágtha a fhionraí go dtí go mbeidh an múinteoir in ann cúram a thabhairt don leanbh arís, i gcás go mbeidh tús curtha leis an tsaoire cheana féin.

12.2 Ní mór don mhúinteoir deimhniú dochtúra cuí a thabhairt don fhostóir, ar deimhniú é ina ndeimhnítear nach bhfuil an múinteoir cumasach chun cúram a thabhairt don leanbh de bharr tinnis.

12.3 Má táthar chun leas a bhaint as an gcuid den tsaoire atá ar fionraí, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór í a thógáil a luaithe is féidir tar éis a dheimhniú go bhfuil an múinteoir feidhmiúil chun an tsaoire a atosú.

12.4 I gcás go rachaidh an leanbh thar an tairseach aoise le linn fionraí na saoire de bharr thinneas/éagumas deimhnithe an tuismitheora, beidh teidlíocht ann fós i leith an tsaoire a thógáil agus ní mór í a thógáil a luaithe is féidir.

**13. Saoire do Thuismitheoirí á Cur ar Atráth ag an bhFostóir**

13.1 De ghnáth, ní fhéadfar Saoire do Thuismitheoirí a chur ar atráth ach uair amháin in imthosca ina mbeadh drochthionchar suntasach ann ar oibriú na scoile dá ndeonófaí an tsaoire ag an am sin e.g. i gcás go mbeidh deacracht ag fostóir múinteoir ionaid a fháil le haghaidh fhad na neamhláithreachta.

Sna himthosca sin, ní mór don fhostóir:

a) dul i ndáil chomhairle leis an múinteoir sula ndéanfar aon chinneadh ar an tsaoire a chur ar atráth

b) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh dháta tosaithe beartaithe na saoire

c) a chinntiú nach gcuirfear an tsaoire ar atráth ar feadh níos mó ná sé mhí ón *dáta bunaidh* a bhí an tSaoire do Thuismitheoirí le tosú

d) dáta nua a thógfar an tsaoire atá curtha ar atráth a chomhaontú tráth a bheadh an múinteoir ag obair ar shlí eile

e) a chinntiú nach bhféadfar cur ar atráth eile nó ina dhiaidh sin a cheadú ach ar na forais go dtéann sé i bhfeidhm ar athrú séasúrach

f) a chinntiú gur sínithe ag an dá pháirtí atá doiciméad deimhniúcháin nua (féach Aguisín B) lena gcomhaontaítear leis na dátaí athbhreithnithe nua, agus tuiscint acu go bhféadfar é sin a leasú tuilleadh ar choinníoll go gcomhaontóidh an dá pháirtí le déanamh amhlaidh.

13.2 I gcás gurb amhlaidh, de bharr chur ar atráth na saoire, go rachaidh leanbh thar an tairseach aoise, ní chaillfear an teidlíocht i leith Saoire do Thuismitheoirí. Ba cheart an tsaoire a thógáil a luaithe is féidir tar éis dhul as feidhm na tréimhse cuir ar atráth ar dháta a chomhaontóidh an dá pháirtí.

**14. Saoire do Thuismitheoirí a Fhoirceannadh**

14.1 Féadfaidh an fostóir Saoire do Thuismitheoirí a fhoirceannadh i gcás gurb ann d’fhorais réasúnta lena chreidiúint go bhfuil an tsaoire á húsáid chun críche seachas chun cúram a thabhairt don leanbh lena mbaineann.

14.2 Sula ndéanfaidh sé an tsaoire a fhoirceannadh, tá sé d’oibleagáid ar an bhfostóir:

a) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir lena chur in iúl go bhfuil an ní á bhreithniú, agus cuireadh a thabhairt don mhúinteoir aighneachtaí a dhéanamh laistigh de sheacht lá
b) breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ón múinteoir sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh
c) fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh lena ndéantar achoimre ar na forais leis an bhfoirceannadh.

14.3 Ba cheart a chur in iúl don mhúinteoir i bhfógra an chinnidh dheiridh faoin oibleagáid atá air/uirthi filleadh ar an obair tráth nach déanaí ná an dáta atá sonraithe ar an Doiciméad Deimhniúcháin ach tráth nach luaithe ná seacht lá ón bhfógra sin a fháil.

## 15. Iarraidh ar uaireanta/patrún oibre a athrú

15.1 Féadfaidh múinteoir atá ag filleadh ar an obair tar éis Saoire do Thuismitheoirí athrú ina (h)uaireanta/p(h)atrún oibre a iarraidh ar feadh tréimhse shainithe ama faoin Scéim Postroinnte, a bhfuil a téarmaí leagtha amach i gCaibidil 8 den Chiorclán seo.

15.2 Ní mór iarraidh den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh thosú beartaithe an athraithe sa phatrún oibre. Ní mór cineál na n-athruithe atá á n-iarraidh, an dáta tosaithe agus fad an athraithe sa phatrún oibre a shonrú san iarraidh.

15.3 Agus an iarraidh sin á breithniú aige, tabharfaidh an fostóir aird ar théarmaí agus choinníollacha an mhúinteora i dtaca le saoire agus le luach saothair. Tabharfaidh sé aird freisin ar riachtanais na scoile agus an mhúinteora araon.

15.4 Tabharfaidh an fostóir fógra i scríbhinn don mhúinteoir faoi cé acu a ceadaíodh an iarraidh nó a diúltaíodh di a luaithe is féidir le réasún, ach tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine ón iarratas a fháil.

15.5 I gcás go gceadófar an iarraidh, ní mór don dá pháirtí comhaontú i scríbhinn a ullmhú agus a shíniú, rud ina leagfar amach na socruithe athbhreithnithe oibre, lena n-áireofar dáta tosaithe agus fad ama na n-athruithe (tá an Scéim Postroinnte faoi réir iarratas bliantúil a dhéanamh). Ní mór don fhostóir an comhaontú bunaidh a choinneáil ar comhad agus cóip den chomhaontú a thabhairt don mhúinteoir. Am ar bith roimh shíniú an chomhaontaithe, féadfaidh an múinteoir, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir, an t-athrú iarrtha ina (h)uaireanta/p(h)atrún oibre a tharraingt siar, agus na cúiseanna leis an tarraingt siar á leagan amach aige/aici ann.

## 16. Saoire do Thuismitheoirí atá fágtha ó fhostaíocht roimhe a thabhairt ar aghaidh

16.1 Faoi réir na ngnáth-theorainneacha tairsí aoise a leagtar amach sna hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí agus faoi réir na ngnáthriachtanas seirbhíse, beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le múinteoir a théann isteach sa Scéim seo ó fhostaíocht roimhe, i gcáil teagaisc nó i gcáil neamhtheagaisc, i gcás gur baineadh leas as cuid den tSaoire do Thuismitheoirí cheana féin:

a) coinneoidh sé/sí an ceart reachtúil atá aige/aici chun aon chuid neamhúsáidte den tSaoire do Thuismitheoirí a tugadh ar aghaidh chuig an bhfostaíocht nua a thógáil, agus
b) beag beann ar shocruithe a bhí ann roimhe, bainfidh sé/sí leas as a S(h)aoire do Thuismitheoirí de réir théarmaí na Caibidle seo.

## 17. Saoire do Thuismitheoirí a Aistriú

17.1 Faoi réir ceadú a fháil ón bhfostóir, féadfar 14 seachtaine den teidlíocht 22 sheachtain nó 26 seachtaine i leith Saoire do Thuismitheoirí a aistriú chuig tuismitheoir eile le leanbh iomchuí, ar choinníoll go mbeidh an tuismitheoir eile fostaithe ag an bhfostóir céanna. I gcomhréir le Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, ní mór do gach tuismitheoir ocht seachtaine nó 12 sheachtain dá t(h)eidlíocht 22 sheachtain nó 26 seachtaine a choinneáil lena (h)úsáid phearsanta féin. Faoin Treoir sin, ní fhéadfar na hocht seachtaine nó an 12 sheachtain sin a aistriú chuig tuismitheoir eile agus ní fhéadfaidh ach an tuismitheoir óna dtionscnaíonn an teidlíocht iad a úsáid. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh tuismitheoir amháin leas a bhaint as 36 seachtaine agus go bhféadfaidh an tuismitheoir eile leas a bhaint as ocht seachtaine i gcás go mbeidh an bheirt tuismitheoirí fostaithe ag an aon fhostóir amháin. Ón 1 Meán Fómhair 2020 i leith, féadfaidh tuismitheoir amháin leas a bhaint as 40 seachtain agus féadfaidh an tuismitheoir eile leas a bhaint as 12 sheachtain i gcás go mbeidh an bheirt tuismitheoirí fostaithe ag an aon scoil amháin.

## 18. Socruithe ÁSPC

18.1 Is féidir go mbeidh aon mhúinteoir a bhaineann leas as Saoire do Thuismitheoirí i dteideal creidmheasanna ÁSPC a fháil. Is féidir faisnéis faoi Ranníocaíochtaí Curtha chun Sochair a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Dá bhrí sin, ba cheart gach ceist maidir le socruithe Leasa Shóisialaigh agus taifid chuí ar chreidmheasanna árachais shóisialaigh do mhúinteoirí a thógann Saoire do Thuismitheoirí a chur ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## 19. Asbhaintí Deonacha

19.1 Scoirfear d’asbhaintí deonacha a dhéanamh ón tuarastal a luaithe a thosóidh múinteoir Saoire do Thuismitheoirí.

19.2 Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir atá ag baint leas as Saoire do Thuismitheoirí, agus air/uirthi amháin, a chinntiú nach rachaidh asbhaintí deonacha ag an bhfoinse i léig, amhail asbhaintí a bhaineann le polasaithe árachais leighis, árachas um leanúint d’ioncam, suibscríbhinní ceardchumainn, íocaíochtaí comhair chreidmheasa agus íocaíochtaí cánach maoine áitiúla.

19.3 Níl an Pámháistir faoi dhliteanas i leith dul i léig polasaithe de chineál ar bith. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi na teidil seo a leanas: Foireann Oideachais – Faisnéis – Párolla agus Airgeadas – Asbhaintí Deonacha. Ba cheart do mhúinteoirí Boird Oideachais agus Oiliúna teagmháil a dhéanamh lena bhfostóir ina leith sin.

## Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe.**

**CUID 1A - IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: _______________________ Uimhir Theagmhála: _______________

Seoladh Baile: _________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: _________________________________________________________

UPSP: ________________________________________________________________________

Ainm na Scoile: _____________________________ Uimhir Rolla: ____________________

**CUID 1B – MIONSONRAÍ AN LINBH/NA LEANAÍ**

Iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí i leith:

| **Ainm an Linbh:** | **Dáta breithe:** |
|---|---|
| An líon seachtainí a tógadh go dtí seo: | |

Comhlánaigh na nithe seo a leanas má táthar ag déanamh iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí i leith linbh/leanaí eile:-

| **Ainm an Linbh:** | **Dáta breithe:** |
|---|---|
| An líon seachtainí a tógadh go dtí seo: | |

| **Ainm an Linbh:** | **Dáta breithe:** |
|---|---|
| An líon seachtainí a tógadh go dtí seo: | |

Na doiciméid a ghabhann leis an iarratas seo (cuir tic leis an mbosca cuí):
□ Teastas Breithe an linbh/na leanaí lena mbaineann
□ Fianaise ar an dáta uchtála/an tOrdú Uchtála don leanbh/do na leanaí lena mbaineann
□ Fianaise á léiriú go bhfuil tú ag gníomhú in loco parentis

**CUID 1C – MIONSONRAÍ FAOIN tSAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ**

Patrún beartaithe na Saoire do Thuismitheoirí:

□ Bloc leanúnach amháin a mhaireann:

- 22 sheachtain ☐

  Ón___________________________ go dtí an ___________________________

- 26 seachtaine (ón 1 Meán Fómhair 2020 ☐ i leith)

  Ón___________________________ go dtí an ___________________________

□ Tréimhsí leithleacha seachtainí mar seo a leanas (an dá dháta seo san áireamh):

Ón ____________________________ go dtí an ___________________________

Ón ____________________________ go dtí an ___________________________

Ón ____________________________ go dtí an ___________________________

□ Saoire do Thuismitheoirí a Aistriú

Sonraigh an líon seachtainí i gcás aistriú ó thuismitheoir eile ☐

______________________________________________

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire do Thuismitheoirí i gcomhréir leis an Scéim Saoire do Thuismitheoirí atá leagtha amach sna *Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ___________________________ Dáta: ___________________

## Aguisín B – Doiciméad Deimhniúcháin le haghaidh Saoire do Thuismitheoirí

**CUID 2: LE COMHLÁNÚ AG AN BHFOSTÓIR AGUS AG AN MÚINTEOIR**

Deimhním gur deonaíodh Saoire do Thuismitheoirí do:

Ainm an Mhúinteora: ________________________ UPSP: ____________________

*I leith:*

Ainm an Linbh: _____________________________ Dáta Breithe: _____________

Deonaíodh Saoire do Thuismitheoirí i gcomhréir leis an Scéim Saoire do Thuismitheoirí atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'* mar seo a leanas:

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

*Síniú an Mhúinteora:* _______________________________________ *Dáta:* ___________________

*Síniú an Fhostóra:* __________________________________________*Dáta:* ____________________

Tar éis é a shíniú, ní fhéadfar aon leasú a dhéanamh ar an Doiciméad Deimhniúcháin gan comhaontú a fháil ón dá pháirtí. Ba cheart don mhúinteoir cóip den Doiciméad Deimhniúcháin a choinneáil.

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 3 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an t-iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí/gur dhiúltaigh mé don iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Saoire do Thuismitheoirí atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí ☐
2) Cóip den Teastas Breithe/Fianaise ar an dáta uchtála/ ☐
   an tOrdú Uchtála don leanbh lena mbaineann ☐
3) Fianaise á léiriú go bhfuil tú ag gníomhú in loco parentis (má bhaineann) ☐
4) Cóip den Doiciméad Deimhniúcháin arna eisiúint chuig an múinteoir ☐
5) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir

Taifeadadh an tSaoire Cheadaithe do Thuismitheoirí ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

# CAIBIDIL 6 – AN SCÉIM SAOIRE CÚRAMÓRA

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Saoire Cúramóra**

1.1 Rialáiltear an Scéim Saoire Cúramóra leis an Acht um Shaoire Cúramóra, 2001, arna leasú.

1.2 Is é an cuspóir atá le Saoire Cúramóra ná tréimhse saoire neamhíoctha a cheadú do mhúinteoir chun go mbeidh sé/sí in ann cúram agus aire lánaimseartha a thabhairt do dhuine iomchuí i.e. duine a measann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go dteastaíonn an leibhéal cúraim sin uaidh/uaithi.

1.3 Ní dheonófar Saoire Cúramóra do mhúinteoir i leith duine iomchuí atá ag fáil cúram agus aire lánaimseartha ó dhuine eile atá ar Shaoire Cúramóra.

**2. Teidlíocht i leith Saoire Cúramóra**

2.1 Is cothrom le saoire neamhíoctha 104 seachtaine a bheidh an tréimhse uasta Saoire Cúramóra atá incheadaithe chun cúram a thabhairt do dhuine iomchuí agus beidh sé de rogha ag múinteoirí an tsaoire sin a thógáil mar seo a leanas:

- tréimhse leanúnach 104 seachtaine amháin, nó
- tréimhse amháin nó níos mó nach mó a fad/a bhfad iomlán ná 104 seachtaine.

2.2 I gcás nach dtógfar Saoire Cúramóra i dtréimhse leanúnach 104 seachtaine amháin, ní mór idirthréimhse sé seachtaine ar a laghad a bheith ann idir na tréimhsí Saoire Cúramóra i leith an aon duine amháin.

2.3 Is é 13 seachtaine an ceanglas reachtúil íosta a fhéadfar a thógáil i dtréimhse amháin.

2.4 Is ionann seachtain agus seacht lá as a chéile, lena n-áirítear deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil múinteoir le bheith i láthair de réir an tráthchláir laistigh den tréimhse sin.

2.5 Mar sin féin, féadfar iarratas ar thréimhsí níos giorra a bhreithniú ar a fhiúntas agus féadfar é a cheadú nuair is féidir.

**3. Incháilitheacht**

3.1 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar Shaoire Cúramóra i gcás go mbeidh seirbhís leanúnach aon bhliana curtha isteach aige/aici leis an bhfostóir reatha. Tarscaoilfear an ceanglas sin i gcás go ndéanfar múinteoir

a ath-imlonnú go héigeantach isteach i scoil nó i gcás go ndéanfar scoil a chónascadh, ar choinníoll go mbeidh aon bhliain iomlán amháin ar a laghad curtha isteach aige/aici ina scoil roimhe roimh an ath-imlonnú/roimh an gcónascadh.

**4. Nósanna Imeachta Iarratais**

4.1 Ní mór do mhúinteoir iarratas a dhéanamh ach úsáid a bhaint as Foirm CARB1 ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus, tar éis é a cheadú, ní mór dó/di iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir.

4.2 Ní mór don mhúinteoir an t-iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais in Aguisín A. Ní mór cóip den cheadú ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (más ann) a chur isteach i dteannta na Foirme Iarratais.

4.3 In imthosca éigeandála, féadfaidh fostóir iarratas a phróiseáil agus Saoire Cúramóra a dheonú ar feitheamh ceadú a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Agus deonú na Saoire Cúramóra á bhreithniú aige, ba cheart don fhostóir a dhéanamh amach cé acu a cuireadh nó nár cuireadh iarratas isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní mór don mhúinteoir an fhoirm ceadaithe ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a chur isteach chuig an scoil díreach tar éis í a fháil ón Roinn.

4.4 Ba cheart don fhostóir agus don mhúinteoir Doiciméad Deimhniúcháin a chomhlánú ceithre seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe acu úsáid a bhaint as an bhFoirm in Aguisín B.

**5. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh**

5.1 Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoin neamhláithreacht Saoire Cúramóra tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh thosú na saoire.

5.2 Toisc gur saoire neamhíoctha í Saoire Cúramóra, is féidir go ndéanfar ró-íocaíocht tuarastail leis an múinteoir mar thoradh ar mhoill mhíchuí ar an tsaoire a thaifeadadh.

5.3 Ní mór dáta tosaithe agus dáta deiridh na saoire atá taifeadta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann a bheith ag teacht leis na dátaí a cheadaigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

**6. Stádas le linn Saoire Cúramóra**

6.1 Meastar múinteoir atá ar Shaoire Cúramóra, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin, seachas chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais. Is ináirithe go hiomlán atá Saoire Cúramóra chun críocha sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

**7. Múinteoir Ionaid**

7.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi le linn do mhúinteoir bheith as láthair ar Shaoire Cúramóra. Ní mór don fhostóir é sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

7.2 I gconarthaí a bhronntar chun neamhláithreachtaí Saoire Cúramóra a chumhdach, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh don fhíric gur féidir go mbeidh sé riachtanach ceapachán an mhúinteora ionaid a fhoirceannadh i gcás go bhfillfidh an múinteoir atá as láthair ar dhualgais níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis.

**8. Obair, Oideachas/Oiliúint le linn Saoire Cúramóra**

8.1 Féadfaidh múinteoir atá as láthair ar Shaoire Cúramóra gabháil do theagasc ionaid nó d'obair eile lasmuigh de theagasc agus tabhairt faoi oiliúint nó faoi chúrsa oideachais ar choinníoll:

a) go bhfaighidh an múinteoir cead ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sula dtosóidh sé/sí fostaíocht (teagasc ionaid san áireamh) nó go dtabharfaidh sé/sí faoi oiliúint nó faoi chúrsa oideachais. Is amhlaidh sin chun a dheimhniú don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go bhfuil soláthar leordhóthanach á dhéanamh do chúram an duine iomchuí
b) nach mó uaireanta comhiomlána na fostaíochta (teagasc ionaid san áireamh), na hoiliúna nó an oideachais ná an teorainn sheachtainiúil reachtúil 15 huaire
c) nach mó an glantuilleamh ón bhfostaíocht ar fad ná an teorainn sheachtainiúil cheadaithe (Teorainn Sheachtainiúil na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí) arna socrú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

8.2 Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir, agus air/uirthi amháin, a chinntiú nach sárófar na teorainneacha atá leagtha amach i mír 8.1 b) agus c).

8.3 Ní mór don scoil ina bhfuil an obair ionaid á déanamh aon uaireanta ionaid arna gcur isteach ag an múinteoir agus é/í ar Shaoire Cúramóra a iontráil ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

8.4 Ní fhéadfaidh múinteoir ionadú a dhéanamh ina p(h)ost teagaisc féin ach féadfaidh sé/sí ionadú a dhéanamh ina scoil féin.

**9. Saoire Cúramóra do níos mó ná duine iomchuí amháin**

9.1 Ní cheadaítear do mhúinteoir bheith ar Shaoire Cúramóra i leith níos mó ná duine amháin ag an aon am amháin.

9.2 Uair amháin ar a mhéad, áfach, féadfaidh múinteoir saoire a thosú i leith duine eile i gcás gurb amhlaidh go gcónaíonn an bheirt le chéile agus go bhfuarthas ceadú ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí don dara duine. Sna himthosca sin, féadfar an tSaoire Cúramóra 208 seachtaine a thógáil ag an aon am amháin (104 seachtaine do gach duine iomchuí).

9.3 I gcás go mbainfidh múinteoir leas as Saoire Cúramóra do dhuine amháin agus go dteastóidh uaidh/uaithi leas a bhaint as saoire bhreise do dhuine eile in imthosca nach gcónaíonn an bheirt le chéile iontu, ní mór tréimhse 6 mhí a bheith imithe thart ó dháta fhoirceannadh na saoire i leith an chéad duine sula bhféadfar tréimhse bhreise Saoire Cúramóra a thosú don dara duine. Beidh feidhm ag an rialachán sin fiú amháin i gcás nár thóg an múinteoir an tréimhse uasta 104 seachtaine de Shaoire Cúramóra don chéad duine.

**10. Feidhmiúlacht chun Saoire Cúramóra a thosú**

10.1 Ní mór múinteoir atá as láthair ar Shaoire Cúramóra díreach roimh Shaoire Cúramóra a thosú a bheith measta ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde a bheith feidhmiúil chun dualgais a atosú roimh Shaoire Cúramóra a thosú.

**11. Asbhaintí Deonacha**

11.1 Scoirfear d'asbhaintí deonacha a dhéanamh ón tuarastal a luaithe a thosóidh múinteoir Saoire Cúramóra.

11.2 Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir atá ag baint leas as Saoire Cúramóra, agus air/uirthi amháin, a chinntiú nach rachaidh asbhaintí deonacha ag an bhfoinse i léig, amhail asbhaintí a bhaineann le polasaithe árachais leighis, árachas um leanúint d'ioncam, suibscríbhinní ceardchumainn, íocaíochtaí comhair chreidmheasa agus íocaíochtaí cánach maoine áitiúla.

11.3 Níl an Pámháistir faoi dhliteanas i leith dul i léig polasaithe de chineál ar bith. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi na teidil seo a leanas: Foireann Oideachais – Faisnéis – Párolla agus Airgeadas – Asbhaintí Deonacha. Ba cheart do mhúinteoirí Boird Oideachais agus Oiliúna teagmháil a dhéanamh lena bhfostóir ina leith sin.

**12. Saoire Cúramóra a Fhoirceannadh**

12.1 Foirceannfar an tréimhse Saoire Cúramóra ar an dáta atá sonraithe ar an Doiciméad Deimhniúcháin tráth an iarratais, seachas i gcás:

- nach mbeidh cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil ón duine iomchuí a thuilleadh le linn na tréimhse Saoire Cúramóra, nó

- go bhfaighidh an duine iomchuí bás le linn tréimhse Saoire Cúramóra.

12.2 I gcás go bhfaighidh an duine iomchuí bás le linn na tréimhse Saoire Cúramóra, féadfaidh an múinteoir filleadh ar an obair ar an dáta atá sonraithe sa Doiciméad Deimhniúcháin nó ar dháta atá sé seachtaine tar éis dháta an bháis, cibé acu is luaithe.

12.3 Tabharfaidh an fostóir fógra don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i gcás go mbeidh sé den tuairim:

a) nach duine iomchuí, nó nach duine iomchuí a thuilleadh, atá sa duine ar ina leith atá an múinteoir ag déanamh iarratas ar Shaoire Cúramóra

b) nach duine iomchuí, nó nach duine iomchuí a thuilleadh, atá sa duine ar ina leith a deonaíodh Saoire Cúramóra agus ar ina leith atá an múinteoir ar Shaoire Cúramóra

c) nach gcomhlíonann an múinteoir atá ag déanamh iarratas ar Shaoire Cúramóra nó atá ar Shaoire Cúramóra faoi láthair na coinníollacha le haghaidh cúram agus aire lánaimseartha a thabhairt don duine iomchuí

d) go bhfuil múinteoir atá ag déanamh iarratas ar Shaoire Cúramóra nó atá ar Shaoire Cúramóra faoi láthair ag gabháil d’fhostaíocht nó d’fhéinfhostaíocht, nó gur ghabh sé/sí d’fhostaíocht nó d’fhéinfhostaíocht, seachas mar a fhoráiltear dó i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

12.4 I gcás go gcomhaontóidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le tuairim an fhostóra i mír 12.3 thuas, foirceannfar an tréimhse Saoire Cúramóra, má tosaíodh í, le héifeacht láithreach agus fillfidh an múinteoir ar an obair. Ba cheart achomhairc i dtaca leis an gceanglas sin a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

12.5 Tá Saoire Cúramóra le foirceannadh tar éis treoir a fháil ó oifigeach cinnidh/oifigeach achomhairc na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí:

a) ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn um fhilleadh ar an obair a eisiúint chuig an múinteoir, ar fógra é ina dtugtar dáta fillidh atá réasúnta agus indéanta, ach aird á tabhairt ar na himthosca uile

b) ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a eisiúint chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí tar éis don mhúinteoir filleadh ar an obair, ar fógra é ina gcuirtear in iúl gur foirceannadh an tréimhse Saoire Cúramóra agus ina luaitear an dáta a d'fhill an múinteoir ar an obair

c) ní mór don mhúinteoir fógra um an gceanglas chun filleadh ar an obair a choinneáil

d) ní mór don fhostóir cóip den fhógra arna thabhairt don mhúinteoir a choinneáil freisin.

## Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Cúramóra

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe.**

**CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: ________________________ Uimhir Theagmhála: ________________

Seoladh Baile: ________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: _________________________________________________________

UPSP: _____________________________________________________________________

Ainm na Scoile: _______________________________ Uimhir Rolla: __________________

**CUID 1B - MIONSONRAÍ FAOIN tSAOIRE CÚRAMÓRA ATÁ BEARTAITHE**

Iarratas ar Shaoire Cúramóra i leith:

Ainm an duine iomchuí: ______________________________________________________

Patrún beartaithe na Saoire Cúramóra:
□ Bloc leanúnach amháin
□ Tréimhsí leithleacha seachtainí mar seo a leanas (sé seachtaine ar a laghad idir na tréimhsí):

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

Ón ____________________________ go dtí an __________________________

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Cúramóra i gcomhréir leis an Scéim Saoire Cúramóra atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

*Síniú an Mhúinteora:* ____________________________________ *Dáta:* ___________________

## Aguisín B – Doiciméad Deimhniúcháin le haghaidh Saoire Cúramóra

**CUID 2: LE COMHLÁNÚ AG AN BHFOSTÓIR AGUS AG AN MÚINTEOIR**

Deimhním gur deonaíodh Saoire Cúramóra do:

Ainm an Mhúinteora: ______________________________ UPSP: _______________

*I leith:*

Ainm an duine iomchuí: ____________________________________________________

Deonaíodh Saoire Cúramóra i gcomhréir leis an Scéim Saoire Cúramóra atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'.*

Ón ___________________________ go dtí an _________________________

Ón ___________________________ go dtí an _________________________

Ón ___________________________ go dtí an _________________________

Ón ___________________________ go dtí an _________________________

*Síniú an Mhúinteora:* ___________________________ *Dáta:* ____________________

*Síniú an Fhostóra:* ______________________________ *Dáta:* ____________________

Tar éis é a shíniú, ní fhéadfar aon leasú a dhéanamh ar an Doiciméad Deimhniúcháin gan comhaontú a fháil ón dá pháirtí. Ba cheart don mhúinteoir cóip den Doiciméad Deimhniúcháin a choinneáil.

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Cúramóra a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 3 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an t-iarratas ar Shaoire Cúramóra/gur dhiúltaigh mé don iarratas ar Shaoire Cúramóra (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Saoire Cúramóra atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Shaoire Cúramóra ☐

2) Cóip den Ráiteas Deimhniúcháin ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ☐

3) Cóip den Doiciméad Deimhniúcháin arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

4) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh an tSaoire Cúramóra Cheadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

*Síniú:* ________________________________ *Dáta:* _____________________
*(Fostóir)*

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar múinteoirí, don scoilbhliain 2024/25, féadfar múinteoir atá ar Sos Gairme a fhostú i gcáil ionaid amháin, gan na srianta a fhorchuirtear sa Scéim Sos Gairme mar atá i gCaibidil 7 (Mír 8.1) de Chiorclán 54/2019. Gheofar tuilleadh eolais i **Nóta Eolais TC/IN 0009/2024**.

# CAIBIDIL 7 – AN SCÉIM SOS GAIRME

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Sos Gairme**

1.1 Is ionann Sos Gairme agus tréimhse saoire speisialta gan phá. Is é an príomhchuspóir atá leis an Scéim Sos Gairme iarratasóirí a éascú, nuair is féidir, i leith na réimsí seo a leanas:

a) Forbairt Phearsanta

b) Seirbhís Dheonach Thar Lear

c) Céile/páirtnéir a thionlacan le linn Postú Taidhleoireachta/Míleata

d) Críocha oideachais

e) Ionadaíocht Phoiblí

f) Cúiseanna Teaghlaigh

g) Féinfhostaíocht

**2. Incháilitheacht**

2.1 Beidh múinteoir incháilithe d'iarratas a dhéanamh ar Shos Gairme i gcás gurb amhlaidh, ag deireadh na scoilbhliana ina bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici, go mbeidh seirbhís leanúnach 12 mhí curtha isteach go sásúil aige/aici leis an bhfostóir reatha. Tarscaoilfear an ceanglas sin i gcás go ndéanfar múinteoir a ath-imlonnú go héigeantach isteach i scoil nó go ndéanfar scoil a chónascadh, ar choinníoll go mbeidh aon bhliain iomlán amháin ar a laghad curtha isteach aige/aici ina scoil roimhe roimh an ath-imlonnú/roimh an gcónascadh.

**3. Fad an tSosa Gairme**

3.1 Mairfidh Sos Gairme tréimhse nach lú ná scoilbhliain amháin. Féadfar é a fhadú ar bhonn bliantúil ar choinníoll nach mairfidh an Sos Gairme ar fad níos mó ná cúig bliana ag aon am amháin, faoi réir neamhláithreacht fhoriomlán deich mbliana ar a mhéad le linn ghairm an mhúinteora.

3.2 Ní fhéadfar aon Sos Gairme eile a thógáil go dtí go mbeidh tréimhse is comhionann le fad an tSosa Gairme roimhe curtha isteach ag an múinteoir. Tarscaoilfear an ceanglas sin i gcás aon mhúinteora atá ag iarraidh leas a bhaint as Sos Gairme chun dul i mbun seirbhís dheonach thar lear, seirbhís mhisinéireachta/taidhleoireachta/mhíleata, seirbhís Oireachtais nó saoire staidéir.

3.3 Ní mór Sos Gairme a thosú i dtús na scoilbhliana. Ní ceadmhach filleadh ar dhualgais sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna a dheonaigh an Sos Gairme nó sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna inar ath-imlonnaíodh an múinteoir seachas i dtús na chéad scoilbhliana eile.

3.4 In imthosca eisceachtúla, féadfaidh fostóir Sos Gairme atá le tosú le linn na scoilbhliana a cheadú. Foirceannfar aon Sos Gairme den sórt sin tráth nach luaithe ná deireadh na scoilbhliana céanna. Measfar gur Sos Gairme aon bhliana é sin.

3.5 Ní rachaidh fad an tSosa Gairme thar na nithe seo a leanas:

a) dáta foirceanta an chonartha téarma shocraithe

b) dáta an scoir éigeantaigh

c) na teorainneacha atá leagtha amach i mír 3.1

d) deireadh na scoilbhliana ábhartha (i gcásanna nár cuireadh iarratas ar Shos Gairme a fhadú isteach iontu nó nár ceadaíodh iarratas ar Shos Gairme a fhadú iontu)

**4. Nósanna Imeachta Iarratais**

4.1 Ní mór do mhúinteoir atá ag iarraidh Sos Gairme an Fhoirm Iarratais in <u>Aguisín A</u> a chomhlánú agus a chur isteach chuig an bhfostóir tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra de gach scoilbhliain.

4.2 Féadfaidh an fostóir breithniú a dhéanamh ar iarratas déanach in imthosca eisceachtúla.

4.3 Ní mór do mhúinteoir atá ag iarraidh a S(h)os Gairme a fhadú iarratas a dhéanamh ar an bhfadú sin ar bhonn bliantúil roimh an spriocdháta atá leagtha amach i mír 4.1.

4.4 Déanfaidh an fostóir breithniú ar gach iarratas ar Shos Gairme a thógáil, nó ar Shos Gairme a fhadú, ar a fhiúntas féin agus de réir bheartas na scoile/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le neamhláithreachtaí múinteora. Is cinneadh críochnaitheach é an cinneadh ón bhfostóir.

4.5 Ní mór fógra i scríbhinn faoin gcinneadh chun an t-iarratas a cheadú nó chun diúltú dó a chur ar áireamh sa chinneadh ón bhfostóir ar an iarratas ar Shos Gairme agus ní mór an cinneadh sin a chur in iúl don mhúinteoir tráth nach déanaí ná an 1 Márta. I gcás go ndiúltófar d’iarratas, ní mór don fhostóir na forais leis an diúltú a chur ar áireamh sa chinneadh uaidh.

4.6 I bhfianaise mhéid na socruithe atá le cur i bhfeidhm ag an bhfostóir chun Sos Gairme a éascú, ní cheadófar don iarratasóir a (h)iarratas a tharraingt

siar tar éis an 14 Aibreán. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an fostóir breithniú a dhéanamh ar iarratas ar Shos Gairme a tarraingíodh siar tar éis an dáta sin.

**5. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh**

5.1 Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoin neamhláithreacht Sosa Gairme tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann an 1 Aibreán nó roimh an dáta sin. Ní mór don fhostóir ainm na múinteoirí uile atá ag baint leas as Sos Gairme a liostú ar an bhfoirm bhliantúil um Athrú Foirne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann freisin.

**6. Stádas le linn Sos Gairme**

6.1 Seachas chun críche luach saothair, chun críche aoisliúntais agus chun críche an cheanglais seirbhíse le haghaidh ardú céime, meastar múinteoir atá ar Shos Gairme, chun gach críche eile, a bheith fostaithe. Ní dhéanfaidh neamhláithreacht Sosa Gairme aon difear do shinsearacht an mhúinteora.

**7. Múinteoir Ionaid**

7.1 Ní mór an post mar mhúinteoir ionaid a líonadh de réir na rialacha reatha maidir le hearcú múinteoirí. Tairgfear conradh téarma shocraithe dó/di. Ní mór coinníoll a bheith i gconradh den sórt sin go bhfoirceannfar an conradh i gcás go n-éireoidh an múinteoir atá ar Shos Gairme as nó go rachaidh sé/sí ar scor.

**8. Fostaíocht le linn Sos Gairme a Thógáil**

8.1 Ní fhéadfar múinteoir atá as láthair ar Shos Gairme a fhostú i bpost teagaisc ceadaithe nó i bpost ceadaithe cúntóra riachtanas speisialta a chistítear le hairgead ón Oireachtas. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh fostóir múinteoir cáilithe atá ar Shos Gairme a cheapadh chun críocha teagaisc ionaid faoi réir na dteorainneacha seo a leanas:

- i mBunscoil – ar feadh 90 lá ar a mhéad in aon scoilbhliain
- in Iar-bhunscoil – ar feadh 300 uair an chloig ar a mhéad in aon scoilbhliain

8.2 Aon mhúinteoir atá ar Shos Gairme agus atá fostaithe i gcáil ionaid mar mhúinteoir i mbunscoil, measfar go mbíonn sé/sí ag obair ar bhonn ócáideach go dtí go mbeidh níos mó ná 40 lá curtha isteach aige/aici i scoil aitheanta. Tar éis an 40 lá sin, is ag ráta pearsanta an mhúinteora a íocfar leis/léi as aon laethanta a chuirfidh sé/sí isteach mar mhúinteoir i gcáil ionaid.

8.3 Aon mhúinteoir atá ar Shos Gairme agus atá fostaithe i gcáil ionaid mar mhúinteoir in iar-bhunscoil, measfar go mbíonn sé/sí ag obair ar bhonn ócáideach go dtí go mbeidh níos mó ná 150 uair an chloig curtha isteach aige/aici i scoil aitheanta/in Ionad Breisoideachais aitheanta. Tar éis an 150 uair an chloig sin, is ag ráta pearsanta an mhúinteora a íocfar leis/léi as aon uaireanta a chuirfidh sé/sí isteach mar mhúinteoir i gcáil ionaid.

8.4 Áireofar teagasc ionaid den sórt sin chun críche dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch agus chun críche aoisliúntais.

**9. Filleadh ar an Obair tar éis Sos Gairme**

9.1 Ní mór do mhúinteoir atá ar Shos Gairme fógra a thabhairt don fhostóir faoin 1 Feabhra faoin rún atá aige/aici filleadh ar an obair i dtús na chéad scoilbhliana eile.

9.2 Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir atá ag filleadh ó Shos Gairme a chinntiú go mbeidh sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar dháta beartaithe an atosaithe. Tabhair faoi deara go bhfuil grinnfhiosrúchán i gceist le próiseas clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta agus gur féidir go dtógfaidh an próiseas suas le 12 sheachtain le linn na buaicthréimhse idir mí Iúil agus mí Lúnasa. Is féidir go mbeidh ceanglais bhreise imréiteach póilíní i gceist leis freisin i gcás gur chónaigh an múinteoir thar lear. Dá bhrí sin, moltar do mhúinteoirí tús a chur leis an bpróiseas clárúcháin a luaithe a thabharfaidh siad fógra don scoil faoin rún atá acu filleadh ar an obair.

9.3 Ní mór do mhúinteoir atá ag filleadh ó Shos Gairme tar éis neamhláithreacht os cionn dhá scoilbhliain dul faoi mheasúnú leighis agus ní mór don tSeirbhís Sláinte Ceirde a dheimhniú go bhfuil sé/sí feidhmiúil ó thaobh leighis de sula bhfillfidh sé/sí ar an obair. Is féidir na nósanna imeachta atá le leanúint a fháil sa Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí (Caibidil 2), atá le fáil in Aguisín A a ghabhann leis an Scéim Saoire Breoiteachta.

9.4 Beidh feidhm ag na téarmaí agus coinníollacha do mhúinteoirí i gcoitinne maidir le múinteoir atá ag atosú dualgais tar éis Sos Gairme, lena n-áirítear na téarmaí a ghabhann le haon scéim ath-imlonnaithe a bheidh ann tráth an fhillidh.

**10. Éirí as le linn Sos Gairme a Thógáil**

10.1 Aon mhúinteoir atá ar Shos Gairme agus atá ag iarraidh éirí as a p(h)ost teagaisc, ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir faoi sin de réir théarmaí fostaíochta an mhúinteora. I gcás go n-éireoidh múinteoir as an Sos Gairme le linn na scoilbhliana, is amhlaidh, i gcás go rachaidh an múinteoir i mbun seirbhís teagaisc an athuair tráth níos déanaí, go measfar gur scoilbhliain iomlán í an bhliain sin chun críocha mhír 3 den Scéim Sos Gairme.

10.2 I gcás go mainneoidh múinteoir dualgais a atosú tar éis dheireadh aon tréimhse ceadaithe Sosa Gairme, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Phámháistir faoi sin láithreach ionas nach n-athbhunófar an tuarastal. Gníomhóidh an fostóir ar bhealach tráthúil freisin chun an staid a bhunú agus chun gníomh cuí a dhéanamh.

**11. Socruithe ÁSPC**

11.1 Beidh múinteoir atá ar Shos Gairme ina f(h)ostaí de chuid an fhostóra go fóill ar feadh thréimhse na neamhláithreachta agus ní áireofar an neamhláithreacht mar bhriseadh i seirbhís chun críocha ÁSPC.

11.2 Dá bhrí sin, ba cheart do mhúinteoirí atá ag iarraidh a dteidlíochtaí Leasa Shóisialaigh a chothabháil le linn Sos Gairme a thógáil teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun comhairle a fháil sula dtosóidh siad Sos Gairme.

**12. Pinsean**

12.1 Ní áireofar saoire neamhláithreachta neamhíoctha chun críocha pinsin. Ag brath ar rialacha na scéime pinsean lena mbaineann, áfach, is féidir go ndéanfar ranníocaíochtaí ag lánchostas achtúireach ar feadh thréimhse na neamhláithreachta ceadaithe tosaigh. Is féidir go ndéanfar na híocaíochtaí sin trí thráthchodanna ráithiúla le linn an tSosa Gairme tosaigh (i gcás go socrófar é sin leis an Rannóg Pinsean sa Roinn/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna sula dtosófar an Sos Gairme) nó tar éis filleadh ar an teagasc. Moltar go bhfaigheadh an múinteoir deimhniú ón Rannóg Pinsean sa Roinn/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna maidir lena staid pinsin sula dtosófar saoire neamhíoctha.

12.2 I gcás go ndeonófar do bhall de scéim pinsean saoire neamhláithreachta neamhíoctha chun obair mar Oibrí Forbartha Deonach faoi choimirce Comhlámh i dtír atá i mbéal forbartha, d'fhéadfadh go mbeadh an ghníomhaireacht sin in ann an lánchostas achtúireach a íoc le soláthraí pinsean na seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a mhéad, faoi réir na gcoinníollacha a bheidh i bhfeidhm ó am go chéile. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó Comhlámh.

**13. Asbhaintí Deonacha**

13.1 Scoirfear d'asbhaintí deonacha a dhéanamh ón tuarastal a luaithe a thosóidh múinteoir Sos Gairme. Le linn do mhúinteoir bheith ar Shos Gairme, coinneofar mionsonraí faoina c(h)uid asbhaintí deonacha ar a t(h)aifead párolla. Dá bhrí sin, tosófar ar aon asbhaintí a rinneadh roimh Shos Gairme an mhúinteora a dhéanamh an athuair a luaithe a fhillfidh sé/sí ar an bpárolla. Déanfar amhlaidh ach amháin i gcás go n-iarrfaidh an múinteoir ar an ngníomhaireacht asbhaintí scor d'asbhaintí a dhéanamh ar

dháta ar leith. Ní dhéanfaidh an Pámháistir aon asbhaint i leith aon mhéideanna carntha neamhíoctha a bheidh ann le linn an tSosa Gairme.

13.2 Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir atá ag baint leas as Sos Gairme, agus air/uirthi amháin, a chinntiú nach rachaidh asbhaintí deonacha ag an bhfoinse i léig, amhail asbhaintí a bhaineann le polasaithe árachais leighis, árachas um leanúint d'ioncam, suibscríbhinní ceardchumainn, íocaíochtaí comhair chreidmheasa agus íocaíochtaí cánach maoine áitiúla.

13.3 Níl an Pámháistir faoi dhliteanas i leith dul i léig polasaithe de chineál ar bith. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne faoi na teidil seo a leanas: Foireann Oideachais – Seirbhísí – Párolla/Airgeadas – Asbhaintí Deonacha – Coinníollacha feidhme maidir le háis Asbhainte ag an bhFoinse d'Asbhaintí Deonacha. Ba cheart do mhúinteoirí Boird Oideachais agus Oiliúna teagmháil a dhéanamh lena bhfostóir ina leith sin.

13.4 Ní mór aon iarmhéideanna atá le híoc ag múinteoir atá páirteach sa Scéim Rothaíochta chun na hOibre nó sa Scéim Pas Taistil a ghlanadh sula dtosófar Sos Gairme.

## Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shos Gairme

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán gach bliain agus a chur isteach chuig an bhfostóir sula dtosófar Sos Gairme nó sula n-iarrfar fadú ar Shos Gairme agus ba cheart déanamh amhlaidh <u>tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra</u>.**

**CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: ___________________________ Uimhir Theagmhála: ___________

Seoladh Baile: _______________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: __________________________________________________________

UPSP: _______________________________________________________________________

Ainm na Scoile: ___________________________________ Uimhir Rolla: _______________

An bhfuil sé amhlaidh gur thóg tú Sos Gairme roimhe seo? Tá ☐ Níl ☐

Más *"TÁ"* an freagra, tabhair mionsonraí faoi aon Sosanna Gairme roimhe seo: ____________________________

**CUID 1B - MIONSONRAÍ FAOIN SOS GAIRME ATÁ BEARTAITHE**

Dáta tosaithe beartaithe an tSosa Gairme: _____________________________________________

An cuspóir atá leis an Sos Gairme *(cuir tic leis an mbosca iomchuí):*

☐ Forbairt Phearsanta
☐ Seirbhís Dheonach Thar Lear
☐ Céile/páirtnéir a thionlacan le linn Postú Taidhleoireachta/Míleata
☐ Críocha oideachais
☐ Ionadaíocht Phoiblí
☐ Cúiseanna Teaghlaigh
☐ Féinfhostaíocht
☐ Eile

<u>Faisnéis Bhreise a bhfuil mar aidhm léi tacú le hiarratas ar Shos Gairme</u>:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shos Gairme i gcomhréir leis an Scéim Sos Gairme atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: _________________________________ Dáta: _________________

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shos Gairme a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 2 – AN CINNEADH ÓN BHFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an t-iarratas ar Shos Gairme/gur dhiúltaigh mé don iarratas ar Shos Gairme (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Sos Gairme atá leagtha amach i gCiorclán 54/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Shos Gairme ☐

2) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh an Sos Gairme Ceadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart í a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar múinteoirí, don scoilbhliain 2024/25, cuirtear an srian ar obair ionaid a fhorchuirtear sa Scéim Comhroinnte Poist mar atá i gCaibidil 8 (Mír 11.1 (a) de Chiorclán 54/2019 ar fionraí. Féadfar múinteoir Comhroinnte Poist a fhostú anois chun oibriú i gcáil ionaid, nuair nach bhfuil sí/sé ar an uainchlár dualgas. Gheofar tuilleadh eolais in **Nóta Faisnéise TC 0008/2024**.

# CAIBIDIL 8 – AN SCÉIM POSTROINNTE

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Postroinnte**

1.1 Is é an cuspóir atá leis an Scéim Postroinnte ná cabhrú le múinteoirí oibleagáidí oibre agus freagrachtaí/roghanna pearsanta a chomhcheangal.

1.2 Chun críocha na Caibidle seo;

a) Ciallaíonn múinteoir Postroinnte múinteoir:-

i) atá ag roinnt post lánaimseartha ar bhonn 50:50, nó

ii) a rinne iarratas ar a (h)uaireanta a laghdú go 50% den líon uaireanta a oibrítear i bpost lánaimseartha.

b) Ciallaíonn múinteoir lánaimseartha múinteoir a bhfuil conradh aige/aici:-

i) le haghaidh 28 n-uaire 20 nóiméad in aghaidh na seachtaine i mBunscoil, nó

ii) le haghaidh 22 uair teagaisc in aghaidh na seachtaine in Iar-bhunscoil.

**2. Incháilitheacht**

2.1 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar shocrú Postroinnte:-

a) i gcás gurb amhlaidh, ag deireadh na scoilbhliana ina bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici, go mbeidh seirbhís leanúnach 12 mhí curtha isteach go sásúil aige/aici leis an bhfostóir reatha. Tarscaoilfear an ceanglas sin i gcás go ndéanfar múinteoir a ath-imlonnú go héigeantach isteach i scoil nó go ndéanfar scoil a chónascadh, ar choinníoll go mbeidh aon bhliain iomlán amháin ar a laghad curtha isteach aige/aici ina scoil roimhe roimh an ath-imlonnú/roimh an gcónascadh.

b) i gcás go sealbhóidh sé/sí post don chéad scoilbhliain eile, ar post é is coibhéiseach le 50% de phost mar mhúinteoir lánaimseartha (i.e. 14 huaire 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoir Bunscoile nó 11 uair teagaisc in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoir Iar-bhunscoile).

Níl Postroinnt ar fáil do na daoine seo a leanas:

i. Bunscoil: Príomhoide, Comhordaitheoir Teagmhála Baile agus Scoile, múinteoir ar iasacht

ii. Iar-bhunscoil: Príomhoide, Leas-phríomhoide, Comhordaitheoir Teagmhála Baile agus Scoile, múinteoir ar iasacht

2.2 Féadfaidh múinteoir atá ar Shos Gairme nó ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe eile iarratas a dhéanamh ar dhualgais teagaisc a atosú ar bhonn Postroinnte.

**3. Fad an tSocraithe Postroinnte**

3.1 Is é aon scoilbhliain amháin an tréimhse íosta a mhairfidh socrú Posroinnte.

3.2 In imthosca eisceachtúla, féadfaidh fostóir socrú Postroinnte atá le tosú le linn na scoilbhliana a údarú. Foirceannfar aon socrú Postroinnte den sórt sin tráth nach luaithe ná deireadh na scoilbhliana céanna, i.e. an 31 Lúnasa.

**4. Roghanna Postroinnte**

4.1 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar phost lánaimseartha a roinnt ar bhonn 50:50 nó féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar a (h)uaireanta a laghdú go 50% den líon uaireanta a oibríonn múinteoir lánaimseartha. I gcás múinteoir Bunscoile, is ionann an líon sin agus 14 huaire 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine. I gcás múinteoir Iar-bhunscoile, is ionann é agus 11 uair teagaisc in aghaidh na seachtaine.

4.2 Tá dhá rogha ann le haghaidh socrú Postroinnte:

**Rogha 1: Post lánaimseartha a roinnt ar bhonn 50:50:**

- Post lánaimseartha a roinnt ar bhonn 50:50 le múinteoir lánaimseartha atá ann cheana:-

    (a) sa scoil chéanna, nó
    (b) i scoil eile faoi shocrú Postroinnte idirscoile (Bunscoileanna amháin).

**Rogha 2: Uaireanta teagaisc lánaimseartha a laghdú go 50%**

- Uaireanta teagaisc lánaimseartha a laghdú go 50%, áit a n-earcóidh an fostóir múinteoir eile ar chonradh téarma shocraithe chun na huaireanta eile atá ar fáil a chumhdach. Foirceannfar an conradh sin ag deireadh na scoilbhliana.

**5. Oibriú na Scéime**

5.1 I gcás socrú Postroinnte idirscoile ar leibhéal na Bunscoile, measfar gurb ionann an fostóir is óstach (an scoil chuig a bhfuil an múinteoir sannta go sealadach chun críocha an tsocraithe Postroinnte agus ar feadh thréimhse an tsocraithe) agus fostóir na beirte Postroinnteoirí ar feadh thréimhse an tsocraithe Postroinnte.

5.2 Maidir le scoileanna atá ag óstáil múinteoirí chun críocha Postroinnte idirscoile, ní mór dóibh na hoibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúil atá orthu faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus faoi Chiorcláin ábhartha ón Roinn a chomhlíonadh.

5.3 Is faoin bhfostóir a bheidh sé a chinneadh cé na socruithe Postroinnte a nglacfaidh sé leo, e.g. seachtain amháin ag an obair/seachtain amháin saor, seachtain roinnte. Is féidir go gceanglóidh Iar-bhunscoileanna, mar shampla, go mbeadh múinteoir Postroinnte ar an tráthchlár cúig lá in aghaidh na seachtaine. Faoi réir fhreagracht an fhostóra ina leith seo, ba cheart socruithe tráthchláir do mhúinteoirí Postroinnte a dhearadh de mheon na scéime, a bhfuil mar aidhm léi an múinteoir a éascú a mhéid is indéanta.

5.4 I gcás Bunscoileanna, ba cheart don fhostóir, tar éis dó socrú Postroinnte a cheadú, fógra a thabhairt do thuismitheoirí, a luaithe is féidir trí chruinniú leis an bPríomhoide/leis an bhfostóir agus leis na múinteoirí Postroinnte, go dteagascfaidh múinteoirí Postroinnte a leanaí sa scoilbhliain lena mbaineann. Níor cheart aon mhodh cumarsáide eile a úsáid in áit an chruinnithe sin.

5.5 In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an fostóir múinteoir Postroinnte a cheadú tarraingt siar ón Scéim Postroinnte agus filleadh ar a p(h)ost teagaisc bunaidh níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás gur féidir freastal ar an múinteoir laistigh den leithdháileadh foirne ceadaithe, faoi réir socruithe conartha. Ní fhéadfar iarratas den sórt sin a bhreithniú tar éis an 1 Samhain, áfach.

## 6. Nósanna Imeachta Iarratais

6.1 Ní mór do mhúinteoir atá ag iarraidh socrú Postroinnte an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a chomhlánú agus a chur isteach chuig a f(h)ostóir gach bliain, tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra roimh an scoilbhliain ina bhfuil sé beartaithe aige/aici socrú Postroinnte a thosú nó (i gcás múinteoir atá ag iarraidh socrú atá ann cheana a fhadú) leanúint leis an socrú Postroinnte.

6.2 Ní mór don fhostóir breithniú a dhéanamh ar gach iarratas ar Phostroinnt ar a fhiúntas féin agus de réir bheartas na scoile maidir le neamhláithreachtaí múinteora.

6.3 Ní mór don fhostóir cinneadh i scríbhinn a eisiúint chuig an múinteoir tráth nach déanaí ná an 1 Márta. Leagfar amach sa chinneadh sin cé acu a ceadaíodh an t-iarratas nó a diúltaíodh dó (agus an bonn leis an diúltú, nuair is infheidhme). Is cinneadh críochnaitheach é an cinneadh ón bhfostóir.

6.4 I bhfianaise mhéid na socruithe atá le cur i bhfeidhm ag an bhfostóir chun ról Postroinnte a éascú, níor cheart an múinteoir a cheadú a (h)iarratas a

tharraingt siar tar éis an 14 Aibreán nó a luaithe a shíneofar conradh an mhúinteora ionaid, cibé acu is luaithe.

**7. Fógra a Thabhairt faoi Shaoire agus í a Thaifeadadh**

7.1 Ní mór don fhostóir ainm na múinteoirí uile atá ag baint leas as socruithe Postroinnte a liostú ar an bhfoirm bhliantúil um Athrú Foirne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

**8. Socruithe Pá**

8.1 Nuair is infheidhme, gheobhaidh múinteoir Postroinnte luach saothair is comhionann le 50% den luach saothair a ghabhann le post lánaimseartha, agus liúntais cháilíochta san áireamh (i.e. Ard-Dioplóma, Bunchéim, Céim Máistreachta, Céim Dochtúireachta, Ard-Teastas Gaeilge). Féach na foilseacháin ábhartha ón Roinn chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi liúntais shonracha phoist a choinneáil.

**9. Stádas le linn Socrú Postroinnte**

9.1 Déanfar gach bliain a chuirfear isteach i socrú Postroinnte a áireamh mar sheirbhís aon bhliana chun críocha ardaithe céime agus breisíochta.

9.2 Cinnteoidh fostóirí go mbeidh próisis chumarsáide chuí i bhfeidhm idir múinteoirí a bhfuil post á roinnt acu ionas gur féidir leo freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh.

9.3 Ní mór do mhúinteoir Postroinnte bheith ar fáil chun freastal ar chruinnithe ábhartha le baill foirne agus le tuismitheoirí de réir bheartas agus shocruithe na scoile.

9.4 I gcás múinteoirí atá ag gabháil do shocrú Postroinnte, is ar bhonn pro rata a sholáthrófar uaireanta breise faoi Chomhaontuithe Seirbhíse Poiblí atá ann cheana.

**10. Múinteoir Ionaid**

10.1 Ní mór an post mar mhúinteoir ionaid a líonadh de réir na rialacha reatha maidir le hearcú múinteoirí. Tairgfear conradh téarma shocraithe dó/di.

10.2 Ní mór coinníoll a bheith i gconradh den sórt sin go bhfoirceannfar an conradh i gcás go n-éireoidh an múinteoir Postroinnte as, go rachaidh sé/sí ar scor nó go bhfillfidh sé/sí ar fhostaíocht lánaimseartha (fad a fhillfear ar uaireanta lánaimseartha roimh an 1 Samhain agus gur féidir freastal ar an múinteoir mar atá leagtha amach i mír 5.5).

10.3 Féadfaidh an múinteoir ionaid iarratas a dhéanamh ar aon uaireanta atá ar fáil, lena n-áirítear uaireanta ionaid, in aon scoil suas go dtí an líon uaireanta atá i gceist le post lánaimseartha.

**11. Fostaíocht le linn Socrú Postroinnte**

11.1 Ní fhéadfaidh múinteoir Postroinnte

a) gabháil d'aon teagasc ionaid
b) gníomhú mar chúntóir riachtanas speisialta sa scoil ina bhfuil sé/sí fostaithe nó in aon scoil eile
c) gabháil d'fhostaíocht íoctha gan toiliú an fhostóra. Ní cheadóidh an fostóir fostaíocht sheachtrach i gcás go mbeidh coinbhleacht ann le ról reatha an mhúinteora.

**12. Poist Cheannaireachta agus Bhainistíochta**

12.1 Is de réir na bhfoilseachán ábhartha ón Roinn agus/nó rialacháin eile a bhunófar an teidlíocht i leith Post Ceannaireachta agus Bainistíochta a líonadh agus/nó ceapachán a dhéanamh chuig Poist ghníomhacha Cheannaireachta agus Bhainistíochta agus íocaíocht a dhéanamh ina leith.

12.2 Ba cheart don fhostóir oibriú na bpost Ceannaireachta agus Bainistíochta a shealbhaíonn múinteoirí Postroinnte a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcuirfear na freagrachtaí i gcrích ar bhealach leordhóthanach.

12.3 *Bunscoil*

a) I gcás go dtabharfar cead do Leas-phríomhoide Bunscoile gabháil do shocrú Postroinnte, ní mór dó/di a p(h)ost Ceannaireachta agus Bainistíochta agus an liúntas cuí a ghéilleadh ar feadh thréimhse an tsocraithe Postroinnte.

b) Féadfaidh Príomhoide Cúnta I nó Príomhoide Cúnta II an liúntas dá p(h)ost Ceannaireachta agus Bainistíochta a choinneáil le linn socrú Postroinnte ar choinníoll go gcinnfidh an fostóir gur féidir leis/léi róil agus freagrachtaí an phoist a chur i gcrích ina n-iomláine.

c) I gcás go gcinnfidh fostóir nach féidir leis an múinteoir Postroinnte róil agus freagrachtaí an phoist mar Phríomhoide Cúnta I nó mar Phríomhoide Cúnta II a chur i gcrích ina n-iomláine, féadfar Príomhoide Cúnta I nó Príomhoide Cúnta II a cheapadh i gcáil ghníomhach. I gcás den sórt sin, comhroinnfear an liúntas go cothrom idir an bheirt mhúinteoirí (i.e. an sealbhóir poist ghníomhaigh agus an múinteoir Postroinnte). Athbhunófar an liúntas don sealbhóir poist iarbhír tráth a atosóidh sé/sí róil agus freagrachtaí lánaimseartha.

d) Ní bheidh aon teidlíocht phearsanta ag an sealbhóir poist ghníomhaigh i leith an liúntais. Dá bhrí sin, géillfidh sé/sí an céanna nuair a atosóidh an Postroinnteoir róil agus freagrachtaí lánaimseartha.

e) Aon mhúinteoir a shealbhaíonn liúntas do phost Ceannaireachta agus Bainistíochta (lena n-áirítear múinteoirí a shealbhaíonn an liúntas ar bhonn pearsanta) agus atá páirteach i Scéim Postroinnte idirscoile, ní mór dó/di a p(h)ost Ceannaireachta agus Bainistíochta a ghéilleadh ar feadh thréimhse an tsocraithe Postroinnte idirscoile. Beidh an post Ceannaireachta agus Bainistíochta a fholmhóidh an múinteoir faoi réir na dtéarmaí atá leagtha amach i gCiorcláin ón Roinn.

f) Féadfaidh múinteoir atá páirteach i Scéim Postroinnte idirscoile iarratas a dhéanamh ar phoist Cheannaireachta agus Bhainistíochta a thiocfaidh chun cinn ina scoil bhunáite, ach ní bheidh sé/sí i dteideal iarratas a dhéanamh ar phoist san óstscoil. I gcás go n-éireoidh le múinteoir post Ceannaireachta agus Bainistíochta a fháil ina (h)iarscoil, ceapfar duine chuig post gníomhach Ceannaireachta agus Bainistíochta faoi réir údar a bheith ann leis an bpost go fóill agus faoi réir na dtéarmaí a threorófar ó am go chéile i gCiorcláin ón Roinn.

g) I gcás go rachaidh múinteoir a shealbhaíonn post Ceannaireachta agus Bainistíochta isteach i socrú Postroinnte idirscoile, ní mór dó/di an liúntas a ghéilleadh ar feadh thréimhse an tsocraithe Postroinnte. Féadfar sealbhóir poist ghníomhaigh a cheapadh, más gá, faoi réir údar a bheith ann leis an bpost.

h) I gcás go mbeidh údar ann le post gníomhach Ceannaireachta agus Bainistíochta, líonfar an post faoi réir na dtéarmaí a threorófar ó am go chéile i gCiorcláin ón Roinn.

12.4 *Iar-bhunscoil*

a) Féadfaidh Príomhoide Cúnta I nó Príomhoide Cúnta II an liúntas dá p(h)ost Ceannaireachta agus Bainistíochta a choinneáil le linn socrú Postroinnte ar choinníoll go gcinnfidh an fostóir gur féidir leis/léi dualgais an phoist a chur i gcrích ina n-iomláine.

b) I gcás go gcinnfidh fostóir nach féidir leis an múinteoir Postroinnte dualgais an phoist mar Phríomhoide Cúnta I nó mar Phríomhoide Cúnta II a chur i gcrích ina n-iomláine, géillfidh an múinteoir an liúntas ar feadh thréimhse an tsocraithe. Athbhunófar an liúntas tráth a atosófar dualgais lánaimseartha.

c) Ní bheidh aon teidlíocht phearsanta ag an sealbhóir poist ghníomhaigh i leith an liúntais. Dá bhrí sin, géillfidh sé/sí an céanna nuair a atosóidh an Postroinnteoir dualgais lánaimseartha. I gcás go mbeidh an ról á chur i gcrích ag sealbhóir poist ar feadh níos mó ná cúig scoilbhliana as a chéile, féach na foilseacháin ábhartha ón Roinn maidir le hEarcaíocht/Ardú Céime agus Ceannaireacht.

12.5 I gcás go mbeidh athrú ann sa socrú postroinnte, i.e. i gcás go mbeidh lándualgais á gcur i gcrích ag an múinteoir nó go bhfillfidh sé/sí ar a p(h)ost teagaisc bunaidh, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Phámháistir faoi sin.

**13. Saoire Mháithreachais/Saoire Uchtaíoch**

13.1 I gcás go roghnóidh múinteoir lánaimseartha atá ar Shaoire Mháithreachais/ar Shaoire Uchtaíoch gabháil do shocrú Postroinnte sa chéad scoilbhliain eile, íocfar an ráta pá lánaimseartha leis/léi suas go tús na chéad scoilbhliana eile. Ina dhiaidh sin, íocfar an ráta pá Postroinnte leis an múinteoir ar feadh na coda eile den tsaoire.

13.2 I gcás go roghnóidh múinteoir Postroinnte atá ar Shaoire Mháithreachais/ar Shaoire Uchtaíoch filleadh ar dhualgais lánaimseartha sa chéad scoilbhliain eile, íocfar an ráta pá Postroinnte leis/léi suas go tús na chéad scoilbhliana eile. Ina dhiaidh sin, íocfar an ráta lánaimseartha leis an múinteoir ar feadh na coda eile den tsaoire.

**14. Éirí as le linn Socrú Postroinnte**

14.1 Aon mhúinteoir atá ag gabháil do shocrú Postroinnte agus atá ag iarraidh éirí as a p(h)ost teagaisc, ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir faoi sin de réir théarmaí agus choinníollacha fostaíochta an mhúinteora.

**15. Socruithe ÁSPC**

15.1 I gcás go mbeidh sé beartaithe acu dul isteach i socrú Postroinnte, ba cheart do mhúinteoirí a shoiléiriú (trí theagmháil a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, más gá) cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon impleachtaí ag patrún beartaithe an tsocraithe Postroinnte dá dtaifead ranníocaíochtaí/creidmheasanna ÁSPC.

**16. Pinsean**

16.1 De réir foilseacháin ón Roinn agus/nó rialacháin eile, beidh múinteoir Postroinnte incháilithe do shochair aoisliúntais ar an mbonn céanna le baill foirne lánaimseartha. Mar sin féin, déanfar gach bliain de sheirbhís a chuirfear isteach i gcáil Postroinnte a áireamh mar sheirbhís lánaimseartha sé mhí chun críocha aoisliúntais.

16.2 Is féidir go bhféadfaidh múinteoir Postroinnte seirbhís bharúlach a cheannach chun críocha aoisliúntais. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi sheirbhís bharúlach a cheannach agus faoi nithe eile a bhaineann le pinsean a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne: Scor-Pinsin. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann freisin. Ba cheart aon cheisteanna maidir le seirbhís bharúlach a cheannach a chur isteach ach ríomhphost a sheoladh chuig pensions@education.gov.ie nó chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

**17. Laethanta Inseirbhíse/Laethanta Pleanála Scoile**

17.1 I gcás go gceanglófar ar mhúinteoir Postroinnte freastal ar chúrsaí/ar laethanta pleanála scoile ar laethanta nach bhfuil sé/sí ar an tráthchlár, deonófar saoire chúitimh dó/di i leith na laethanta sin. Ní dheonófar saoire chúitimh i gcás go mbeidh freastal an mhúinteora ar laethanta den sórt sin mar chuid den cheangaltas uaireanta breise atá air/uirthi faoi Chomhaontuithe reatha Seirbhíse Poiblí.

17.2 I gcás go ndeonófar saoire chúitimh, ba cheart deimhniú ar fhreastal ar an gcúrsa/ar an lá pleanála scoile a chur isteach i scríbhinn chuig an bhfostóir. Ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi sin tríd an gCóras Éileamh ar Líne/trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Ní íocann an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna as cumhdach ionaid i dtaca le laethanta den sórt sin.

**18. Ath-imlonnú**

18.1 Beidh múinteoirí Postroinnte faoi réir na gcoinníollacha ath-imlonnaithe céanna le múinteoirí lánaimseartha.

**19. Socrú Postroinnte a Fhoirceannadh**

19.1 Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go mbeidh múinteoirí atá páirteach sa Scéim Postroinnte ar an eolas go bhféadfar an socrú a fhoirceannadh ag aon am i gcás nach mbeidh sé ag oibriú chun leas na ndaltaí.

19.2 Ionas nach ndéanfar aon ró-íocaíochtaí tuarastail, tá sé de fhreagracht ar an bhfostóir a chinntiú go dtabharfar réamhfhógra don Phámháistir faoi dháta foirceanta shocrú Postroinnte an mhúinteora lena mbaineann agus faoi dháta foirceanta fhostaíocht an mhúinteora ionaid.

## Aguisín A - Foirm Iarratais ar Phostroinnt

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán gach bliain agus a chur isteach chuig an bhfostóir <u>tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra</u>. Ní mór do gach iarratasóir ar Phostroinnt Foirm Iarratais ar leith a chomhlánú.**

**CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: ________________________ Uimhir Theagmhála: ______________

Seoladh Baile: ________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: __________________________________________________________

UPSP: _______________________________________________________________________

Ainm na Scoile: __________________________________ Uimhir Rolla: _________________

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Phostroinnt a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 1B - MIONSONRAÍ AN IARRATAIS AR PHOSTROINNT**

Dáta tosaithe beartaithe an tSocraithe Postroinnte: ______________________________

Sonraigh sa tábla thíos na Roghanna Postroinnte atá beartaithe agat.

| **Cuir tic leis an mbosca iomchuí** | **Roghanna Postroinnte** | **Mionsonraí** |
|---|---|---|
| | **Rogha 1: (a)** Post lánaimseartha a roinnt ar bhonn 50:50 le múinteoir lánaimseartha atá ann cheana sa scoil chéanna. | Ainm an mhúinteora: ______________________________ |
| | **Rogha 1: (b)** Post lánaimseartha a roinnt ar bhonn 50:50 le múinteoir lánaimseartha atá ann cheana i scoil eile faoi shocrú Postroinnte idirscoile (Bunscoileanna amháin). | Ainm an mhúinteora eile: ______________________________<br>Ainm na scoile eile: ______________________________<br>Uimhir Rolla na scoile eile: ______________________________ |
| | **Rogha 2:** Uaireanta teagaisc lánaimseartha a laghdú go 50%, áit a n-earcóidh m'fhostóir múinteoir eile chun na huaireanta eile atá ar fáil a chumhdach. | |

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Phostroinnt i gcomhréir leis an Scéim Postroinnte atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Nuair is iomchuí, toilím leis an bhfaisnéis phearsanta atá tugtha agam ar an bhFoirm Iarratais seo a aistriú chuig an scoil comhpháirtíochta atá páirteach sa socrú Postroinnte atá beartaithe.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ________________________________ Dáta: ___________________

**CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an t-iarratas ar Phostroinnt/gur dhiúltaigh mé don iarratas ar Phostroinnt (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Postroinnte atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Phostroinnt ☐

2) Cóip den Fhoirm Iarratais ón gcomhpháirtí Postroinnte (nuair is infheidhme) ☐

3) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh an Phostroinnt Cheadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir (Óstscoil))

*** Ní bheidh an dara síniú thíos ag teastáil ach amháin i gcás Socrú Postroinnte Idirscoile (Bunscoileanna amháin)**

*Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir sa scoil bhunáite)

*Ainm na Scoile: ___________________________ Uimhir Rolla: ________________

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart í a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***

## CAIBIDIL 9 – AN SCÉIM ATHSHANNACHÁIN SHEALADAIGH DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. An Scéim Athshannacháin Shealadaigh**

1.1 Is é is athshannachán sealadach ann ná socrú a chomhaontaítear idir beirt mhúinteoirí agus dhá scoil rannpháirteacha.

1.2 Is é an cuspóir atá leis an Scéim Athshannacháin Shealadaigh ná socrú ar leith a éascú idir beirt mhúinteoirí incháilithe, le ceadú óna bhfostóir faoi seach. Is socrú é sin trína bhféadfaidh na múinteoirí iarratas a dhéanamh ar athshannachán sealadach chuig scoil eile chun críocha oideachais.

1.3 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar athshannachán sealadach chuig scoil eile chun críocha oideachais. Áirítear leis sin múinteoirí i mbunscoileanna a chumasú cur lena dtaithí ghairmiúil trí theagasc i gcineálacha difriúla suíomhanna agus a n-eolas pearsanta a shaibhriú. Is féidir leo an t-eolas sin a chomhroinnt lena gcomhghleacaithe ina dhiaidh sin. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir Athshannachán Sealadach a iarraidh:

- ó scoil uirbeach chuig scoil tuaithe, nó a mhalairt
- ó scoil mhór ina bhfuil rang amháin ag gach múinteoir chuig scoil bheag ina bhfuil ranganna ilghráid ag múinteoirí
- ó scoil shóisearach, is é sin le rá, rang na naíonán go rang a dó, chuig scoil shinsearach ina dteagascfadh an múinteoir rang a trí go rang a sé
- ó scoil aon inscne chuig scoil inscne measctha
- ó scoil príomhshrutha chuig scoil speisialta
- ó scoil DEIS chuig scoil nach scoil DEIS í
- ó scoil ilteanga chuig Gaelscoil/scoil atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, nó a mhalairt

**2. Incháilitheacht**

2.1 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar Athshannachán Sealadach i gcás gurb amhlaidh, ag deireadh na scoilbhliana ina bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici, go mbeidh seirbhís leanúnach 12 mhí curtha isteach go sásúil aige/aici leis an bhfostóir reatha.

2.2 **Níl** múinteoirí atá ar phainéil ath-imlonnaithe incháilithe do pháirt a ghlacadh sa Scéim seo.

**3. Fad an Athshannacháin Shealadaigh**

3.1 Mairfidh Athshannachán Sealadach faoin Scéim seo aon scoilbhliain amháin ar a laghad agus trí scoilbhliana ar a mhéad. Beidh iarrataí ar Athshannachán

Sealadach faoi réir iarratas a dhéanamh agus ceadú a fháil gach bliain (féach Nósanna Imeachta Iarratais ag mír 4 thíos).

3.2 Féadfaidh múinteoir gabháil do shocrú amháin thar thrí scoilbhliana as a chéile (faoi réir iarratas a dhéanamh gach bliain) nó is féidir go mbeidh sé/sí ag iarraidh páirt a ghlacadh i socruithe ar leith ag eatraimh éagsúla, ar choinníoll nach nglacfaidh an múinteoir páirt iontu ar feadh níos mó ná trí scoilbhliana san iomlán le linn a g(h)airme.

3.3 Tráth a thiocfaidh an tréimhse Athshannacháin Shealadaigh chun deiridh, ní mór don mhúinteoir filleadh ar a scoil bhunaidh. A luaithe a úsáidfear an tréimhse uasta (i.e. trí scoilbhliana), ní fhéadfar dul isteach in aon Athshannachán Sealadach eile.

**4. Nósanna Imeachta Iarratais**

4.1 Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir comhghleacaí i scoil eile a shainaithint chun críocha dul isteach i socrú Athshannacháin Shealadaigh.

4.2 Ní mór do mhúinteoir atá ag iarraidh páirt a ghlacadh sa Scéim seo an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a chomhlánú agus a chur isteach chuig a f(h)ostóir a luaithe is féidir gach bliain, ach tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra roimh thús na scoilbhliana ina bhfuil an tAthshannachán Sealadach le tosú.

4.3 Agus breithniú á dhéanamh acu ar iarratais ar rannpháirtíocht sa Scéim, ní mór d'fhostóirí aird a thabhairt ar na dóigheanna a rachadh sí chun tairbhe don scoil.

4.4 Ní mór don bheirt fhostóirí an socrú Athshannacháin Shealadaigh a chomhaontú. Féadfaidh fostóir agallamh a chur ar aon mhúinteoir a bhfuil sé beartaithe aige/aici páirt a ghlacadh sa Scéim.

4.5 Ní mór don fhostóir iarratais a phróiseáil le linn mhí an Mhárta. Cuirfidh an fostóir lena mbaineann an cinneadh in iúl i scríbhinn don bheirt mhúinteoirí roimh an 1 Aibreán. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh ón bhfostóir.

4.6 Ní mór don fhostóir/do na fostóirí gach iarratas ceadaithe a chur isteach chuig an Roinn/chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna roimh an 10 Aibreán. Ní thabharfaidh an Roinn fógra i scríbhinn don fhostóir/do na fostóirí ach amháin i gcás go dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn i dtaca le hincháilitheacht iarratasóirí.

**5. Stádas le linn Athshannachán Sealadach**

5.1 Measfar gurb ionann an scoil ina bhfuil an tAthshannachán Sealadach á chur isteach ag an múinteoir (an "óstscoil") agus fostóir an mhúinteora ar feadh thréimhse an Athshannacháin Shealadaigh agus ceanglófar ar an múinteoir

Foirm Comhaontaithe a shíniú leis an bhfostóir sin. Maidir le haon iarratais ar shaoire neamhláithreachta, etc., is infheidhme sa scoilbhliain tar éis an Athshannacháin Shealadaigh, ní mór iad a dhéanamh chuig an bhfostóir bunaidh.

5.2 Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht sa Scéim seo aon difear do shinsearacht an mhúinteora ina scoil bhunaidh. Ní fhabhróidh múinteoir aon sinsearacht sa scoil chuig a bhfuil sé/sí athshannta go sealadach.

5.3 Ní thugann rannpháirtíocht sa Scéim Athshannacháin Shealadaigh aon cheart chun post buan/conradh téarma shocraithe a fháil sa scoil chuig a bhfuil an múinteoir athshannta go sealadach.

## 6. Poist Cheannaireachta agus Bhainistíochta

6.1 Aon mhúinteoir a bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici ar Athshannachán Sealadach, ní mór dó/di a p(h)ost Ceannaireachta agus Bainistíochta a ghéilleadh ar feadh thréimhse na Scéime. Beidh an post Ceannaireachta agus Bainistíochta a fholmhóidh an múinteoir faoi réir na dtéarmaí atá leagtha amach sna foilseacháin ábhartha ón Roinn.

6.2 Féadfaidh múinteoirí atá ag gabháil d'Athshannachán Sealadach iarratas a dhéanamh ar phoist Cheannaireachta agus Bhainistíochta a thiocfaidh chun cinn ina scoil bhunaidh, ach ní bheidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar phoist san óstscoil. I gcás go n-éireoidh le múinteoir post a fháil ina scoil bhunáite, ceapfar duine chuig post gníomhach Ceannaireachta agus Bainistíochta faoi réir údar a bheith ann leis an bpost go fóill agus faoi réir na bhfoilseachán ábhartha ón Roinn.

## 7. Socrú Athshannacháin Shealadaigh a Fhoirceannadh

7.1 A luaithe a chuirfear isteach chuig an Roinn/chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna é, ní fhéadfar socrú a fhoirceannadh ach amháin le comhaontú ó na páirtithe uile sa socrú. I gcás go n-éireoidh múinteoir as/go rachaidh múinteoir ar scor tar éis an socrú a dhéanamh, féadfaidh an scoil chuig a raibh an múinteoir sin athshannta go sealadach múinteoir ionaid a cheapadh i gcáil shealadach.

## Aguisín A – Foirm Iarratais ar Athshannachán Sealadach

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán gach bliain agus a chur isteach chuig an bhfostóir tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra agus sula dtosófar Athshannachán Sealadach nó sula n-iarrfar fadú ar Athshannachán Sealadach. (Ní mór do gach fostóir Foirm Iarratais ar leith a chomhlánú)**

Bliain an Iarratais

**CUID 1A - IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: __________________________ Uimhir Theagmhála:________________

Seoladh Baile: ___________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ____________________________________________________________

UPSP: _________________________________________________________________________

Ainm na Scoile: __________________________________________ Uimhir Rolla: ___________

**CUID 1B - MIONSONRAÍ FAOIN ATHSHANNACHÁN SEALADACH**

Ainm agus Seoladh na scoile ina gcuirfear an tAthshannachán Sealadach atá beartaithe isteach

__________________________________________________________________________________

Uimhir Rolla: _______________________

Ainm an Mhúinteora lena bhfuil an tAthshannachán Sealadach beartaithe

__________________________________________________________________________________

Cuspóir oideachais leis an Athshannachán Sealadach

__________________________________________________________________________________

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Athshannachán Sealadach i gcomhréir leis an Scéim Athshannacháin Shealadaigh atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ___________________________ Dáta: __________________

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a theastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta atá tugtha agat ná chun cabhrú le breithniú a dhéanamh ar d'iarratas ar an athshannachán sealadach seo. Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha a mhalartú leis an scoil chuig a bhfuil tú ag iarraidh athshannachán sealadach. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

**CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR**

Deimhním gur cheadaigh mé an t-iarratas ar Athshannachán Sealadach/gur dhiúltaigh mé don iarratas ar Athshannachán Sealadach (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Athshannacháin Shealadaigh do Bhunscoileanna atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Athshannachán Sealadach ☐

2) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Seoladh Foirm Iarratais Cheadaithe ar Athshannachán Sealadach chuig an Roinn ☐

Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir (Óstscoil))

Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir sa scoil eile)

Ainm na Scoile: ___________________________ Uimhir Rolla: _______________

Ba cheart d'fhostóirí an Fhoirm Iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:
**An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta**
**An tAonad um Riarachán Saoire**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Corr na Madadh**
**Baile Átha Luain**
**Co. na hIarmhí N37 X659, nó chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, de réir mar is cuí.**

## CAIBIDIL 10 – SAOIRE BHLIANTÚIL REACHTÚIL/LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ REACHTÚLA

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. Saoire Bhliantúil Reachtúil/Laethanta Saoire Poiblí Reachtúla**

1.1 Rialáiltear an teidlíocht i leith Saoire Bhliantúil Reachtúil agus Laethanta Saoire Poiblí Reachtúla leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú). Tríd is tríd, tá fostaithe lánaimseartha i dteideal Saoire Bhliantúil 20 lá ar a laghad a thógáil i ngach bliain saoire.

1.2 Maidir le fostaithe a oibríonn níos lú ná uaireanta lánaimseartha, tá siad i dteideal Saoire Bhliantúil ar bhonn pro rata.

1.3 Faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú), tá múinteoir atá ar Shos Gairme i dteideal Laethanta Saoire Poiblí a thiteann sa chéad 13 seachtaine den tsaoire.

1.4 Faoin Acht um Shaoire Cúramóra, 2001, tá múinteoir atá ar Shaoire Cúramóra i dteideal Saoire Bhliantúil agus Laethanta Saoire Poiblí a thiteann sa chéad 13 seachtaine den tsaoire.

1.5 Tabharfar Saoire Bhliantúil bhreise in ionad Laethanta Saoire Poiblí a thiteann le linn don mhúinteoir bheith as láthair ar aon cheann de na cineálacha saoire seo a leanas:

a) Saoire Bhreoiteachta
b) Saoire Mháithreachais
c) Saoire Uchtaíoch
d) Saoire do Thuismitheoirí
e) Sos Gairme
f) Postroinnt
g) Saoire Cúramóra
h) Saoire Atharthachta
i) Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe

1.6 Ba cheart teidlíochtaí Saoire Bliantúla a thógáil ar laethanta dúnta scoile atá ann cheana a thiteann le linn na bliana saoire lena mbaineann. I gcás go mbeidh múinteoir ag baint leas as cineál eile saoire lasmuigh de laethanta dúnta scoile nó gur bhain sé/sí leas as cineál eile saoire lasmuigh de laethanta dúnta scoile (e.g. Saoire Bhreoiteachta/Saoire Mháithreachais),

ba cheart an tSaoire Bhliantúil a thógáil roimh an tsaoire lena mbaineann nó ina diaidh.

1.7 I gcás nach mbeidh go leor laethanta dúnta scoile ann sa bhliain saoire chun na teidlíochtaí Saoire Bliantúla uile a ionsú, is ceadmhach na laethanta riachtanacha a thógáil:

a) díreach roimh Shaoire Mháithreachais, roimh Shaoire Uchtaíoch, roimh Shaoire Atharthachta agus roimh Shaoire do Thuismitheoirí, agus
b) díreach tar éis Saoire Bhreoiteachta agus tar éis Saoire Neamhláithreachta tar éis Ionsaithe

Féadfaidh múinteoirí an tsaoire atá fágtha acu a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain saoire ina dhiaidh sin freisin, ach ní mór dóibh an tsaoire sin a thógáil le linn laethanta dúnta scoile.

1.8 Aon mhúinteoir a éireoidh as/a rachaidh ar scor nó a scoirfear dá f(h)ostaíocht, is féidir go mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht bhreise a fháil in ionad na Saoire atá fabhraithe aige/aici.

## 2. Saoire Bhliantúil a Fhabhrú le linn Saoire Bhreoiteachta a thógáil

2.1 Tá feidhm ag an méid seo a leanas de réir alt 19 den Acht um Eagrú Ama Oibre, arna leasú le halt 86(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015:

a) Leanfar le teidlíocht i leith Saoire Bhliantúil Reachtúil a fhabhrú le linn tréimhse Saoire Breoiteachta deimhnithe.

b) Ní mór aon Saoire Bhliantúil Reachtúil a fhabhrófar le linn tréimhse Saoire Breoiteachta deimhnithe a thógáil laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana saoire bliantúla inar fabhraíodh an tsaoire.

c) De réir mhír 1.6, ní mór Saoire Bhliantúil fhabhraithe den sórt sin a thógáil le linn laethanta dúnta scoile atá ann cheana, nuair a bhíonn siad ar fáil.

d) I gcás nach mbeidh múinteoir in ann a S(h)aoire Bhliantúil a thógáil ag an am cuí de bharr Saoire Bhreoiteachta a thógáil agus toisc nach mbeidh dóthain laethanta dúnta scoile ar fáil chun an tsaoire sin a ionsú, agus i gcás go bhfoirceannfaidh an múinteoir a f(h)ostaíocht/go mbainfidh sé/sí deireadh a c(h)onartha amach/go rachaidh sé/sí ar scor laistigh de 15 mhí ón mbliain saoire lena mbaineann, is féidir go mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht a fháil in ionad na saoire sin, ar choinníoll nach

mbogfaidh sé/sí isteach go díreach i bpost eile a chistíonn an tOireachtas sa Stát seo.

e) Tá samplaí de Shaoire Bhliantúil a fhabhrú faoi iamh in Aguisín A.

## Aguisín A – Ríomhanna Samplacha maidir le Saoire Bhliantúil a Fhabhrú

**Sampla 1:**
Bhí Seosamh ar Shaoire Bhreoiteachta ón 01/09/2017 go dtí an 31/08/2018.
An tSaoire Bhliantúil a fabhraíodh: 20 lá.
Bhí an tsaoire sin le tógáil roimh an 30/11/2019.
D'fhill Seosamh ar an obair an 01/09/2018.
Chuaigh Seosamh ar scor an 31/08/2019.
Ionsúdh an tSaoire Bhliantúil fhabhraithe i laethanta dúnta scoile le linn na scoilbhliana 2018/19. Mar sin, níl sé i dteideal íocaíocht a fháil in ionad na saoire sin.

**Sampla 2:**
Bhí Máire ar Shaoire Bhreoiteachta ón 01/09/2017 go dtí an 31/08/2018.
An tSaoire Bhliantúil a fabhraíodh: 20 lá.
Bhí an tsaoire sin le tógáil roimh an 30/11/2019.
Chuaigh Máire ar scor an 31/08/2018.
Toisc go raibh Máire as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta sa scoilbhliain 2017/18, ní raibh aon deis aici an tsaoire a thógáil agus ní raibh aon laethanta dúnta scoile ar fáil di lena linn.
Féadfar íocaíocht a dheonú in ionad na saoire fabhraithe.

**Sampla 3:**
Bhí Sorcha ar Shaoire Bhreoiteachta ón 01/09/2015 go dtí an 31/08/2018.
Fabhraíodh an tSaoire Bhliantúil seo a leanas:
An bhliain saoire 2015/16: Bhí 20 lá le tógáil roimh an 30/11/2017.
An bhliain saoire 2016/17: Bhí 20 lá le tógáil roimh an 30/11/2018.
An bhliain saoire 2017/18: Bhí 20 lá le tógáil roimh an 30/11/2019.
Chuaigh Sorcha ar scor an 31/08/2018.
2015/16: Ní raibh aon deis ag Sorcha Saoire Bhliantúil a thógáil toisc go raibh sí as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta. Níl sí i dteideal na saoire a thuilleadh toisc go ndeachaigh an teorainn ama thart.
2016/17 agus 2017/18: Fabhraíodh Saoire Bhliantúil 40 lá. Ní raibh aon deis ag Sorcha saoire a thógáil agus ní raibh aon laethanta dúnta scoile ar fáil di. Mar sin, féadfar íocaíocht a dheonú in ionad na saoire fabhraithe.

# CAIBIDIL 11 – SAOIRE NEAMHÍOCTHA

(Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis na rannáin Forálacha Ginearálta do na Scéimeanna Uile agus Sainmhínithe)

**1. Saoire Neamhíoctha**

1.1 Féadfar Saoire Neamhíoctha a dheonú in imthosca eisceachtúla i gcás gur deimhin leis an bhfostóir go bhfuil oibleagáid láidir ann chun a bheith as láthair ó dhualgais.

1.2 Is é 10 lá scoile an líon uasta laethanta a fhéadfar a thógáil mar Shaoire Neamhíoctha in aon scoilbhliain amháin. Íocfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna as cumhdach ionaid i dtaca le laethanta den sórt sin.

1.3 Níor cheart neamhláithreachtaí Saoire Neamhíoctha a bheith de chineál athfhillteach.

1.4 Níor cheart Saoire Neamhíoctha a úsáid in ionad cineálacha eile saoire.

**2. Nósanna Imeachta Iarratais**

2.1 Ba cheart iarratais ar Shaoire Neamhíoctha a dhéanamh chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais in Aguisín A.

2.2 Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir faoin gcinneadh uaidh an t-iarratas ar shaoire a cheadú/diúltú don iarratas ar shaoire. I gcás go ndiúltófar d'iarratas, ní mór don fhostóir na forais leis an diúltú a chur ar áireamh sa chinneadh uaidh.

**3. Stádas le linn Saoire Neamhíoctha**

3.1 Déanfar neamhláithreacht Saoire Neamhíoctha ar feadh cuid ar bith de lá scoile a thaifeadadh mar neamhláithreacht lae iomláin.

3.2 Meastar múinteoir atá ar Shaoire Neamhíoctha, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin, seachas chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais.

**4 Fostaíocht le linn Saoire Neamhíoctha a Thógáil**

4.1 Ní fhéadfaidh múinteoir atá as láthair ar Shaoire Neamhíoctha gabháil d'aon chineál teagaisc nó aon fhostaíocht íoctha eile.

## Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Neamhíoctha

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe.**

**CUID 1 – IARRATAS AN MHÚINTEORA**

Ainm an Mhúinteora: ______________________ Uimhir Theagmhála: ________________

Seoladh Baile: ______________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: _______________________________________________________

UPSP: _____________________________________________________________________

Ainm na Scoile: ____________________________Uimhir Rolla: ______________________

An Chúis leis an tSaoire Neamhíoctha: ___________________________________________

Dáta tosaithe beartaithe: __________ Dáta deiridh beartaithe: _______________________

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Neamhíoctha i gcomhréir leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an Mhúinteora: ________________________________ Dáta: _________________

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Neamhíoctha a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

## CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR

Deimhním gur cheadaigh mé an tSaoire Neamhíoctha/gur dhiúltaigh mé don tSaoire Neamhíoctha (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 0054/2019 dar teideal *'Scéimeanna Saoire do Mhúinteoirí Cláraithe atá Fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Shaoire Neamhíoctha ☐
2) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh an tSaoire Neamhíoctha Cheadaithe ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba cheart í a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***